



2017

Tuarascáil Bhliantúil

Arna cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, de bhun Alt 14 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

An Coimisinéir
Cosanta Sonraí



Data Protection
Commissioner



Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) an t-údarás náisiúnta neamhspleách atá freagrach as ceart bunúsach AE an duine aonair a choinneáil chun go gcosnaítear a shonraí pearsanta.

Clár na nÁbhar

Réamhrá	4
Ról agus Freagrachtaí Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann	10
Athbhreithniú Achomair ar 2017	13
Teagmhálaithe, Fiosruithe agus Gearáin	16
Imscrúduithe Speisialta	20
Fógraí um Shárú ar Shonraí	24
Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus an Teicneolaíocht	26
Comhairliúchán	31
Iniúchtaí Cosanta Sonraí	35
Cúrsaí Dlí	41
Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha	44
Clár Inmheánach an Choimisinéara Cosanta Sonraí (CCS) um Ullmhacht don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)	45
Feasacht agus For-rochtain maidir leis an RGCS	46
An tAontas Eorpach agus go hIdirnáisiúnta	48
Clárú	50
Gnóthaí Corparáideacha	51

FOSCRÍBHINNÍ

(I) Liosta na nEagraíochtaí ar a ndearnadh Iniúchadh nó Cigireacht in 2017	54
(II) Cás-Staidéir	56
(III) Cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) um chosaint sonraí	69
(IV) Cairt Eagraíochta	72
(V) Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha	73
(VI) Tuarascáil Fuinnimh	75
(VII) Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2017	75

Réamhrá



Ms. Helen Dixon
An Coimisinéir Cosanta Sonraí



Ba é 2017 an bhliain a tháinig acrainm sách ciotach chun cinn mar ábhar coitianta comhrá i saol an ghnó agus an rialtais, agus i saol laethúil an duine féin, acrainm a mheas mórán nár bhain ach le cúram a rannóg dlí agus TF. Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) beagnach buailte linn, agus fiú amháin dóibh siúd a thuig na himpleachtaí a bhain leis go luath amach, ní haon ionadh gur bhliain mhór í 2017 inar tharla dian-fhuadar ar bhonn domhanda agus náisiúnta araon ó thaobh cosaint sonraí de.

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (CCS na hÉireann) le haghaidh 2017 a chur i láthair, a léiríonn go sonrach ár gcuid oibre i rith na bliana agus na tosaíochtaí atá againn do na blianta amach romhainn. Is í seo an ceathrú tuarascáil a raibh sé de phribhléid agam a chur i láthair mar Choimisinéir. Fiú amháin sa tréimhse measartha gearr sin, tá méadú as cuimse tagtha ar an tábhacht a bhaineann lenár gcuid sonraí pearsanta, agus thairis sin is mó an tuiscint atá againn ar a bhfuil i gceist lenár sonraí pearsanta a bheith á mbailiú, á gcoinneáil, á n-úsáid agus á n-aistriú ag gníomhairí iomadúla sofheicthe agus dofheicthe.

Cé go raibh béim mhór ar ullmhacht RGCS le linn mhór chuid na bliana, bhí CCS na hÉireann an-ghnóthach freisin ó thaobh dlíthíochta de mar rannpháirtí i roinnt imeachtaí ar tugadh ceisteanna tábhachtacha i leith léirmhíniú ar chosaint sonraí os comhair Chúirteanna na hÉireann lena gcinneadh. Ar leibhéal idirnáisiúnta, rinne an Coimisiún Eorpach an chéad athbhreithniú ar an Sciath Príobháideachais (comharba an chreata *Safe Harbour* chun aistriú AE go SAM a réachtáil), athbhreithniú ina raibh an Mheitheal oibre ar Airteagal 29 rannpháirteach. Lena linn seo, sna Stáit Aontaithe ghlac an Chúirt Uachtarach go n-éistfí achomharc Roinn Dlí na Stát Aontaithe maidir lena n-iarrachtaí sonraí a fháil, faoi bharántas cúirte na Stát Aontaithe faoin Acht Cumarsáide Stóráilte 1986, ar sonraí iad arna gcoinneáil ag Microsoft ar fhreastalaí in Éirinn. Tá na himeachtaí móra idirnáisiúnta seo um chosaint sonraí ina saintréithe

ar an tábhacht méadaithe a bhaineann le cosaint sonraí agus príobháideachtas mar chearta bunúsacha an duine, agus tá 120 tír anois tar éis glacadh le dlíthe cosanta sonraí, méadú ón 109 tír in 2015.¹ Agus tá nádúr na cosanta sonraí mar cheart bunúsach na nEorpach arna threisiú ag an gcosaint fheabhsaithe do dhaoine aonair faoin RGCS agus ag na hoibleagáidí méadaithe comhchémneacha ar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí. Is mór an difear atá idir a bheith chomhlíontach faoin RGCS agus gníomh ticeála bosca: ceadóidh sé do dhaoine aonair smacht níos mó a bheith acu sa deireadh thiar thall ar bhailiú agus ar phróiseáil a gcuid sonraí trí dhlíchóras AE úrnua, nua-aimseartha agus comhoiriúnaithe um chosaint sonraí.

Leanadh le fás an CCS

Ba é 2017 an bhliain ar cuireadh dlús leis an CCS mar údarás cosanta sonraí. Mar gheall ar an mbuiséad méadaithe do 2017 (€7.5m), bhí sé ar ár gcumas earcaíocht fhorleathan a dhéanamh, agus foireann láidir earcaithe nua a bhfuil réimse éagsúil scileanna cuí acu a chur leis an bhfoireann, le go mbeadh 85 duine againn ag deireadh 2017. Is é fírinne an scéil go bhfuil CCS na hÉireann anois sna leibhéil is airde sna húdarás náisiúnta cosanta sonraí is mó acmhainní san AE 28. Roghnaíodh na hearcaithe nua seo trí fheachtais dhíríthe earcaíochta chun taithí agus scileanna an-sainiúil a aimsiú i réimse an dlí agus sna réimsí teicniúla. Is maith an gealltanas breise ón Rialtas é an buiséad méadaithe do 2018 (€11.7m) ó thaobh tábhacht córais láidir cosanta sonraí trí láidriú leantach CCS na hÉireann, agus ligfidh sé dúinn 55 ball foirne breise a earcú in 2018. Ba le linn 2017 chomh maith a reáchtáil CCS na hÉireann den chéad uair clár iomaíocht intéirneachta samhraidh d'fhochéimithe dlí, agus d'éirigh thar cionn leis. Ba mhór an tsuim a léiríodh sa chlár intéirneachta, agus roghnaíodh triúr intéirneach den chéad scoth ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Scoil Eacnamaíochta Londan. D'oibrigh siad linn thar thréimhse dhá mhí agus d'fhoghlaim siad agus muid go leor óna chéile.

Chun RGCS a fheidhmiú, teastaíonn athruithe ollmhóra ó gnólachtaí agus eagraíochtaí agus ní haon eisceacht é údarás maoirseachta. Go han-luath, ghlac CCS na hÉireann le cur chuige córasach bunaithe ar bhainistíocht tionscadail chun ullmhú le haghaidh

mhí na Bealtaine 2018. Is éard a bhí i gceist leis seo ná mapáil a dhéanamh ar ár gcur chuige reatha in aghaidh an chur chuige amach anseo a theastaíonn faoin RGCS, na hathruithe don suíomh idirlín agus don chóras cásbhainistíochta a aithint agus a chur chun feidhme, agus treoirphlean a dhearadh a ligfidh dúinn an eagraíocht a athstruchtúrú, a mhéadú agus athoiliúint a chur ar na baill foirne. Agus é tugtha le chéile in am trátha leis an Acht um Chosaint Sonraí, rud a thabharfaidh éifeacht bhreise don RGCS in Éirinn, beidh CCS na hÉireann i suíomh láidir chun maoirseacht a dhéanamh go docht agus go cothrom agus ag an am céanna uasmhéadú a dhéanamh ar na torthaí do na daoine is ábhar do na sonraí faoin RGCS.

Ag cabhrú le heagraíochtaí ullmhú don RGCS

Tá an RGCS dírithe ar chuntasacht a éileamh ó eagraíochtaí maidir leis an gcaoi a mbaillíonn agus a bpróiseálann siad sonraí pearsanta. Baintear amach na torthaí is fearr do dhaoine is ábhar do shonraí nuair a chomhlíonann gach cineál eagraíochta a n-oibleagáidí le bheith cóir agus trédhearcach. Ónár dtaithe féin mar údarás cosanta sonraí, is beag eagraíocht a easaontaíonn le prionsabail bhunúsacha na reachtaíochta cosanta sonraí. I mbeagán focal, tá ciall leo ó thaobh an ghnó de agus ó thaobh idirchaidreamh le tomhaltóirí. Tá acmhainní an-suntasacha arna dtiomnú againn in 2017 ar mhaithe le feachtas a mhúscailt i leith RGCS a chur chun cinn ionas go mbeidh eagraíochtaí spreagtha agus lánfhuinneamh chun na hathruithe a theastaíonn dá ngnó a dhéanamh. Creidimid go láidir gur chóir dóibh féachaint ar RGCS mar dheis seachas mar dhúshlán, agus go gcúiteoidh an margadh seirbhísí na n-eagraíochtaí a fhéadann fiorthiomantas don chosaint sonraí a léiriú.

Chruthaigh CSS na hÉireann “Data Protection Dave” (le feiceáil ar leathanach 46 den tuarascáil seo) in 2017, ag ligean dúinn prionsabail an príobháideachais agus na cosanta sonraí a chur i láthair trí mheán simplí agus sothuigte. Go deimhin, tá roinnt duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite ag na físeáin a chruthaíomar le 12 mhí anuas agus breathnaíodh orthu os cionn 1.4 milliún uair.²

² Gradam Físí Idirlín de chuid Chomhlachas Idirlín na hÉireann (an buaiteoir), na chéad Ghradam Dhomhanda um Príobháideachtas agus um Chosaint Sonraí de chuid na Comhdhála Idirnáisiúnta um Chosaint Sonraí agus Príobháideachtas

¹ Greenleaf, 2017

Bhí an tábhacht chéanna i gcónaí le gníomhú pearsanta i rith 2017 agus labhair baill foirne ó CCS na hÉireann ag líon níos mó ná riamh de chomhdhála, ceardlanna, taispeántais taistil RGCS agus ag comhráite comhstádaís (os cionn 250 díobh) thar an mbliain uile, in Éirinn agus thar lear araon. Ba bhuaicphointe ar leith iad na heochairchainteanna agus cur i láthair a rinne baill foirne CCS na hÉireann ag an iliomad painéal agus ceardlann ag an gcéad cruinniú mullaigh um chosaint sonraí, an Data Summit, ag an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2017. Cuireadh an iliomad agallamh raidió, teilifíse agus meán clóite ar CCS na hÉireann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Mar is gnáth, d'fhreagair CCS na hÉireann go tapa agus ab fhéidir do mhéid an-mhór fiosruithe ó na meáin chumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta ag réimse fíorleathan ceisteanna, i bhfianaise an chládaigh fhorleathan agus an bhéim shíormhéadaithe ag an bpobal agus na meáin chumarsáide ar chosaint sonraí agus ar imní faoi phríobháideachtas.

Ar an 25 Bealtaine, 2017 – bliain go baileach roimh an RGCS – d'fhoilsigh CCS na hÉireann torthaí ó shuirbhé fairsing feasachta a coimisiúnaíodh i leith ullmhacht RGCS i measc FBManna agus micrifhiontar go náisiúnta. Bhaineamar úsáid as na torthaí seo chun ár n-iarraichtaí eolais a dhíriú san áit ar theastaigh siad, ach chomh maith leis sin, mar ardán chun tuilleadh feasachta ginearálta faoin RGCS a bhrú chun cinn. Thugamar tosaíocht d'fhoilsiú an ábhair d'eagraíochtaí in 2017 a chabhraíonn leo na céimeanna is gá dóibh a thógáil a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear treoir 12 chéim maidir le hullmhú don RGCS agus treoir thiomnaithe do FBManna, iad uile foilsithe ar ár micreashuíomh nua tiomnaithe: www.GDPRandYou.ie.

Ba ghné leanúnach d'obair 2017 iad na cruinnithe aghaidh ar aghaidh le réimse leathan eagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha i dtaca leis an gcaoi a bhfuil reachtaíocht cosanta sonraí á feidhmiú acu, agus go háirithe i dtaca lena n-ullmhúcháin le bheith comhlíontach le RGCS, agus reachtáladh os cionn 200 comhairliúcháin. Go háirithe, rinne na heintitis níos mó, a bhfuil maoirsiú á dhéanamh ag CCS na hÉireann orthu, an-chuid cumarsáide linn i rith na bliana seo caite. Maidir le comhlachtaí idirlín agus meán cumarsáide, is é an tosaíocht atá againn ná cinntiú go bhfuil bunús dlíthiúil ag na comhlachtaí seo le haghaidh bailiú sonraí agus go bhfuil siad go hiomlán trédhearcach d'úsáideoirí ionas gur féidir leo an tsamhail ghnó agus impleachtaí na “seirbhísí in aisce” seo a thuiscint, chomh maith le tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéantar airgead a shaothrú agus úsáid a bhaint as a gcuid sonraí pearsanta. Ar an gcaoi chéanna, ba phríomhréimse fócais i leith Bhealtaine 2018 é caighdeán níos airde cosanta a bhrú chun cinn

le haghaidh leanaí agus iad ag úsáid comhlachtaí idirlín agus meán cumarsáide. I gcás *Facebook* agus *WhatsApp*, rinne CCS na hÉireann maoirsiú ar Cheisteanna Coitianta i bhfad níos soiléire a seachadadh d'úsáideoirí seirbhíse ina mínítear go soiléir an chaoi agus na cásanna ina dtarlódh sonraí a roinnt idir na heintitis seo atá anois cumaiscthe. Chomh maith leis sin, chloígh CCS na hÉireann lena sheasmhacht nach roinnfí sonraí AE *WhatsApp* le *Facebook Ireland* chun fógraí a chur ar fáil ná chun críocha feabhsú táirge, ach amháin go dtí go bhfuil CCS na hÉireann sásta go bhfuil bunús dlíthiúil lena leithéid a dhéanamh.

Comhar Idirnáisiúnta agus AE

Is amhlaidh go neartóidh RGCS an tábhacht le comhoibriú rialála thar theorainneacha, agus bhí ról gníomhach ag CCS na hÉireann i ngníomhú lenár bpiaraí agus geallsealbhóirí idirnáisiúnta agus AE a neartú agus a láidriú in 2017. Ag leibhéal údaráis cosanta sonraí AE, ghlac CCS na hÉireann páirt i ngach foghrúpa de Mheitheal Alt 29 (ina bhfuil gach údarás cosanta sonraí san AE). D'fheidhmigh CCS na hÉireann i ról *rapporteur* i réimsí rithabhachtacha amhail treoir chomhoiriúnaithe a chur le chéile do gheallsealbhóirí. Thug CCS na hÉireann tosaíocht chomh maith do rannpháirtíocht ar phainéil agus imeachtaí idirnáisiúnta i dteannta údaráis eile cosanta sonraí d'fhonn comhthuiscint agus comhoibriú níos fearr a bhrú chun cinn, agus d'fhreastail ar imeachtaí lena n-áirítear IAPP Washington, Comhdháil Eorpach Earraigh na nÚdarás Cosanta Sonraí sa Chipir, an chomhdháil Dílthe Príobháideachais agus Gnó in Cambridge, agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Príobháideachais agus Cosanta Sonraí i Hong Cong. Labhair CCS na hÉireann i dteannta Oifig Coimisinéara Faisnéise na Ríochta Aontaithe ag comhdháil a reachtáil Ollscoil Londen maidir le *Leanaí agus Cearta Digiteacha*, agus chuir béim ar na cosantaí méadaithe atá ann do leanaí faoi RGCS. Chomh maith leis sin, ghlac CCS na hÉireann le cuireadh ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun dul i mbun cumarsáide lena fhoireann i gcainteanna comhstádaís um ullmhacht RGCS i mí na Nollag i dteannta an Choimisinéara ó Schleswig-Holstein sa Ghearmáin agus ionadaí ó údarás cosanta sonraí Hamburg. Creideann CCS na hÉireann go láidir dá mhéad a chuireann údaráis cosanta sonraí san AE agus níos faide i gcéin aithne ar a chéile agus tuiscint a fháil ar a chéile agus ar a modhanna, is ea is éifeachtaí an iontaoibh a bheidh acu as a chéile agus an comhoibriú a dhéanann siad lena chéile chun sochair gach duine is ábhar do shonraí.

Mar a bhí i gceist i mblianta roimhe, rinne CCS na hÉireann teagmháil lenár gcomhghleacaithe ar fud an domhain sa Líonra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais (LDFP) chun “cuardach” a dhéanamh ar shuíomh agus feidhmchláir áirithe shonraithe chun comhlíontacht a scrúdú. An bhéim a bhí ann i

(ICDPPC) - catagóir oideachais agus abhcóideachta (an dara háit) agus ainmnithe le haghaidh Dámhachtainí Damháin Alla.



Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) Helen Dixon, ag caint leis an Data Summit Baile Átha Cliath 2017.

mbliana ná ar shoiléire agus ar thrédhearcacht fógraí príobháideachais ag réimse leathan gnólachtaí. Ag eascairt as an obair seo, d'eisigh CCS na hÉireann treoir mhionsonraithe maidir le hadmhálacha leictreonacha a bheith á n-eisiúint ag miondóltóirí agus na rialacha is gá dóibh a chomhlíonadh nuair atá seoltaí ríomhphoist lucht siopadóireachta á mbailiú chun na críocha seo, más fíor.

Mar gheall ar an gcomhoibriú faoin Meabhrán Comhthuisceana a shínigh CCS na hÉireann le roinnt údarás neamh-AE, cuireadh ar fáil arís deiseanna úsáideacha chun cur chuigí agus eolas a roinnt faoi chuid de na sárúithe domhanda a ndearnamar imscrúdú orthu anuraidh.

Dlíthíocht agus Ionchúisimh

Ní achoimre iomlán a bheadh ann ar obair CCS na hÉireann in 2017 mura ndéanfaí tagairt do na himeachtaí *Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland agus Maximilian Schrems* a thionscain CCS na hÉireann in Ard-Chúirt na hÉireann i mí na Bealtaine 2016 i dtaca le bailíocht sonraí pearsanta a aistriú ón AE chuig na Stáit Aontaithe trí mheicníocht dlí a mbaintear úsáid choitianta as ar a dtugtar Clásail Chaighdeánacha Chonarhacha. Mhair bunús éisteachta na n-imeachtaí seo (ar cheangal an Chúirt 4 pháirtí bhreise mar chairde (“cairde na Cúirte”), rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá san áireamh) ar feadh beagnach 6 seachtaine thar mhí Feabhra agus Márta 2017 agus cuireadh roinnt mhaith ceisteanna casta faoi dhlí an AE agus na Stát Aontaithe faoi bhráid na Cúirte. Má bhí aon amhras ann faoin luas atá faoi réimse dlí amhail cosaint sonraí agus príobháideachais, léiríodh é trí na nuashonrúcháin bhreise dlí agus fíricí a chuir páirtithe éagsúla os comhair

na hArd-Chúirte ar sé ócáid bhreise tar éis dheireadh na trialach idir Márta agus Deireadh Fómhair. Faoin mbreith a thug an Breitheamh Onórach Caroline Costello ar 3 Deireadh Fómhair, ceadaíodh iarratas CCS na hÉireann le haghaidh atreorú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ag lorg breithe i leith bhailíocht na gClásail Caighdeánach Conarthach. Déanfar an t-atreorú sin le linn 2018 nuair a bheidh na ceisteanna sonracha atá le hatreorú chun an CBAE tugtha chun críche ag an Ard-Chúirt. Creidimid go gcabhróidh an cinneadh i leith na n-ábhar seo le gach geallsealbhóir lena dtuiscint ar an riachtanas faoi dhlí cosanta sonraí an AE go léireofaí cosaint leordhóthanach sa chríocha a bhfuiltear ag iarraidh sonraí pearsanta na ndaoine AE a aistriú chuige, agus go soiléireoidh sé na tástálacha cuí le comparáid a dhéanamh idir córas cosanta sonraí an AE agus córas dlínsí eile.

Maidir leis an dlíthíocht, seoladh bunachar breitheanna ar shuíomh an CCS ag deireadh 2016 agus dá bhrí sin tá sé anois níos éasca teacht ar an dlíthíocht agus breitheanna cuí i gcásanna a raibh an CCS páirteach iontu. Chomh maith leis an mbreith a fhoilsíú sa dlíthíocht a bhfuil cur síos uirthi thuas i dtaca le Clásail Chaighdeánacha Conarthach, tá roinnt ráiteas míniúcháin foilsithe ag CCS na hÉireann chomh maith leis na tras-scríbhinní ó thríail na n-imeachtaí seo agus an fhianaise a cuireadh isteach ar son CCS na hÉireann.

In 2017, d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a rialú sa chás **Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí** de bhun atreoraithe ó Chúirt Uachtarach na hÉireann, i gcás a bhain le hiarratas ar rochtain ar leabhrán scrúdaithe a rinneadh i scrúdú gairmiúil cuntasafóichta agus leabhar á úsáid ann. Chinn an CBAE gur sonraí pearsanta an leabhrán scrúdaithe sa chás seo, agus is amhlaidh a bheadh sé i gcás aon tagairtí de chuid an

scrúdaitheora sa leabhrán. Is cinnte gur cás é cás Nowak a thionscnaíonn i gcónaí an díospóireacht faoin “scóip dhothomhaiste”, de réir mar atá curtha síos ag duine léann amháin, a bhaineann le rialú cosanta sonraí.

Thug an CCS go rathúil faoi roinnt ionchúiseamh in 2017 i gcásanna a bhain le margaíocht dhíreach gan iarraidh agus arís i dtaca le próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta ag Bleachtairí Príobháideacha. Tá na sonraí leagtha amach ar leathanach 65.

Príomh-imscrúduithe

Chuir CCS na hÉireann tús le roinnt príomh-imscrúduithe in 2017, lena n-áirítear ceann ar chomhaid pháipéarbhunaithe sláinte othar a láimhseáil in áiteanna poiblí in ospidéal agus foilseofar na príomhchinntí ón imscrúdú seo go luath in 2018. Cuireadh tús le himscrúdú ar rialachas sonraí pearsanta i gcomhaid chásbhainistíochta ag TUSLA i samhradh 2017 agus tá na príomhthorthaí agus moltaí leagtha amach ar leathanach 23 den Tuarascáil sin. Rinneadh obair ghníomhach ar imscrúdú dian ar acmhainní maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí (CSP) d’fhonn é a chríochnú sa dara ráithe de 2018.

Leanadh in 2017 leis an ardú seasmhach i líon cásanna an CCS le blianta beaga anuas agus rinneadh níos mó gearán ná riamh a thíolacadh agus a láimhseáil (2,642). Eisíodh 34 cinneadh faoi Alt 10 agus tá roinnt cásanna léiritheacha leagtha amach i rannán na gcás-staidéar den tuarascáil bhliantúil seo i bhFoscscríbhinn II. An téama is mó fós ná gearáin faoi iarratais rochtana. Réitíodh tromlach na ngearán ar bhealach cairdiúil idir na páirtithe nuair a rinne an CCS idirghabháil ar son duine is ábhar do shonraí. Mar a bhíonn i gceist gach bliain, bhí cásanna ann a láimhseáil CCS na hÉireann ina raibh na daoine is ábhar do shonraí fós míshásta leis an toradh, fiú i gcásanna a sheas CCS na hÉireann leis an ngearán bainteach. Baineann tromlach na gcásanna seo le fadhbanna a tháinig aníos mar thoradh ar an gcliseadh airgeadais. Is cosúil i roinnt cásanna nach féidir réiteach a fháil chun sástachta na ndaoine is ábhar do shonraí ar chásanna lena mbaineann leabhair iasachta a aistriú chuig iasachtóirí agus glacadóirí nua nuair a bhíonn úinéirí cíos chun ceannaigh i gceist, toisc go mbaineann a mbunghearán leis an idirbheart bunúsach féin nó le gníomhartha an iasachtóra, seachas ceisteanna cosanta sonraí *per se*. Cé go bhfuil sé dosheachanta go n-aistrítear agus go bpróiseálar sonraí pearsanta faoi na cúinsí seo, foráiltear dó seo ar bhealach ginearálta sna téarmaí bunaidh a shínigh an t-iasachtóir. I gcuid mhór de na cásanna seo, ní féidir leis an dlí cosanta sonraí na ceisteanna idir lámha a réiteach, ná ní féidir é a úsáid chun cosc a chur ar idirbhearta tráchtála a bheadh dlísteanaigh murach sin, agus a raibh foráil shoiléir ann dóibh i dtéarmaí agus coinníollacha an chaidrimh chonarthaigh idir na páirtithe.

Rinneadh láimhseáil ar níos mó fógraí um shárú sonraí ná riamh (2,973) le linn 2017 agus ba ón earnáil seirbhísí airgeadais a tháinig an tromlach. Mar a thagraíomar roimhe seo, beidh pictiúr níos iomláine againn an t-am seo an bhliain seo chugainn mar gheall ar an riachtanas **éigeantach** faoin RGCS chun sáruithe sonraí a thuiriscíú ó 25 Bealtaine 2018. Tá imscrúdú casta CCS na hÉireann ar an sárú ollmhór ar shonraí a tharla do *Yahoo!* (*Oath* anois) ag teacht chun críche. Baineann gné lárnach den imscrúdú sin leis an méid a chomhlíon an rialaitheoir *EMEA* (*Yahoo!* *EMEA* i mBaile Átha Cliath) lena dhualgais le cinntiú go raibh an phróiseáil a rinne a phróiseálaí, *Yahoo! Inc.* ar shonraí pearsanta úsáideoirí AE, slán a dhóthain ó thaobh bearta teicniúla agus eagraíochta chun na sonraí a chosaint.

Ní mór an chibearshlándáil a bheith ina príomhthosaíocht anois do gach eagraíocht chun ‘ionracas agus rúndacht’ a choinneáil – go háirithe ós rud go bhfuil sé seo i measc an dá phrionsabail ghinearálta um chosaint sonraí atá á dtabhairt isteach ag RGCS agus is ina aghaidh seo a fheidhmeofar an leibhéal níos airde fineálacha faoi RGCS.

Rannchuidiú le Coistí an Oireachtais

Lean CCS na hÉireann lena ról tábhachtach chun soiléire a sholáthar i dtaobh riachtanas cosanta sonraí trí theacht i láthair ag roinnt coistí Oireachtais (parlaiminte) atá i mbun scrúduithe réamhrechtacha. Tháinig an CCS os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus os comhair an Taoisigh sa scrúdú réamhrechtach a rinne siad ar an mBille um Roinnt agus Rialú Sonraí i mí na Bealtaine 2017 agus thug rabhadh nach féidir sárú a dhéanamh ar an bprionsabal riachtanach i leith gan a thuilleadh úsáid a bhaint as sonraí ná mar is gá, go simplí trí Bhille faoina gceadaítear do chomhlachtaí poiblí sonraí a roinnt lena chéile. Chomh maith leis sin, agus CCS na hÉireann os comhair an Choiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, a rinne réamhscrúdú reachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí i mí Iúil, d’ardaigh an CCS údair imní faoi mholtaí chun na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 a choinneáil faoi gcreat RGCS agus faoin gcinneadh gan faomhadh a thabhairt fineálacha riaracháin a ghearradh ar chomhlachtaí poiblí faoi RGCS, seachas faoi chúinsí ina mbíonn siad i gcomórtas le heintitis phríobháideacha.

Ní mór do chomhlachtaí poiblí a bheith ar thús cadhnaíochta do na caighdeáin is airde i leith cosaint sonraí, ach, faraor, le roinnt mhaith samplaí stairiúla, léirítear gur minic go mbíonn ranna Rialtais ag streachailt leis an gcomhlíontacht, ar a laghad den mhéid céanna le rithábachtach go mbíonn siad faoi réir réimeas uile an chórais nua.

Chomh maith leis an ngníomhú cuimsitheach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag soláthar breathnóireachta agus soiléirithe teicniúla ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 atá beartaithe, tá ionchuir den chineál céanna déanta ag CCS na hÉireann le baill foirne na Roinne Cumarsáide atá i mbun idirbheartaíochtaí AE ar an dréacht-Rialachán Príobháideachais Leictreonaigh.

Idircheapadh, Coinneáil, Maoirseacht agus Tele2

Eisíodh an tAthbhreithniú ar an Dlí ar Shonraí Cumarsáide a Choinneáil agus a Rochtain, arna údarú ag an Breitheamh Onórach John Murray, i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tugann an tuairisc chuimsitheach seo treochlár soiléir don rialtas chun aghaidh a thabhairt ar réimse ceisteanna maidir leis an reachtaíocht reatha um shonraí a choinneáil. Gan amhras, tá Bille foilsithe ó shin ag an Rialtas a bhí faoi réir scrúdú réamhreachtach ag deireadh 2017 a raibh sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar mhórán de na ceisteanna ar tharraing an Breitheamh Onórach Murray aird orthu, lena n-áirítear an riachtanas le haghaidh réamhúdarú breithiúnach le haghaidh rochtain ar shonraí agus fógra réamhghníomhach chuig úsáideoirí tar éis dó tarlú. Tá an mhaoirseacht, áfach, ina ceist a bhfuiltear le dul i ngleic léi, chomh maith leis an tsraith ceisteanna níos leithne faoi idircheapadh ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Tá sé dosheachanta go gcaithfear na mionchodanna a bhaineann leis an gceist seo in Éirinn a thabhairt le chéile ar bhonn céimnithe. Tá mórán le deisiú ó thaobh na reachtaíochta de agus ní mór féachaint ar cheisteanna maidir leis an gcumas institiúideach i ndáil le réimse agus fairsinge na n-athruithe atá le cur chun feidhme laistigh de thréimhse ghearr. Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán leagáide agus reachtach, tá CCS na hÉireann den tuairim nach mór don Rialtas tosaíocht láithreach a thabhairt le haghaidh leasú ó bhonn a dhéanamh ar an gcreat reatha dlíthiúil i leith rochtain ar fhaisnéis choinnithe, ionas go mbeidh Éire comhlíontach leis na caighdeáin shoiléire a theastaíonn le haghaidh córas nua-aimseartha i leith sonraí a rochtain ar bhealach dlísteanaigh agus a bhfuil bonn daingean breithiúnach léi, a dhéanann foráil ar dhísteanaigh trí chearta na saoránach a urramú agus formhaoirseacht bhreithiúnach dhian agus shonrach ann (i measc nithe eile) i dteannta le bealaí éifeachtacha maidir le cúiteamh a bheith ar fáil do dhaoine aonair i gcásanna ina bhfuarthas amach go ndearnadh réamhchlaonadh ar a gcearta nó ar a leasanna. Ní haon rogha é an *status quo* a choinneáil mar atá sé faoi láthair sa dlínse seo, nuair a áirítear i dteannta a chéile na ceanglais arna sainaithint i mbreith Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i leith Tele2/Watson trí thagairt a dhéanamh do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus do na lochtanna arna sainaithint i “dTuirisc Murray”.

Comhoibriú ildisciplíneach agus rialú comhlachtaí idirlín

D’fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil a mhéad atá an t-athrú teicneolaíochta ag tarlú, gur scioptha é ná tuiscint agus plé na sochaí ar a thionchar, ach ar dhóigh amháin, ba bhliain í 2017 inar thosaigh smaointe ag teacht chun cinn maidir leis an gcaoi is gá rialú a dhéanamh ar chomhlachtaí idirlín ilnáisiúnta leis an nuálaíocht leanúnach a áirithiú, ach an chosaint sonraí agus príobháideachas a bheith mar bhonn agus mar thaca aige i gcónaí. Beidh gá le comhtháiteacht idir cosaint sonraí, iomaíocht agus dlí tomhaltóirí le margadh cóir a chur ar fáil d’úsáideoirí seirbhísí. Ar láimh amháin ní féidir cumasc a cheadú gan coinníollacha a bheith ag dul leis, agus iarrachtaí a bheith ar bun ar an láimh eile d’fhonn cosc a chur ar shonraí a roinnt idir an dá thaobh, tar éis ceadú don chumasc sin. Rinneadh postáil blag suimiúil i mí na Nollag, 2017, inar shamhlaigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) bealach lena bhféadfadh an Eoraip Rialtóir Digiteach AE aonair a fheidhmiú sa tréimhse go meántéarmach agus go fadtéarmach amach anseo thar na disciplíní iomadúla cuí. Sa mheántéarma, tá an tlonad Ilfhreastail agus an RGCS le feidhmiú againn chomh héifeachtach agus is féidir linn.

An bhliain atá amach romhainn

Is rómhinic a luaitear athrú a bheith ann “ón mbonn aníos”, agus dá bharr sin ní bhíonn an éifeacht chéanna ag baint leis an nath. Mar sin féin, creidim go láidir go bhfeicfear, faoi mhí Bealtaine 2018, tráth barrthábhachtach a chinnteoidh go mbeidh an t-athrú gasta teicneolaíochta agus tábhacht sonraí inár saol laethúil arna thacú ag córas atá trédhearcach agus solúbtha, ach daingean agus docht, chun daoine aonair a chosaint. Ba bhliain an-mhór í 2017 don CCS ó thaobh dul chun cinn de, go háirithe i dtreo na sprice chun RGCS a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Bí réidh agus muid ag comhaireamh síos na laethanta!



Helen Dixon

An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Ról agus Freagrachtaí Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann

Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) an t-údarás neamhspleách náisiúnta in Éirinn a bhfuil freagracht aige as seasamh le ceart bunúsach daoine a gcuid sonraí pearsanta a bheith cosanta. Is de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a bhunaítear cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an CCS, ar Achtanna iad ina dtrasuíodh Coinbhinsiún 108 Chomhairle na hEorpa agus an Treoir 1995 um Chosaint Sonraí. Beidh an CCS ina 'Údarás Maoirseachta' faoin gcreat dlí AE um Chosaint Sonraí a thiocfaidh i bhfeidhm ar fud an AE ar 25 Bealtaine 2018. Is éard atá sa chreat nua ná an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Treoir (2016/680) i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs forfheidhmithe dlí (Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí). Tá Bille um Chosaint Sonraí os comhair an Oireachtais faoi láthair (amhail ag Feabhra 2018) agus tabharfaidh sé tuilleadh éifeachta don RGCS i réimsí ina gceadaítear roghanna náisiúnta, déanfar an Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí a thrasuíomh ina dhlí in Éirinn, agus cuirfidh sé tuilleadh tacaíochta faoi struchtúir, feidhmeanna agus cumhachtaí an CCS.

Ag baint úsáide as a chumhachtaí reachtúla, tugann an Coimisinéir Cosanta Sonraí faoi imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine aonair, agus aithníonn sé rioscaí don chosaint sonraí pearsanta in eagraíochtaí éagsúla san earnáil phoiblí agus phríobháideach trí chomhairliúcháin le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta, agus trí chigireachtaí agus iniúchtaí ar an láthair, agus gníomhaíochtaí eile nach iad. Chomh maith leis sin, féachann an CCS le feasacht agus comhlíontacht

níos fearr a bhrú chun cinn maidir leis an reachtaíocht ar chosaint sonraí trí threoir ardchaighdeán a fhoilsiú, gníomhú réamhghníomhach le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus gníomh forfheidhmiúcháin, ar deireadh, nuair a theastaíonn sé.

Coiste Bainistíochta Sinsearaí an CCS

Chun leanúint le struchtúir fheabhsaithe rialachais a fheidhmiú d'fhonn cloí leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus mar aitheantas ar an maoiniú atá méadaithe go suntasach agus ar a ghasta is atá an eagraíocht ag fás, bhunaigh an CCS an Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) in 2016 ar a bhfuil an Coimisinéir agus Leas-Choimisinéirí.

Déanann an Coimisinéir agus comhaltaí an CBS maoirsiú ar bhainistiú agus rialachas ceart na heagraíochta de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chód Cleachtas. Tá an méid seo a leanas i dtéarmaí tagartha an Choiste: ceannaireacht, bainistiú agus maoirsiú straitéiseach na heagraíochta; feidhmíocht na mbainisteoirí agus na foirne a fhaireachán de réir thosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha agus gnó na heagraíochta.

Seo a leanas na daoine atá ar an gCoiste Bainistíochta Sinsearaí:

1. **Helen Dixon** (Coimisinéir Cosanta Sonraí)
2. **Anna Morgan** (Leas-Choimisinéir – Ceannasaí Dlí)
3. **Dale Sunderland** (Leas-Choimisinéir)
4. **Jennifer O'Sullivan** (Leas-Choimisinéir)
5. **John O'Dwyer** (Leas-Choimisinéir)
6. **Marita Kinsella** (Leas-Choimisinéir)

Maoiniú agus riarachán

Tháinig méadú suntasach ar leithdháileadh maoinithe an Rialtais ó €1.7 milliún in 2013 go €7.5 milliún in 2017. Tá méadú tagtha arís ar mhaoiniú an CCS le haghaidh 2018 chuig beagnach €11.7 milliún agus aithníonn an oifig méadú suntasach i maoiniú le blianta beaga anuas agus cuireann fáilte roimh thiomantas leanúnach an Rialtais chun riachtanais acmhainní na hoifige a chomhlíonadh. Is trí vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thagann an maoiniú tiomnaithe don CCS. Ligeann an maoiniú seo dúinn ár sainordú mar chomhlacht maoirsithe neamhspleách a chomhlíonadh a bhfuil sé de chúram orainn seasamh le ceart bunúsach AE chun cosanta sonraí. Bailíonn an CCS ioncam chomh maith le haghaidh fheidhm clárúcháin reachtúil na hoifige, agus íocann an t-ioncam sin go díreach ar ais chuig an státchiste. Is féidir féachaint ar an gCuntas Ioncam agus Caiteachais do 2017 i bhFoscáirbhinn VII.

Mar gheall ar an mbuiséad méadaithe atá againn do 2017, bhí sé ar ár gcumas earcaíocht fhorleathan a dhéanamh, agus scileanna speisialtóirí a chur lenár bhfoireann i réimsí na Cumarsáide, Dlí, Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíocht, Imscrúduithe agus Gearáin. Mar gheall ar an bhfócas earcaíochta in 2016 agus 2017, tá méadú 20% tagtha ar an bhfoireann, agus leanfar in 2018 le cur go tapa le hacmhainní an CCS, agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh ar líon iomlán na mball foirne san oifig go dtí timpeall 140 ball foirne.

Cé gur comhlacht neamhspleách é an CCS, leanaimid na riachtanais atá leagtha amach do gach comhlacht san earnáil phoiblí le cinntiú go ndéantar maoirsiú ar ár ngníomhaíochtaí riaracháin. Ní mór cuntas a thabhairt i leith an chaiteachais uile don státchiste agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ár gcuntais gach bliain.

Tá tuilleadh eolais a bhaineann le cúrsaí corparáideacha agus riaracháin leagtha amach sa rannán ar Ghnóthaí Corparáideacha.

Príomhchuspóirí an Choimisinéara Cosanta Sonraí do 2018

Tógáil ar chumas agus acmhainní an CCS chun léiriú a thabhairt ar ár ról feabhsaithe faoin gcóras nua RGCS agus Príobháideachas Leictreonach ag díriú ar an méid seo a leanas:

- Caidreamh réamhghníomhach leis an Rialtas lena áirithiú go soláthraítear muid leis na hacmhainní airgeadais agus leis na hacmhainní eile a theastaíonn uainn, lena n-áirítear baill foirne agus cóiríocht chuí, chun ligean dúinn ár bpost a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- An obair maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar ár struchtúir, próisis agus córais a chur i gcrích (lena n-áirítear ár gcumais TFC) lenár n-éifeachtacht leanúnach faoin gcóras nua cosanta sonraí a áirithiú.
- Ár saineolas agus ár gcumas a fheabhsú trí oiliúint, forbairt agus uas-oiliúint a chur ar fáil dá mbaill foirne, agus tríd an earcaíocht atá dírithe ar bhaill foirne le scileanna speisialaithe.

Comhoibriú agus comhpháirtíocht dhlúth lenár gcontrapháirtithe in údarais chosanta sonraí AE agus go hidirnáisiúnta, agus le comhlachtaí eile rialála i réimsí eil:

- Caidreamh réamhghníomhach agus ionchur ag leibhéal AE trí Mheitheal Alt 29 (comhdhéanta d'údarais cosanta sonraí an AE) chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint chomhoiriúnaithe ar na dlíthe nua, treoír um RGCS a ullmhú, agus forbairt ar an gcreat AE um nós imeachtaí do na dlíthe nua, roimh 25 Bealtaine 2018.
- Rannpháirtíocht éifeachtach agus chuiditheach ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí nua (BECS), agus é mar chuspóir cur leis an bhfeidhmiú ceart agus comhsheasmhach ar na dlíthe nua, agus forbairt a dhéanamh ar na suímh agus freagraí coitianta i leith forbairtí príobháideachais sonraí trasna an AE ar fad.
- Caidrimh láidre agus éifeachtacha a chothú le contrapháirtithe AE agus comhlachtaí eile rialála, lena n-áirítear trí Thionscnamh Ionaid Imréitigh Dhigitigh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag tabhairt le chéile na Rialálaithe Iomaíochta, Tomhaltóirí agus Cosaint Sonraí.
- Leanúint le dlúthchaidrimh a chothú le húdarais cosanta sonraí idirnáisiúnta trí fhóiraim amhail

an Lónra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí; agus

- Comhoibriú déthaobhach agus malartú eolais a chur chun cinn trí óstáil a dhéanamh ar thoscaireachtaí ó Údarás Cosanta Sonraí AE agus Idirnáisiúnta agus a rannpháirtíocht a údarú in iniúchtaí agus cigireachtaí CCS.

Feasacht agus comhlíontacht níos fearr i leith cosaint sonraí a chur chun cinn trí chomhairliúcháin straitéiseach:

- Díriú ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus príobháideach agus cumarsáid a dhéanamh leo go réamhghníomhach, go háirithe sna réimsí is mó riosca agus próiseála sonraí córasaí ar an mórchóir;
- Treoir shoiléir, ardchaighdeán agus tráthúil a sholáthar do rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí, lena n-áirítear trí uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid na meán sóisialta agus bealaí cumarsáide ar líne; agus
- Clár mór for-rochtana a sholáthar do gheallsealbhoirí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta mar eochairchainteoirí ag comhdhálaí agus rannpháirtíocht in imeachtaí painéil agus ceardlainne.

Maoirsiú agus Forfheidhmiú Éifeachtach

- Gníomh rialála a leanúint, lena n-áirítear pionóis a ghearradh, ar bhealach dleathach, cóir, comhréireach agus éifeachtach, a thagann leis an gcur chuige comhoiriúnaithe AE, leis an gcuispóir foriomlán de chomhlíontacht agus cuntasacht níos fearr a chur chun cinn i measc eagraíochtaí agus iad ag seasamh lena ndualgas do dhaoine is ábhar do shonraí;
- Cumarsáid éifeachtach le geallsealbhoirí, ár gcontrapháirtithe AE agus comhlachtaí eile rialála chun príomhréimsí droch-chleachtais agus droch-neamhchomhlíontacht a aithint, rud a bhféadfadh sé go dteastaíonn bearta forfheidhmiúcháin lena n-aghaidh; agus
- Comhlíontacht fheabhsaithe le dualgais cosanta sonraí a chur chun cinn trí imscrúduithe agus iniúchtaí ag díriú ar phróiseáil ardriosca sonraí pearsanta ar an mórchóir.



Ms. Helen Dixon



Mr. John O'Dwyer



Ms. Anna Morgan



Ms. Jennifer O'Sullivan




Mr. Dale Sunderland



Ms. Marita Kinsella

Athbhreithniú Achomair ar 2017

- In 2017, fuarthas os cionn **15,500** ríomhphost, os cionn **20,000** glaoch teileafóin agus beagnach **5,500** litir a cuireadh sa phost chuig ár nAonad Eolais agus Measúnaithe Gearán.
- Tháinig **2,642** gearán isteach in 2017, sin méadú ó 1,479 in 2016 (méadú 79%), agus ba é an chatagóir is mó gearán é catagóir na “gCeart Rochtana”, lenar bhain 1,372 gearán nó 52% de líon iomlán na ngearán.
- Tugadh **2,594** gearán chun críche in 2017, i gcomparáid le **1,438** in 2016.
- Cé gur réitíodh formhór na ngearán go cairdiúil, d’eisíomar líon iomlán de 34 cinneadh foirmiúil in 2017.
- Rinneadh imscrúdú ar **21 gearán i leith an “chirt go ligfí i ndearmad”**. Seasadh le sé cinn de na gearáin seo, diúltaíodh do 12 cheann agus tá trí cinn faoi imscrúdú i láthair na huaire.
- Cuireadh **2,795** sárú slándála sonraí pearsanta bailí ar an taifead in 2017. Is ionann é seo agus méadú 26% (571) ar na figiúirí a tuairiscíodh in 2016.
- Lean **an tAonad Imscrúduithe Speisialta** lena chuid oibre san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha agus bhí roinnt ionchúiseamh mar thoradh air. Chuir sé tús chomh maith le himscrúduithe san Earnáil Ospidéal ar phróiseáil sonraí othar, ar Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanáil agus an Teaghlach) maidir le rialachas sonraí pearsanta bainteach le cásanna cosanta leanáil, agus ar Chárta Seirbhísí Poiblí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
- Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, rinneadh comhlacht imscrúduithe príobháideacha a ionchúiseamh as ucht sonraí a nochtadh gan údarú agus rinneadh stiúrthóir de chuid an chomhlachta sin a ionchúiseamh as ucht coireanna faoi Alt 29. Cumhdaíodh 74 coir sna toghairmeacha don dá chás sin.
- Rinneadh sé eintiteas a ionchúiseamh as ucht coireanna faoi Rialachán 13 de I.R. 336 de 2011 maidir le margáocht leictreonach. Chumhdaigh na toghairmeacha do na sé chás sin 42 coir.
- Rinneadh **146** gearán nua a imscrúdú faoi I.R. 336 de 2011 in 2017 i dtaca le cineálacha éagsúla margáochta díri leictreonáil. (In 2016, ba é 118 iomlán na ngearán nua a ndearnadh imscrúdú orthu sa chatagóir seo).





- Tháinig méadú suntasach in 2017 ar na fiosruithe ginearálta comhairliúcháin chuig iomlán de **1,818** fiosrú. Is ionann é seo agus méadú 69% ó 1,078 fiosrú in 2016 agus méadú 111% nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an 860 fiosrú in 2015.
- Reáchtáladh os cionn **200 comhairliúcháin** le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, a raibh RGCS mar théama coitianta iontu.
- Tionóladh os cionn **100** cruinniú le comhlachtaí ilnáisiúnta.
- Rinneadh dianchaidreamh leanúnach le *WhatsApp* agus *Facebook* le háirithiú go leantar gan sonraí úsáideoirí a aistriú ó *WhatsApp* go *Facebook* le haghaidh fógraí a chur ar fáil nó feabhsú táirgí, go dtí go bhfuil an CCS sásta go bhfuil bunús dleathach ann lena leithéid a dhéanamh.
- Cuireadh **91 iniúchadh/cigireacht** i gcrích.
- Pléadh le **19 n-iarratas comhoibríthe/atreoraithe** maidir le cásanna ó údaráis eile cosanta sonraí.
- In 2017, reáchtáil an Lónra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais an **5ú Cuardach Príobháideachais bliantúil**. Dhírigh cuid na hÉireann de, arna reáchtáil ag an CCS mar chuid de chuardach domhanda, ar dhá réimse shonracha: ar úsáid admhálacha leictreonacha ag comhlachtaí miondíola; agus ar chomhlachtaí ilnáisiúnta agus comhlachtaí bunaithe in Éirinn a thairgeann seirbhísí taistil ar líne in Éirinn. Fuarthas amach le linn an chuardaigh go raibh 94% de chásanna ann ina raibh miondíoltóirí ag tairiscint admhálacha leictreonacha do chustaiméirí nach raibh aon eolas ar a gcuid suíomh idirlín i dtaca le próiseáil nó scríosadh seoltaí ríomhphoist a bhailítear chun na críche seo.
- Éisteadh an cás Ardchúirte faoi CCS agus Clásail Chaighdeánacha Conarthachta i mí Feabhra/Márta 2017. D'eisigh an Breitheamh Onórach Caroline Costello an bhreith i mí Dheireadh Fómhair 2017.

- Le linn 2017, ghníomhaigh an CCS mar phríomh-athbhreithnitheoir i dtaca le **14 iarratas um Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCCanna)**, agus is ionann sin agus dhá oiread níos mó ná figiúirí 2016.
- Gníomhú láidir straitéiseach ag CCS na hÉireann le Meitheal Alt 29 agus tugadh ionchur ag gach cruinniú mórshóisíúin agus foghrúpa. Ghníomhaigh an CCS mar phríomh-*rapporteur* ar na treoirlínte RGCS um thrédhearcacht agus cóid chleachtais agus thacaigh go gníomhach le Meitheal Alt 29 ina phríomhróil le haghaidh 2017 trí threoir a eisiúint do rialaitheoirí i dtaca leis an RGCS agus trí ionchur a thabhairt don chéad athbhreithniú bliantúil ar an Sciath Príobháideachais.
- In 2017, bhunaigh an CCS **Aonad um Fheasacht agus Oiliúint RGCS**, agus freagracht aige as gníomhaíochtaí feasachta an CCS as RGCS a chur chun cinn. Cuid lárnach den fheachtas feasachta RGCS ná seoladh an mhicrishuímh idirlín, www.GDPRandYou.ie, agus é ag freastal mar lárionad le haghaidh treorach foilsithe agus mar phointe tosaigh d'eagraíochtaí ag iarraidh cúnaimh a fháil le hullmhúcháin RGCS.
- Choinnigh an CCS le sceideal gníomhach for-rochtana le linn 2017 agus bhí an CCS rannpháirteach le bonn leathan geallsealbhoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Thug an Coimisinéir agus a baill foirne cainteanna agus cur i láthair beagnach **250 uair** in 2017, lena n-áirítear ag comhdhálacha, seimineáir, agus cur i láthair d'eagraíochtaí aonair ó réimse leathan earnálacha.
- Tá ráta suntasach fáis tagtha ar ár gcuntas Twitter, @DCPIreland, a cruthaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2016, agus tá méadú 200% tar éis teacht ar líon an lucht leanúna, suas go **3,800** faoi dheireadh 2017. Le linn na bliana, baineadh úsáid as @DCPIreland chun feasacht a ardú i leith an RGCS, chomh maith le haird a tharraingt ar threoirlínte agus uirlisí foilsithe ag an CCS ar www.dataprotection.ie agus ar www.GDPRandYou.ie. Bhí beagnach **4 milliún tagairt** déanta ar ár gcuntas Twitter don bhliain agus ráta suntasach rannpháirtíochta 1.5%.

An
t-athbhreithneoir i

14
iarratais
BCRs

Beagnach
250
ag labhairt
gealltanais

3,800
leanúna

4
million
teagmhálacha

Teagmhálacha, Fiosruithe agus Gearáin

Cuireann an CCS seirbhís eolais freagrach ardchaighdeán ar fáil trínár seirbhís poiblí ríomhphoist agus deasc chabhrach theileafóin. Fuair an CCS níos mó teagmhálacha, fiosruithe agus gearán ná riamh in 2017. Fuair ár nAonad Eolais agus Measúnaithe Gearán os cionn 15,500 ríomhphost, os cionn 20,000 glaoch teileafóin agus fuairamar beagnach 5,500 mír sa phost.

Tá sé mar aidhm againn aghaidh a thabhairt ar gach fiosrú agus gearán um chosaint sonraí chomh tapa agus is féidir, chun sástacht an fhiosraitheora. I mórán cásanna, is éard a bheidh i gceist leis seo ná an t-eolas agus an treoir a theastaíonn a thabhairt don fhiosraitheoir chun cabhrú leo a bhfadhbanna cosanta sonraí a réiteach iad féin chomh pras agus is féidir leis an eagraíocht a rinne a gcuid sonraí a rialú nó a phróiseáil. I roinnt cásanna, ag brath ar nádúr an scéil, féadfaidh sé a bheith riachtanach don CCS idirghabháil a dhéanamh ar son duine is ábhar do sonraí, nó chun imscrúdú foirmiúil a thionscnamh i leith an ghearáin.

Fuair an CCS 2,642 gearán in 2017, suas ó 1,479 in 2016 (méadú 79%), agus ba í an chatagóir aonair ba mhó ná “Cearta Rochtana”, a tháinig aníos in 1,372 gearán nó i 52% den iomlán. An tréimhse reatha reachtúil chun cloí le hiarratais rochtana ná 40 lá, ach tá sé seo á laghdú go mí amháin faoin RGCS.

Mar chuid d’obair leanúnach an CCS, déantar faireachán leanúnach ar chineál na bhfiosruithe agus na ngearán chun cabhrú le treochtaí agus patrúin a aithint. An cuspóir lena leithéid d’anailís ná chun cabhrú leis an CCS treoir agus faisnéis chuí a ullmhú agus a scaipeadh. Mar shampla, i mí na Bealtaine 2017, d’eisigh an CCS ráiteas ar úsáid teicneolaíocht aitheanta aghaidheanna i bhfógraíocht, tar éis dó roinnt fiosruithe a fháil ón bpobal agus ó na meáin chumarsáide ar scáileáin

dhigiteacha fógraíochta in áiteanna poiblí. Tugadh faoi deara chomh maith ábhair imní ón bpobal i dtaca leis an gCárta Seirbhísí Poiblí le linn na bliana, agus d’eisigh an Coimisinéir ráiteas ar an ábhar i mí Lúnasa 2017. (Féach leathanach 23 le haghaidh tuilleadh faisnéise)

Gearáin um Margaíocht Dhíreach Leictreonach

Fuair an CCS 215 gearán i dtaca le margaíocht dhíreach leictreonach in 2017. Rinneadh 146 gearán nua ar an iomlán a imscrúdú faoi I.R. 336 de 2011 in 2017 i dtaca le cineálacha éagsúla margaíochta díri leictreonaí. (In 2016, ba é 118 líon iomlán na ngearán nua a ndearnadh imscrúdú orthu sa chatagóir seo).


As na 146 gearán a ndearnadh imscrúdú orthu in 2017, bhain 80 le margaíocht ríomhphoist, 58 le margaíocht SMS (teachtaireachtaí téacs) agus bain ocht gcinn le margaíocht teileafóin.

Thug oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí 119 imscrúdú chun críche ar ghearáin faoi mhargaíocht leictreonach in 2017.

Conclúid na nGearán

Is dualgas reachtach an CCS é a dhícheall a dhéanamh aon ghearáin a fhaighimid ón bpobal a réiteach go cairdiúil. Le linn 2017, tugadh formhór mór na ngearán chun críche go cairdiúil idir páirtithe an ghearáin gan an gá le cinneadh foirmiúil a eisiúint faoi Alt 10 de na hAchtanna. In 2017, d’eisigh an Coimisinéir 34 cinneadh inar seasadh go hiomlán leis an ngearán in 30 cás agus gur diúltaíodh an gearán i gceithre chás. Tugadh 2,594 gearán chun críche in 2017, agus is méadú 80% é seo ar an 1,438 gearán a tugadh chun críche in 2016. *(Tá Cás-Staidéir maidir leis na gearáin seo i bhFoscríbhinn II)*

Miondealú ar ghearáin de réir saincheist cosanta sonraí



Forléargas Ginearálta ar Ghearáin 2017

2,642

Líon na nGearán a tháinig isteach le linn na bliana


2,594

Líon na nGearán arna gcur i gcrích le linn na bliana

556

Líon na nGearán fós le réiteach faoi dheireadh na bliana

Líon na ngearán a fuarthas ó 2006



An ceart go ligfí i ndearmad

Tar éis bhreith Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ar 13 Bealtaine 2014 sa chás *Google Spain v. AEPD agus Mario Costeja (C-131/12)* (a dtugtar cinneadh “Google Spain” air go coitianta), tháinig gearánaithe chun cinn ó 2014 ar aghaidh maidir leis an ‘gCeart go Ligfí i nDearmad (CLD) nó iarratais go mbainfí torthaí cuardaigh idirlín a nascann chuig leathanaigh ghréasáin ina bhfuil sonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí. Tá an CLD bunaithe ar Alt 12 de Threoir 95/46/CE (an Treoir um Chosaint Sonraí) inar bunaíodh ceart daoine is ábhar do shonraí chun sonraí pearsanta a scriosadh nó cosc a chur ar shonraí pearsanta a phróiseáil nuair nach gclóíonn an phróiseáil leis na rialacha ar phróiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir.

Ón gcinneadh seo de chuid an CBAE i leith, féadfaidh daoine aonair san AE, i roinnt cúinsí, iarraidh ar oibreoir innill cuardaigh torthaí cuardaigh idirlín a bhaint arb é atá iontu ná naisc chuig leathanaigh ghréasáin ina bhfuil sonraí pearsanta an duine aonair. Níl tionchar ag an gceart seo ach amháin ar na torthaí ó chuardaigh a rinneadh ar bhunús ainm duine agus ní theastaíonn an nasc a scriosadh ó innéacsanna an innill chuardaigh ar fad ar fad. Ná ní thugann sé ceart don duine is ábhar do sonraí a gcuid sonraí pearsanta a scriosadh ó leathanach gréasáin an tríú páirtí bainteach. Ní ceart iomlán é CLD agus tá sé faoi réir an duine is ábhar do na sonraí a dhéanamh amach, maidir leis na sonraí pearsanta ar na leathanaigh ghréasáin a dtugtar naisc chucu ó na torthaí cuardaigh, an gclóíonn nó nach gclóíonn na sonraí pearsanta seo leis an dlí um chosaint sonraí, toisc go bhfuil sé, mar shampla neamhábhartha, iomarcach, míchruinn, neamhiomlán nó as dáta.

Ar an gcéad dul síos, ní mór gur chuig an oibreoir innill cuardaigh a dhéanann an duine is ábhar do na sonraí an t-iarratas ar nasc chuig leathanach gréasáin a bhaint. Sa chás, áfach, go ndiúltaíonn an t-oibreoir innill cuardaigh cloí leis an iarratas, féadfaidh an duine is ábhar do na sonraí gearán a dhéanamh chuig a n-údarás náisiúnta cosanta sonraí.

In 2017, fuair 21 gearán i leith an CLD. Seasadh le sé cinn de na gearáin seo, diúltaíodh do 12 cheann agus tá trí cinn faoi imscrúdú i láthair na huair.

CÁS-STAIIDÉAR 1: An ceart go ligfí i ndearmad

WFuaireamar gearán ó náisiúnach de chuid na Liotuáine i dtaca le hait faoin duine aonair sin a d’fhoilsigh roinnt foinsí nuachta na Liotuáine deich mbliana roimhe. Sna torthaí cuardaigh i leith ainm an duine aonair ar inneall cuardaigh áirigh, tugadh naisc chuig na hait seo. Tugadh mionsonraí sna hait bhainteacha faoi scor fhostaíocht an duine aonair mar oifigeach i roinn rialtais bhardsaigh i dtaca le rannpháirtíocht an duine aonair i ngníomhaíochtaí a raibh poitéinseal leo gur gníomhaíochtaí calaoiseacha a bhí iontu. Tugadh mionsonraí chomh maith faoi chúisimh choiriúla a tugadh i leith an duine aonair as ucht na líomhna gur ghlac sé le breabanna i gcomhthéacs a gcuid fostaíochta.

Le linn ár n-imscrúdaithe ar an ngearán seo, d’áitigh an t-oibreoir innill cuardaigh gur bhain an fhaisnéis a bhí mionsonraithe sna hait bhainteacha le drochiompar gairmiúil éagóiritheoireachta déanta ag duine páirteach sa riarachán poiblí. D’áitigh sé sa chás go raibh pionóis choiriúla mar thoradh ar dhrochiompar den chineál seo, gurb amhlaidh go raibh sé sách trom go measfaí an fhaisnéis a bheith chun leasa an phobail, agus dá bhrí sin go raibh údar le haon idirghabháil i leith cearta an duine is ábhar do na sonraí.

Le linn ár n-imscrúdaithe, áfach, thug an gearánaí cáipéisí oifigiúla cúirte ar a léiríodh go bhfuarthas iad neamhchiontach i leith na gcúiseamh uile a ndearnadh tagairt dóibh sna hait. Thug an gearánaí chomh maith cáipéisí dúinn ar a léiríodh gur ar bhonn saorálach a bhí scoir a bhfostaíochta leis an roinn rialtais bhardsaigh, agus gur éirigh an gearánaí as mar gheall ar chúiseanna pearsanta. Chuireamar san áireamh gur léirigh an fhaisnéis dhoiciméadach seo go raibh faisnéis phearsanta an ghearánaí, a raibh próiseáil á déanamh uirthi trí inneall cuardaigh a bhí ag tabhairt torthaí do na hait bhainteacha, go raibh an fhaisnéis seo míchruinn, neamhiomlán agus as dáta agus ar an mbonn sin d’iarramar go mbainfeadh oibreoir an innill chuardaigh na naisc ó na leathanaigh ghréasáin bhainteacha ó na torthaí cuardaigh, ar torthaí iad ó ainm an ghearánaí a chuardach. Chomhlíon an t-oibreoir innill cuardaigh lenár n-iarratas agus rinne sé na naisc bhainteacha a dhíliostú.

Léiríonn an cás seo go bhfuil an fhreagracht ar inneall cuardaigh, mar rialaitheoir sonraí, é féin a shásamh de réir an leibhéal chuí, go gcloíonn na sonraí pearsanta a dtugann torthaí innill cuardaigh naisc chuige, go hiomlán leis na dlíthe ar chosaint sonraí. Sa chás seo, ba chosúil nach ndearna oibreoir an innill chuardaigh scrúdú ceart ar an ngearán, ach go simplí gur thóg sé an chur chuige de bheith ag glacadh leis, toisc go raibh an gearánaí fostaithe roimhe sin i ról oifigigh phoiblí, go raibh an fhaisnéis i gceist go huathoibríoch chun leasa an phobail, is cuma cé acu an raibh sé cruinn, iomlán agus suas chun dáta, nó nach raibh. Ghlac an t-oibreoir innill cuardaigh leis, gan cúlra na bhfíricí a sheiceáil is cosúil, gur ciontaíodh an gearánaí as na coireanna coiriúla.



Imscrúduithe Speisialta

Bunaíodh Aonad Imscrúduithe Speisialta an CCS in 2015 go príomha chun imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin, ar leithligh ó imscrúduithe bunaithe ar ghearáin. Tá sonraí sa rannán seo den tuarascáil ar chuid de na himscrúduithe speisialta a rinne an tAonad le linn 2017.

Earnáil na nImscrúdaitheoirí Príobháideacha

Leanadh le hobair in 2017 ar an imscrúdú leanúnach ar an earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha. Ag eascairt ó na imscrúduithe a reáchtáil an tAonad Imscrúduithe Speisialta, rinne an CCS comhlacht imscrúduithe príobháideach agus duine de na stiúrthóirí a ionchúiseamh go rathúil in 2017.

I bhfianaise an leibhéal ard sárúithe atá tugtha chun solais ag ár n-imscrúduithe le blianta beaga anuas san earnáil seo, leanfaimid orainn ag díriú ar an earnáil seo go ceann i bhfad. Má thagann fianaise ar a thuilleadh iompair a sháraíonn an dlí ar chosaint sonraí, rachaidh an CCS sa tóir ar thuilleadh ionchúiseamh a dhéanamh.

CÁS-STAIIDÉAR 2: Ionchúiseamh *Eamon O'Mordha & Company Limited* agus duine dá Stiúrthóirí

Tháinig imscrúdú an cháis seo aníos i gcomhthéacs imscrúdú leathan ar an earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha ar cuireadh tús leis in 2016. Mar chuid den imscrúdú sin, rinne an tAonad Imscrúduithe Speisialta cóipeanna a fháil agus a scrúdú de thuiriscí roinnt imscrúdaitheoirí príobháideacha a scríobh *Eamon O'Mordha & Company Limited* in 2014 agus 2015 (an comhlacht) dá chuid cliant san earnáil árachais. Tháinig amhras ar an Aonad Imscrúduithe Speisialta faoi bhunús cuid de na sonraí pearsanta sna tuairiscí sin agus chuir tús láithreach le himscrúdú a raibh an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Garda Síochána páirteach ann.

Ina dhiaidh sin, tháinig sé chun solais don imscrúdú go raibh rochtain ag an gcomhlacht ar thaifid leasa shóisialaigh a bhí coinnithe ar bhunachair sonraí sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Chuir Oifigigh Údaraithe de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí agallamh ar oifigeach sa Roinn sin. Le linn an agallaimh sin, nocht an t-oifigeach gur beirt chairde léi iad stiúrthóirí an chomhlachta agus d'admhaigh sí gur bhuail duine de na stiúrthóirí cuideachta léi ar bhonn rialta agus gur an stiúrthóir uirthi eolas ar bhunachar na Roinne a sheiceáil. D'admhaigh an t-oifigeach go ndearna sí na seiceálacha sin agus gur thug sí sonraí pearsanta don stiúrthóir cuideachta.

Chomh maith leis sin, tháinig sé chun solais don imscrúdú go raibh rochtain ag an gcomhlacht ar thaifid a bhí coinnithe ar bhunachar PULSE an Gharda Síochána. Chuir Oifigigh Údaraithe de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí agallamh ar bheirt ag fónamh mar chomhaltáí den Gharda Síochána (ar deartháireacha agus nianna iad le duine de stiúrthóirí na cuideachta). Le linn na n-agallamh sin, dheimhnigh an bheirt Gharda go ndearna a n-aintín teagmháil leis chun eolas a fháil uathu i dtaca le daoine aonair agus uimhreacha clárúcháin feithicle. D'admhaigh siad beirt go raibh rochtain acu ar bhunachar PULSE an Gharda Síochána agus gur thug siad ina dhiaidh sin faisnéis phearsanta dá n-aintín, stiúrthóir na cuideachta.

Cúisíodh *Eamon O'Mordha & Company Limited* as seacht scór is tríocha de shárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna). Bhain na cúiseanna uile le sárúithe 22 de na hAchtanna as ucht rochtain a fháil ar shonraí pearsanta gan údarú a fháil roimh ré ón rialaitheoir sonraí a choinníonn na sonraí, agus na sonraí sin a nochtadh do dhuine eile. Bhí na sonraí á gcoinneáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ag an nGarda Síochána. Nochtadh na sonraí pearsanta d'eintitis san earnáil árachais. Cúisíodh ar leithligh beirt stiúrthóirí de chuid na cuideachta, Eamonn O'Mordha agus a bhean chéile Ann O'Mordha as ucht tríocha a seacht scór de shárú ar alt 29 de na hAchtanna as ucht an ról a bhí acu sna coireanna a rinne an chuideachta. Foráiltear faoin gcuid seo den Acht go ndéantar stiúrthóirí cuideachta a ionchúiseamh sa chás go gcruthaítear go ndearna cuideachta coir le toiliú nó le cúlcheadú, nó go bhfuil sé inchurtha síos d'aon fhailí ar thaobh aon duine de stiúrthóirí na cuideachta nó d'oifigigh eile.

Ar an 8 Bealtaine 2017, ag Cúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath, taifeadadh pléadálacha ciontachta ar son na cuideachta i leith dhá chúis déag i leith coireanna faoi alt 22 de na hAchtanna. Chiontaigh an Chúirt an chuideachta i leith deich gcinn de chúiseanna agus chuir sé an dá chúis eile san áireamh. Ghearr an Chúirt deich bhfíneáil €1,000 ar an gcuideachta (€10,000 ar an iomlán). Scríosadh amach na cúiseanna uile eile a bhí fanta. Phléadáil stiúrthóir na cuideachta, Ann O'Mordha, ciontach i leith 12 chúis i leith coireanna faoi alt 29 de na hAchtanna. Chiontaigh an Chúirt Ann O'Mordha i leith deich gcinn de chúiseanna agus chuir sé an dá chúis eile san áireamh. Ghearr an Chúirt deich bhfíneáil €1,000 ar Ann O'Mordha (€10,000 ar an iomlán). Scríosadh amach na cúiseanna uile eile a bhí fágtha. Níor leanadh leis na cúiseanna in aghaidh a fir chéile, stiúrthóir eile na cuideachta.

Earnáil na nOspidéal

In 2017 d'oscail an tAonad Imscrúduithe Speisialta imscrúdú ar phróiseáil sonraí íogair pearsanta othar ag ospidéal, i gcásanna a raibh na sonraí á gcoinneáil i limistéir sna hospidéal ar a raibh teacht ag an bpobal. Dhírigh an t-imscrúdú seo go háirithe ar scaipeadh agus ar thuras comhad othar d'fhonn aon easnaimh aithint ó thaobh cloí le riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na hAchtanna) chun sonraí pearsanta a choinneáil slán sábháilte agus bearta cuí a bheith i bhfeidhm chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe nó ar nochtadh sonraí pearsanta.

Is éard a bhí i gceist leis an imscrúdú ná cigireachtaí ag fiche ospidéal, agus bhí cigireachtaí ar áiseanna de chuid an FSS, ospidéal phríobháideacha agus ospidéal dheonacha chun an léargas is leithne is féidir a thabhairt i leith próiseáil sonraí íogair pearsanta i limistéir phoiblí sna hospidéal. Ar bhonn geografach, ba shampla leathan é na hospidéal ar fud an Stáit a ndearnadh cigireacht orthu, agus cigireacht déanta ar ocht n-ospidéal i gceantar Bhaile Átha Cliath, cúig ospidéal i mór-réigiún Laighean, dhá ospidéal i gConnachta, ceithre ospidéal i Mumha, agus ospidéal amháin in Ulaidh.

Tar éis gach cigireachta, dhréachtaigh an tAonad Imscrúduithe Speisialta tuairisc chigireachta i dtaca leis an ospidéal bainteach. Aithníodh i ngach tuairisc chigireachta réimsí riosca a tugadh faoi deara le linn na cigireachta agus leag moltaí amach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a aithníodh. Tá a dtuairisc chigireachta curtha fáil do fhiche ospidéal agus tá cuireadh tugtha dóibh pleananna gnímh a dhréachtú i dtaca le feidhmiú mholtaí na tuairisce cigireachta.

Ba iad seo a leanas na hospidéal a ndearnadh cigireacht orthu le linn an imscrúduithe speisialta seo:

- Ospidéal Súl is Cluas Victoria Ríoga, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
- Ospidéal na Leanaí, Cromghlinn, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Adelaide & na Mí ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Tamhlacht), Baile Átha Cliath
- Clinic na Carraige Duibhe, An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath
- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Páirc an Leamháin, Baile Átha Cliath

- Ospidéal Réigiúnach Lár na Tíre, An Muileann gCearr, An Iarmhí
- Ospidéal Aut Even, Cill Chainnigh
- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh
- Ospidéal Mhuire, An Uaimh, An Mhí
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman, Loch Garman
- Ospidéal Bon Secours, Corcaigh
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh
- Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí
- Ospidéal na hOllscoile, Luimneach
- Ospidéal na hOllscoile, Sligeach
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
- Ospidéal na hOllscoile, Leitir Ceanainn

Ag tógáil ar thorthaí chigireacht na bhfiche ospidéal, tá an tAonad Imscrúduithe Speisialta anois ag dréachtú tuairisc cigireachta fhoriomlán lena scaipeadh sa chéad leath de 2018 chuig gach ospidéal sa Stát. Tabharfaidh an tuairisc seo chun aird na n-ospidéal go ginearálta ábhair imní a fuarthas in fiche ospidéal a ndearnadh cigireacht orthu, lena n-áirítear imní faoi: rialuithe i leabharlanna taifead sláinte; stóráil dramhpháipéir faoi rún i suíomh an ospidéil; agus easpa príobháideachais nuair atá fadhbanna sláinte agus fadhbanna eile sláinte á bplé. Tabharfaidh sé chomh maith nod do gach ospidéal scrúdú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cuid na hábhair imní sin, nó iad uile, ag tarlú nó go bhféadfadh siad tarlú i saoráidí a n-ospidéil, agus má tá, na moltaí atáimid ag tabhairt leis an suíomh a leigheas a fheidhmiú. Tar éis an tuairisc fhoriomlán a scaipeadh ar gach ospidéal, iarrfaimid plean gnímh ó gach ceann díobh ina dtugtar achoimre ar an gcaoi agus cén uair a dhéanfaidh siad na moltaí a fheidhmiú a bhaineann lena saoráid féin. Déanfaimid monatóiriú ar fheidhmiú na bpleananna gnímh thar chúrsa an dá mhí dhéag seo a leanas go hocht mí dhéag.

Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach)

I mí an Mhárta 2017, thionscain an tAonad Imscrúduithe Speisialta imscrúdú chun scrúdú a dhéanamh ar rialachas sonraí pearsanta a bhaineann le cosaint leanaí ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (feidhmíonn an Ghníomhaireacht faoin ainm “Tusla”).

Ar bhunú Tusla i mí Eanáir 2014, tugadh le chéile ceithre mhíle bhall foirne ar fud an Stáit a bhí fostaithe roimhe sin le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais, agus an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

Faoina reachtaíocht bhunaithe, tugadh sainordú do Tusla i leith roinnt feidhmeanna sonracha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don mhéid seo a leanas:

- tacú le agus cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt, leas agus cosaint leanaí, lena n-áirítear cúram agus cosaint a chur ar fáil do leanaí i gcúinsí nach raibh a gcuid tuismitheoirí in ann, nó nach dócha go mbeadh siad in ann an cúram a thabhairt a theastaíonn ón leanbh;
- tacú le agus spreagadh a thabhairt d’fheidhmiú éifeachtach teaghlach, lena n-áirítear seirbhísí coiscitheacha um thacaíocht teaghlaigh atá dírithe ar leas leanaí a chur chun cinn; cúram agus cosaint d’íospartaigh foréigin teaghlaigh, foréigean bunaithe ar ghnéas nó inscne, bíodh sé i gcomhthéacs an teaghlaigh nó i gcomhthéacs eile; agus
- chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlach.

Tionscnaíodh an t-imscrúdú speisialta seo mar fhreagra ar eolas a tháinig chun solais go poiblí i mí Feabhra 2017 i leith ábhair imní a bhaineann le sonraí pearsanta agus sonraí íogair pearsanta a láimhseáil ag Tusla.

Is éard a bhí i gceist leis an imscrúdú ná cigireachtaí fisiciúla arna ndéanamh ag Oifigigh Údaraithe de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag oifigí Tusla i Luimneach, Trá Lí, Cill Chainnigh, Droichead Átha, An Uaimh, Baile an Teampaill, Port Laoise agus Ceannáras Tusla i mBaile Átha Cliath. Cigireachtaí gan foláireamh a bhí i gceist le ceithre cinn díobh.

Chríochnaigh an tAonad Imscrúduithe Speisialta a chuid oibre imscrúdaithe i mí na Nollag 2017 agus cuireadh a chuid torthaí (59 ar an iomlán faoi dhá cheannábhar déag) i láthair Tusla i mí Eanáir 2018.

Ceann de phríomhchonclúidí an imscrúdaithe ná nach ndearnadh pleanáil leordhóthanach le haghaidh próiseála ar shonraí pearsanta agus íogaire, i gcomhthéacs bainistíochta cuí comhad agus coinneáil taifead go ginearálta sa mhéid is nár cuireadh straitéis láidir rialachais sonraí i bhfeidhm nuair a bunaíodh Tusla in 2014 (rud a tharla tar éis cumasc idir baill foirne i dtrí ghníomhaireacht ar leithligh agus a raibh i gceist ann maidir méideanna móra cásoibre a thabhairt le chéile). Bhí an méid seo a leanas i measc phríomhthorthaí eile an imscrúdaithe:

- tá sé ríthábhachtach, i gcás an chórais bainistíochta cásoibre a mbaintear úsáid as i ngach réimse de chuid Tusla, go ngineann an córas taifead iomlán agus críochnaitheach de na hábhair uile cásoibre a bhaineann le gach cás chun an riosca a mhaolú go bhféadfadh sé go dtabharfadh an córas dearcadh míchruinn, neamhiomlán nó as riocht i leith gach cáis. Aithníodh fianaise san imscrúdú ar imleabhair iomadúla agus forluiteacha cás-chomhaid aonair nuair bhféadfaí aon ‘mháistirchomhad’ críochnaitheach a aithint, gan aon chonair iniúchta i dtaca le láimhsiú an chomhaid; agus
- ba ghné fheiceálach le linn na n-imscrúduithe iad naisc reatha chuig an FSS i dtaca le spás oifige, seirbhísí agus córais TCF, agus ba ábhar imní iad.

Agus torthaí an imscrúdaithe á gcur faoi bhráid Tusla, d’iarr an tAonad Imscrúduithe Speisialta ar Tusla plean gnímh a chur ar fáil laistigh de dhá mhí le hachóimre ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige déileáil leis na torthaí.

Imscrúdú Speisialta maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí

Mar thoradh ar theacht chun solais ruda ar cosúil é le riachtanas éigeantach go dtaispeánfaí Cárta Seirbhísí Poiblí (go heisiach ó aon fhoirm eile fianaise maidir le haitheantas) chun teacht ar réimse seirbhísí leasa neamhshóisialaigh in idirbhearta nach raibh bunaithe ar chárta, tionscnaíodh athscrúdú de chuid an CCS ar shocruithe le haghaidh Cárta Seirbhísí Poiblí. Chomh maith leis sin, foilsíodh ailt sna meáin chumarsáide a tharraing aird ar an gceist seo, agus rinne an pobal teagmháil rialta leis an CCS lena n-ábhar imní a chur in iúl. Téama coitianta imní a tháinig aníos ón bpobal na roinnt sonraí le comhlachtaí eile poiblí.

Bhí an CCS agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i mbun comhfhreagras mionsonraithe in 2017 a raibh sé de thoradh air gur cuireadh ar fáil don CCS “Treoir Chuimsitheach i leith Clárúcháin Slán agus an Cárta Seirbhísí Poiblí” na Roinne agus a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Tar éis machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis seo, tháinig an CCS den tuairim go dteastódh tuilleadh scrúdaithe chun an fhaisnéis a fuarthas le dáta a bhailíochtú agus le measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an rialaitheoir sonraí don Roinn comhlíontach lena chuid dualgas de bhun na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003. Dá réir, chinn an CCS a imscrúdú speisialta féin a reáchtáil i bhfoirm iniúchta ag baint úsáide as na cumhachtaí a thugtar dó de bhun Alt 10(1A) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003.

Is é cuspóir an imscrúdaithe seo, dá bhrí sin, ná chun fáil amach an bhfuil bunús dlíthiúil le haghaidh thionscadal an Chárta Seirbhísí Poiblí, chun scrúdú a dhéanamh an raibh cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm i dtéarmaí slándáil sonraí, agus chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal eolais a cuireadh ar fáil don phobal agus cé acu an gcloíonn nó nach gcloíonn sé seo riachtanais trédhearcachta na reachtaíochta cosanta sonraí.

Tá an t-imscrúdú seo fós ag leanúint ar aghaidh agus táthar ag súil leis go n-eiseofar na torthaí don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le linn an chéad leath de 2018.

Fógraí um Shárú Sonraí

In 2017, fuair an CCS 2,973 fógra um shárú sonraí faoi fhorálacha an Chóid Chleachtais um Shárú Slándála Sonraí Pearsanta, agus rangáíodh 178 cás (6% de chásanna) mar chásanna neamhsháraithe.

Chláraigh an oifig in 2017 iomlán de 2,795 sárú bailí slándála sonraí, agus is ionann é seo agus méadú díreach faoi 26% (571) ar na figiúirí a tuairiscíodh in 2016.

Ó 25 Bealtaine 2018, tugann Alt 33 den RGCS isteach dualgais éigeantacha d'eagraíochtaí i leith fógraí um shárú sonraí. Faoi láthair, is faoin gCód Cleachtais um Shárú Slándála Sonraí Pearsanta saorálach a thólaictar formhór na dtuairiscí um shárú slándála sonraí pearsanta, rud a tugadh isteach i mí Iúil 2011. Mar a bhí i gceist le blianta eile, an chatagóir is mó sárúithe ar shonraí a tuairiscíodh faoin gCód Cleachtais ná nochtuithe neamhúdairithe agus ba ionann na sárúithe seo agus díreach faoi bhun 59% d'iomlán na bhfógraí um shárú ar shonraí a fuarthas in 2017. Tharla formhór na sárúithe neamhúdairithe nochtaithe seo san Earnáil Airgeadais.

Níl an Cód Cleachtais seo ceangailteach ó thaobh dlí de agus ní bhaineann sé le soláthraithe teileachumarsáide agus seirbhísí idirlín, a bhfuil dualgas dlíthiúil orthu faoi Ionstraim Reachtuil 336 de 2011 fógra a thabhairt don CCS maidir le sárú slándála sonraí tráth nach déanaí ná 24 uair tar éis an sárú a thabhairt faoi deara den chéad uair.

In 2017, fuair an CCS iomlán de 178 fógra bailí um shárú sonraí i dtaca leis an Earnáil Teileachumarsáide, agus ba ionann é seo agus díreach os cionn 6% d'iomlán na gcásanna bailí a tuairiscíodh don bhliain. Is ionann é seo agus méadú 25.3% (36) ar na figiúirí a tuairiscíodh in 2016.

I measc na samplaí de shárúithe ar shonraí a tuairiscíodh don CCS, tá:

- láimhseáil mhíchuí nó nochtadh sonraí pearsanta, mar shampla diúscairt mhíchuí, rochtain tríú páirtí ar shonraí pearsanta – bíodh sé de láimh nó ar líne – agus rochtain neamhúdairithe ag fostaí;
- cailliúint sonraí pearsanta coinnithe ar ghléasanna cliste, ríomhairí glúine, ríomhairí, méaróga USB agus comhaid pháipéir; agus
- slándáil líonra curtha i mbaol/sárúithe ar shlándáil suímh gréasáin, mar shampla bogearraí éirice, haiceáil agus camchóipeáil suímh idirlín.

Bhí laghdú, áfach i líon na sárúithe slándála ar shuíomhanna gréasáin a tuairiscíodh in 2017, síos chuig 6 ó 16 in 2016. Is gnách gurb éard atá i gceist leis na cásanna seo ná suíomhanna a cheannach, a bhfuil cárta creidmheasa custaiméara aréir, trína fhéadann ionsaitheoirí díriú go príomha ar shonraí cárta

creidmheasa a chamchóipeáil ón suíomh chun críocha calaoise.

Thug an CCS faoi deara méadú in úsáid innealtóireachta sóisialta agus ionsaithe fioscaireachta chun rochtain a fháil ar infreastruchtúr fiontair. Cé gur chuir roinnt eagraíochtaí bearta éifeachtacha slándála TCF i bhfeidhm ar dtús, d'aithníomar eagraíochtaí nach raibh céimeanna réamhghníomhacha á dtógáil acu chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta seo ná chun oiliúint a chur ar na baill foirne le cinntiú go mbeadh siad ar an airdeall faoi bhagairtí síor-athraitheacha. Sna cúinsí seo, molaimid go gcuireann eagraíochtaí athbhreithnithe tréimhsiúla i bhfeidhm ar a mbearta slándála TCF agus plean oiliúna cuimsitheach a cheapadh d'fhostóirí, faoi thaca ag oiliúint athnuachana agus cláir feasachta chun na rioscaí a mhaolú ón réimse síor-athraithe bagairtí.

Le linn 2017, rinneamar imscrúdú ar roinnt sárúithe sonraí bainteach le hionsaithe bogearraí éirice. I mórán cásanna, d'aithníomar go raibh easpa feasachta ann i measc rialaitheoirí sonraí gur sárú ar an reachtaíocht Cosanta Sonraí iad ionsaithe bogearraí éirice. In ionsaithe den chineál sin, bhí na sonraí pearsanta faoi réir próiseáil neamhúdairithe, agus mar thoradh, d'fhéadfaí, go poitéinsiúil, go seánfaí go bhfeidhmeofaí a gceart faoin reachtaíocht.

Fuaireamar amach sa chás go ndearna bogearraí éirice ionsaí ar eagraíochtaí, aithníodh an drochrialachas agus na droch-chleachtais seo a leanas:

- easpa oiliúna foirne agus feasachta maidir le bagairtí cruthaithe ag bogearraí éirice;
- ríomhphost agus timpeallachtaí scagtha gréasáin nó fearais slándála cumraithe go holc;
- gan a chinntiú go ndearnadh nuashonrú rialta ar gach fearas ríomhaireachta, freastalaithe san áireamh, le paistí bogearra agus slándála na ndé-antúsóirí;
- drochpholasaithe pasfhocail agus easpa fíordheimh-nithe ilfachtóir le haghaidh cian-rochtain;
- drochrialuithe rochtana, go háirithe úsáid cuntas roinnte (róil), agus cuntais ardaithé nó forúsáideora (cuntais riarthóirí) ar fhearais gan ghá gnó; agus
- loiceadh nuashonrú a dhéanamh ar bhogearraí frithviris agus frithmhailíseacha leis na sainmhínte is deireanaí.

Mar a bhí i gceist in 2016, bhí ardú in 2017 ar an líon córas slándála líonra a cuireadh i mbaol a tuairiscíodh agus tháinig breis agus dúblú ar líon na bhfógraí ó 23 cás in 2016 go 49 in 2017. Is iondúil go mbíonn ionsaithe bogearraí éirice agus bogearraí mailíseacha san áireamh sna cásanna seo.

Nótaí um Sárú Sonraí – 2017

2,973

Líon iomlán na bhfógraí um shárú sonraí a fuarthas

6.0% (178)

An líon a mheastar nach sárú a bhí iontu—de réir fhorálacha an Chóid Cleachtais maidir le Sárú ar Shonraí Pearsanta.

2,795

Líon na bhfógraí bailí um shárú sonraí slándála arna dtaifead ag an Oifig (01 Eanáir – 31 Nollaig 2017)


↑ 25.7% (571)

méadú ar na huimhreacha a tuairiscíodh i 2016


Fógraí um Shárú de réir Catagóir agus Earnála 2017

Catagóir	An Earnáil		An Earnáil Phoiblí
	Gach Earnáil	Phríobháideach	
Gadaíocht/Caillteanas Fearas TCF, mar shampla gléas cliste, nach ríomhaire glúine é	32	17	15
Slándáil Suímh Gréasáin	90	24	66
Nochtadh Neamhúdaraíthe – curtha sa phost	295	263	32
Nochtadh Neamhúdaraíthe – curtha go leictreonach	478	341	137
Nochtadh Neamhúdaraíthe – Eile	1,844	430	1,414
Nochtadh – Ceisteanna a bhaineann le slándáil	56	45	11
Neamhshárú	178	139	39
Foriomlán	2,973	1,259	1,714

Comparáid idir Eagraíochtaí a dhéanann Fógraí um Shárú 2013–2017



Miondealú ar na Fógraí um Shárú ar Shonraí 2013–2017



Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta

Ba thosaíocht lárnach don CCS le linn 2017 é maoirsiú a dhéanamh ar chomhlachtaí ilnáisiúnta a bhfuil oibríochtaí acu in Éirinn. Agus an fhoireann CCS um Chomhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta i gceannas, rinneamar gníomhú réamhghníomhach leis an earnáil comhlachtaí ilnáisiúnta, ag cinntiú go bhfuiltear ag leanúint lenár maoirsiú rialála ar na comhlachtaí seo a chomhordú agus a bheith comhsheasmhach thar fheidhmeanna comhairliúcháin, iniúchóireachta agus imscrúdaithe na foirne.

Le linn 2017, bhí an RGCS ag éirí, de réir a chéile, ina ghné lárnach dár gcuid idirghníomhaíochtaí le comhlachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta agus meán sóisialta, agus chuir mórán comhlachtaí a gclár ullmhachta RGCS inár láthair agus d'íarr treoir orainn i dtaca le feidhmiú RGCS dá gcuid beartas, táirgí, agus seirbhísí. Chuir na cainteanna seo deis ar fáil ár dtuairimí a chur in iúl ar bhealach cuiditheach maidir le forálacha lárnacha an RGCS, amhail trédhearcacht d'úsáideoirí seirbhísí, na bunús chuí dlí chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil, agus próiseáil a dhéanamh ar chatagóirí speisialta sonraí. Méadaíodh ár ngníomhú leis na comhlachtaí seo go luath in 2018 agus táimid ag súil leis go mbeidh ár dtreoir agus comhairle inchiallaithe chun seirbhísí agus táirgí comhlíontach le GDPR a bhrú chun cinn ó 25 Bealtaine 2018.

Chonacthas méadú suntasach chomh maith in 2017 i líon na bhfiosruithe ó chomhlachtaí ilnáisiúnta i dtaca leis an gceann-údarás nua cosanta sonraí RGCS/ an tionscnamh ionaid ilfhreastail. Tá sé soiléir ó na teagmhálacha seo go bhfuil líon mór comhlachtaí a bhfuil oibríochtaí Eorpacha acu in Éirinn ag déanamh measúnú gníomhach le feiceáil an gcomhlíonann siad na riachtanais RGCS chun leas a bhaint as an tsamhail ionaid ilfhreastail, rud a cheadódh dóibh gníomhú go haonair le CCS na hÉireann mar a bpríomhúdarás cosanta sonraí AE.

I ndúil le bheith mar an údarás ceannais AE do roinnt mhaith de na comhlachtaí seo, leanadh le hobair in 2017 ar an CCS a ullmhú chun glacadh le feidhmeanna breise, trína ndéanfaimid ó 25 Bealtaine 2018 comhoibriú níos déine le húdarás eile cosanta sonraí AE ar chásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann. Féach an rannán ar leathanach 45 le haghaidh tuilleadh eolais ar chlár ullmhachta an CCS i leith RGCS.

Le linn 2017, rinneamar a thuilleadh infheistíochta i gcumas agus inniúlachtaí na foirne Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta a thógáil, agus in 2018 beidh muid ag tabhairt tosaíochta le haghaidh breis earcaíochta le haghaidh acmhainní speisialaithe a bhfuil saineolas acu i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

I measc na samplaí den ghníomhú a bhí againn le comhlachtaí ilnáisiúnta le linn 2017, a raibh níos mó ná 100 cruinniú i gceist leis, bhí:

- comhairliúcháin le Facebook ar mhórán aipeanna nuashonraithe agus aipeanna nua, ag cinntiú go gcuirfí san áireamh ár n-ábhar imní i dtaca le próiseáil phoitéinsíúil ar shonraí pearsanta;
- roinnt gníomhaithe le LinkedIn Ireland chun nuashonrúcháin a thabhairt chun críche maidir lena pholasaí príobháideachais in 2017, agus athbhreithniú den chineál céanna ar a rialaitheoir sonraí comhpháirtíochta Lynda.com;
- athbhreithniú ar pholasaí reatha cosanta sonraí *Twitter*
- gníomhú le Google maidir le timpeallacht cuntais a thabhairt isteach a bheadh rialaithe ag tuismitheoir lena úsáid ag leanaí;
- roinnt taispeántais teicneolaíochta agus cruinnithe le heagraíochtaí ag moladh táirgí agus réitigh RGCS do rialaitheoir sonraí;
- gníomhú leanúnach le *WhatsApp* maidir lena thrédhearcacht i leith aistrithe sonraí; agus
- imscrúdú ar roinnt sárúithe móra, lena n-áirítear sárú *Yahoo!*

Cásanna ilnáisiúnta le hardphróifil

Rinne an fhoireann Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta dianscrúdú le linn 2017 ar ghnéithe cosanta sonraí i roinnt forbairtí tráchtála le próifíl ard. Ina measc seo bhí an roinnt sonraí *WhatsApp* a bhí beartaithe le Facebook, éadail agus atheagrú oibríochtaí *EMEA Yahoo!* ag grúpa *Verizon* lena mbunaítear an Rialaitheoir Sonraí nua “*Oath*”, agus an toradh ar éadail *Microsoft* ar *LinkedIn*.

WhatsApp Inc – Facebook

Leanadh le gníomhú fairsing le *WhatsApp* maidir leis an mbunús dlíthiúil agus an phróiseáil chóir ar aon sonraí pearsanta a roinntear nó a aistrítear ó *WhatsApp Inc.* go *Facebook Inc.* Is éard a bhí mar thoradh air seo ná an t-athrú dearfach agus ceartaithe ar leibhéal trédhearcachta nuair a d’fhoilsigh *WhatsApp* Ceisteanna Coitianta athbhreithnithe le sonraí feabhsaithe faoi nádúr, scóip agus cuspóirí an mhalartaithe sonraí i mí Lúnasa 2017. Ag an am céanna, tá an comhaontú agus gealltanais fós i bhfeidhm a rinne *WhatsApp* le CCS na hÉireann in 2016 a raibh sé de thoradh air gur cuireadh sos le sonraí a roinnt chun críocha eile seachas chun críocha slándála agus anailísíochtaí feidhmíochta. Go tábhachtach, tá sos fós ar shonraí a roinnt chun críocha fógraíochta ar Facebook nó chun críocha feabhsuithe táirge do Facebook nó *WhatsApp*. Ní tharlóidh an malartú sonracha sonraí seo go dtí go bhfuil meicníocht chomhaontaithe i bhfeidhm chun é a chumasú, chun sástacht an CCS.

Oath EMEA – Yahoo!, Verizon Group

I Meitheamh 2017 chríochnaigh *Verizon Group* a éadail ar *Yahoo!* In Éirinn, an príomhghnólacht agus rialaitheoir sonraí do bhaill *Yahoo!* in Éirinn, is é sin *Yahoo! EMEA*, tá sé anois ina *Oath EMEA*, cuid den ghnóthas meán digiteach *Oath*. Mar eagraíocht dhomhanda a bhfuil níos mó ná 50 branda agus na milliúin úsáideoirí aige san AE, bhí sé i gcónaí tábhachtach do *Oath EMEA* gníomhú leis an CCS ionas gur féidir linn tionchar na héadála agus atheagrú a thuiscint. Gné shuntasach den gníomhú seo ná an meas ar na socruithe agus freagrachtaí athraithe nó nua faoi mhalartú sonraí atá *Oath EMEA* ag tabhairt faoi agus freagrach as mar rialaitheoir sonraí agus mar “easpórtálaí” sonraí. Ghníomhaigh CCS le *Oath EMEA* ar an gceist seo agus tá faireachán fós á dhéanamh ar dhul chun cinn de bhun na moltaí a rinneadh go dtí seo, ach chomh maith ar chlár ullmhachta *Oath EMA* chun dul i dtreo comhlíonadh go hiomlán agus go héifeachtach le RGCS.

Microsoft – LinkedIn

I Nollaig 2016, críochnaigh Microsoft an éadail ar LinkedIn. In 2017, dheimhnigh LinkedIn do CCS go raibh Microsoft agus LinkedIn fós ar leithligh agus ina rialaitheoirí sonraí neamhspleácha. Táimid ag leanúint de bheith ag gníomhú le LinkedIn ar an gcaoi a dtiocfaidh forbairt ar an suíomh ó thaobh aon mhalartú sonraí a d’fhéadfadh tarlú amach anseo, go háirithe ó thaobh an bhunús dlíthiúil, an trédhearcacht agus na cosaintí atá i bhfeidhm.

Idirchaidreamh le Facebook na hÉireann

Rinne an CCS idirchaidreamh le *Facebook* le linn 2017 ar réimse ábhair, lena n-áirítear trédhearcacht d’úsáideoirí, rialuithe agus cosaint d’úsáideoirí bainteach le aipeanna nua éagsúla lena mbaineann próiseáil grianghraf, suímh agus teachtaireachtaí téacs. Rinneamar athbhreithniú ar théarmaí nuashonraithe, téarmaí nua agus polasaithe faoi na ábhair i gceist, thugamar faoi scrúduithe mionsonraithe ar an teicneolaíocht atá á húsáid i mbailiú agus próiseáil sonraí pearsanta, agus thugamar aiseolas agus breathnóireachtaí fairsinge. Cé go ndearnadh roinnt de threoir an CCS i gcomhthéacs ullmhúchán Facebook don RGCS, d’aontaigh *Facebook* glacadh lenár moltaí nuair atá aipeanna agus seirbhísí á scaoileadh le haghaidh luchtú úsáide Éireannach agus AE roimh RGCS. Trínár ndianghníomhú le *Facebook*, táimid in ann tuiscint níos fearr a fháil ar oibríochtaí beartaithe próiseála *Facebook* agus teacht roimh an ngá le hobair forfheidhmithe a thiocfadh aníos ar bhealach eile.

Chomh maith leis na hathruithe teanga i gcáipéisí polasaí agus sa nuashonrúchán don ráiteas i leith fianán, bhí roinnt mhaith ábhar suimiúil ann le linn an chomhairliúcháin a raibh údar leo dúinn breathnú tuilleadh orthu le *Facebook*.

LiveLocation in Messenger

Tá sé ag éirí níos coitianta sonraí suímh a bheith in úsáid ag aipeanna agus suímh idirlín mar bhealach chun moltaí pearsanta a dhéanamh agus moltaí bunaithe ar fhoirgnimh san fhíorshaol, ar shiopaí, ar áiseanna, ar tháirgí, ar sheirbhísí nó ar dhaoine atá i bhfoisceacht. I gcás roinnt daoine aonair, tá sé seo an-úsáideach i suímh áirithe. Mar sin féin, tá roinnt rioscaí ag baint lena mbailiú, a phróiseáil agus a roinnt le rialaitheoirí sonraí. Is féidir go léireodh an t-eolas an-chuid faoi láthair fhisiciúil nó nósanna an duine, agus teastaíonn cúram agus aird speisialta nuair atá sé á bhailiú, á phróiseáil nó á chur ar fáil do dhaoine eile.

Is sa chomhthéacs seo a chuamar i mbun gníomhaithe le *Facebook* le linn 2017 maidir le nuashonrú ar a dtáirge ar a dtugtar “Live Location”. Ligeann sé do dhaoine aonair a suíomh a roinnt le daoine eile i gcomhrá ar feadh scaitheamh socraithe. Bhíomar buartha go háirithe faoi thrédhearcacht agus coinneáil na sonraí suímh a bhailíonn an ghné seo agus d’ardaíomar ceisteanna éagsúla teicniúla maidir leis na modhanna agus na “comhéadain feidhmchláir” a úsáideadh chun na sonraí suímh i leith an úsáideora a fháil agus a phróiseáil.

Dheimhníomar sa phróiseas seo go bhfuil an roinnt sonraí suímh faoi rialú agus mar rogha ag an úsáideoir, nach gcoinníonn *Facebook* na sonraí suímh – agus mar sin níl sé ar fáil ina n-uirlis chun do chuid sonraí a íoslódáil, is é sin ‘Download Your Information’ – agus go n-úsáideann an aip i gcónaí comhéadain feidhmchláir agus rialuithe ag leibhéal an ghléis chun an fhaisnéis a bhailiú. De bhun an ghníomhaithe seo, thugamar breathnóireachtaí agus moltaí do *Facebook* maidir leis an mbailiú leanúnach sonraí láithreach ag an aip Messenger. Chuireamar ar fáil tuilleadh moltaí maidir le hinfhaighteacht, comhsheasmhacht agus gráinneacht na rialuithe suímh d’úsáideoirí *Facebook*, agus chuireamar béim air go ndéanfaí plé ar a thuilleadh nuashonrúchán do bhailiú agus próiseáil sonraí suímh ag *Facebook* leis an CCS sa chás go dtagann siad aníos, agus nuair a thagann siad aníos.

Idirchaidreamh le LinkedIn na hÉireann

Tuairisciú LinkedIn ar Thuarastail

Bhí sé beartaithe ag LinkedIn an ghné suímh gréasáin maidir le tuairisciú ar thuarastail a thabhairt isteach i ndlínsí éagsúla taobh amuigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i roinnt suíomhanna AE. Ligeann an ghné do dhuine is ábhar do shonraí a chuid sonraí tuarastail a chur isteach mar mhalairt ar léiriú comhiomlán ar na leibhéil tuarastail sa ról, tionscal nó suíomh ginearálta céanna. Déantar an fhaisnéis seo a dhí-ainmniú, a chriptiú, a rialú ó thaobh rochtana, agus ní stóráiltear é i gcomhar le próifíl an bhaill. Ní mór córam a bhaint amach de thuarastail a chuirtear isteach sula gcuirtear an fhaisnéis chomhiomlán ar fáil, ionas go seachnófar an na deiseanna an fhaisnéis a athcheangal nó a aithint. Dhírigh ár ngníomhú ar fhéachaint ar na cosaintí a bhí i bhfeidhm chun an fhaisnéis íogair seo a chosaint, a mhéad a bhí fáil uirthi go himmheánach, agus an phróiseáil bhainteach sonraí. Tá eolas foilsithe ag *LinkedIn* ar an ngné seo ar a bhlag innealtóireachta. Táimid ag leanúint orainn ag déanamh maoirsithe le cinntiú gur bunús ardchaighdeán é an bunús tola le haghaidh próiseáil sonraí, na cosantaí agus bainistíocht riosca atá i bhfeidhm, agus le cinntiú i ngach áit a bhfuil an ghné seo i bhfeidhm, go mbeadh sé comhlíontach ó thaobh RGCS de.

Bailiúchán Seachtrach LinkedIn (“Moltaí Próifíle”)

Gné eile a chuir *LinkedIn* i bhfeidhm in 2017 ná eolas a bhailiú lena chur ar fáil líon teoranta suíomhanna idirlín ar a bhfuil sonraí pearsanta foilsithe ag daoine aonair, nó “curtha ar fáil go poiblí”. Sa chás gur bhailigh *LinkedIn* an t-eolas seo, dheimhneodh sé le ball a d’aithin sé trí algartam, gur bhain an t-eolas leo. Más ea, is féidir leis an mball rogha a dhéanamh é a chur lena bpróifíl *LinkedIn* nó gan é a chur. Dhírigh ár n-ábhair imní ar thrédhearcacht agus ar na rialuithe ar fáil do bhailiú *LinkedIn*, agus go poitéinsiúil do neamhbhaill, a raibh a sonraí pearsanta á mbailiú ag *LinkedIn*. D’éirigh sé soiléir nuair a d’fhéachamar ar an ngné seo le *LinkedIn*, go raibh sé bunaithe ar thoilíú, agus go bhféadfadh baill a roghnú go gcuirfí cosc ar an bpróiseáil a ligeann an ghné seo oibriú. Chomh maith leis sin, sa chás gur bailíodh sonraí pearsanta ach nár aithníodh go deimhneach é, d’aithin *LinkedIn* gur coinníodh é ar feadh tréimhse fíortheoranta ama. Rinneamar soiléir do LinkedIn é go ndéanfaí bainistiú cúramach ar ár breathnóireachtaí agus moltaí

i leith na gné seo, go háirithe i dtéarmaí trédhearcachta, rialuithe agus maolú riosca maidir le próiseáil sonraí pearsanta daoine nach baill iad.

Idirchaidreamh le *Twitter*

Bailiú Sonraí Suímh *Twitter*

Le linn athbhreithniú ar nuashonrú beartaithe *Twitter* dá pholasáí príobháideachais agus oibríochtaí bainteacha próiseála, chinn an fhoireann breathnú níos géire ar bhailiú agus ar úsáid sonraí suímh Bhí suim ar leith ann seo toisc, mar a thugamar faoi deara cheana i dtaca le seirbhísí *LinkedIn* thuas, is féidir íogair na sonraí suímh dlúthshonraí faoi dhuine aonair a nochtadh. Sa chás seo, cé go bhfaigheann *Twitter* toiliú liostála roghnaí chun sonraí suímh a bhailiú agus a úsáid ó threalamh teirminéil a úsáidtear chun teacht ar an tseirbhís, féadfaidh sé go mbaileofaí sonraí suímh ó threalamh ródaí baile, fiú nuair nach dtugtar toiliú. I gcás úsáideoirí *Twitter* ar mian leo gíolcaireacht a cheangal le suíomh, is é sin “Tweet with Location”, is féidir go gceadóidh sé seo dóibh a ngíolc a cheangal le gnóthas ar leith, sainchomhartha, nó áit shuimiúil.

Agus *Twitter* ag féachaint ar an oibríocht phróiseála seo, rinneamar anailís ar a gcuid cosantáí teicniúla agus eagraíochtúla, an gá leis an bpróiseáil seo, agus an bunús dlíthiúil. Go háirithe, mholamar do *Twitter* go mbreathnódh siad arís ar an mbunús dlíthiúil le sonraí suímh ó fhearas an tsealbhóra chuntais nó ó fhearas ródaire tríú páirtí a phróiseáil ionas gur féidir breathnú go hiomlán ar agus a bheith in ann léiriú a thabhairt ar a gcuntasacht, riachtanas agus cothromaíocht próiseála ó thaobh cearta agus saoirsí daoine is ábhar do shonraí. Mholamar chomh maith go bhféachfadh *Twitter* arís ar a soláthar cosantí agus rialuithe díliostála dóthanacha agus éasca a úsáid, agus ar inrochtaineacht agus infhaighteacht na gcáipéisí chun ligean d’úsáideoirí toiliú cruinn agus faoi réir lán-eolais le haghaidh gach bealach próiseála sonraí suímh. Dhearbhagh *Twitter* go ndéanfaí a bhfreagra dár moladh a bhrú chun cinn mar chuid dá n-obair um ullmhacht RGCS.

Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus sárúithe ar shonraí

In 2017, rinne an fhoireann Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta imscrúdú ar 19 sárú ar shonraí a raibh eagraíochtaí ilnáisiúnta bainteach leo. Fuaireamar amach gur bhain an méid seo a leanas le formhór na sárúithe ar shonraí:

- spleáchas iomarcach ar phróiseálaithe sonraí bearta cuí slándála a fheidmiú a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, amhail spleáchas ar na socruithe slándála réamhshocraithe a thairgeann soláthraithe néal-bhunaithe, rud a raibh sé de thoradh air gur tharla rochtain neamhúdraithe ar shonraí pearsanta;
- easpa feasacht i leith gnéithe slándála arna gcur ar fáil ag réitigh bogearraí agus cruá-earraí TCF in úsáid le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta, mar shampla iad siúd a sholáthraíonn córais oibriúcháin, feidhmchláir bhogearraí, soláthraithe néal-bhunaithe &rl, agus loiceadh athbhreithniú agus feidhmiú a dhéanamh ar na gnéithe sin de réir mar is cuí;
- loiceadh athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar bhearta slándála, ar chumrú na mbeart slándála sin, agus loiceadh gan na nuashonruithe ríthábhachtacha agus na paistí slándála a fheidhmiú;
- loiceadh comhaontuithe cuí próiseála sonraí a bheith i bhfeidhm, agus de thoradh air sin drochrialachas agus drochrialuithe maidir le próiseálaithe sonraí agus loiceadh cinntiú gur chomhlíon próiseálaithe sonraí lena ndualgais chun sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach slán ar threoir ón rialaitheoir sonraí; agus
- spleáchas iomarcach ar phróiseálaithe sonraí maidir le cinneadh agus feidhmiú na mbeart cuí slándála chun próiseáil sonraí pearsanta eagraíochta a chosaint. Fuaireamar amach nár lorg eagraíochtaí gealltanais fhoirmiúla óna bpróiseálaithe sonraí go raibh na rialuithe slándála a cuireadh i bhfeidhm leordhóthanach agus nár chomhlíon siad le riachtanais shonracha slándála na heagraíochta chun próiseáil sonraí pearsanta a chosaint.

Sárú sonraí Yahoo!

Tar éis fógra a bheith curtha chuig an CCS ag *Yahoo! EMEA* agus *Yahoo! Inc.* faoi shárú sonraí i mí Mheán Fómhair 2016 ina ndearnadh timpeall 500 milliún cuntas úsáideoirí Yahoo! a chóipeáil agus a ghoid ó

infreastruchtúr *Yahoo! Inc.* in 2014, chuireamar tús le himscrúdú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Is é *Yahoo! EMEA* an rialaitheoir sonraí d'fho-thacar cuntas úsáideoirí goidte, ar cuntais iad a bhaineann le saoránaigh AE/LEE, agus is é *Yahoo! Inc.* an próiseálaí sonraí. Tugadh ár n-imscrúdú chun críche den chuid is mó le linn 2017 agus críochnófar go luath in 2018 é.

Iníúchtaí Cosanta Sonraí ag Comhlachtaí Ilnáisiúnta

Le linn 2017, reáchtáil an fhoireann Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta iníúchtaí cosanta sonraí ar roinnt comhlachtaí lena n-áirítear:

- *Adobe Systems Ireland*;
- *LinkedIn Ireland Limited*;
- *SurveyMonkey*; agus
- *AIG*

I measc na bpríomhthorthaí a tháinig as na hiniúchtaí seo ná:

- easpa trédhearcachta mar gheall ar pholasaithe príobháideachais nach gcuireann daoine is ábhar do shonraí ar an eolas ar bhealach dóthanach faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta;
- gan aon pholasaí sainithe coinneála sonraí, mar a theastaíonn faoi Alt 2(1)(c)(iv) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, rud a chiallaíonn go raibh sonraí á gcoinneáil ar feadh tréimhsí éiginnte ama;
- spleáchas iomarcach ar chonarthaí próiseála sonraí mar mhodh chun comhlíontachta. I mórán cásanna, d'aithníomar nach raibh eagraíochtaí ag tógáil céimeanna dóthanacha chun deimhniú a thabhairt go bhfuil na sonraí pearsanta a choinníonn siad slán agus go bpróiseálar iad ar threoracha sonraithe an rialaitheora sonraí; agus

- spleáchas iomarcach ar pholasaithe slándála eagraíochtúla domhanda. D'aithníomar go raibh roinnt eagraíochtaí spleách ar pholasaithe domhanda slándála, rud nach gcomhlíonann riachtanais shonracha na n-eagraíochtaí atá ag feidhmiú mar rialaitheoirí sonraí in Éirinn. D'aithníomar i roinnt cásanna nach raibh mórán nó nach raibh aon ionchur ag eagraíochtaí i leith fhorbairt na bpolasaithe slándála seo, rud a raibh sé de thoradh air go raibh drochrialachas TCF ann agus nach raibh feidhmiú na mbeart slándála seo dóthanach chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoi na hAchtanna.

Comhoibriú le hÚdaráis Eorpacha Cosanta Sonraí

Fuair an fhoireann Comhlachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíochta 19 iarratas nó atreorú cásanna ó roinnt Gníomhaireachtaí Eorpacha Cosanta Sonraí (GCS) in 2017.

I gcás amháin, chabhraíomar leis GCS na hÍsiltíre i dtaca le próiseáil sonraí ag *Airbnb Ireland* ("Airbnb") ar Uimhreacha Aitheantais Náisiúnta Ísiltíreach ("UANI"). Is próiseálaí sonraí é *Airbnb* atá lonnaithe in Éirinn a bhfuil freagracht aige as úsáideoirí uile an chomhlachta san Eoraip. San Ísiltír, bhí an rogha úsáideoirí agus iad ag deimhniú a n-aitheantas ar *Airbnb*, go n-uaslódálfai cóip dhigiteach dá bpas nó de cháipéis chomhchosúil. Is féidir go mbíonn UANI an duine aonair sna cáipéisí seo, ar aitheantóir uathúil é ar a dtugtar 'catagóir speisialta' sonraí pearsanta san Ísiltír. Tá cosc ar phróiseáil a dhéanamh ar chatagóirí speisialta sonraí san Ísiltír, ach amháin má bhaineann eisceacht shonraithe dhlíthiúil le hábhar.

Tar éis imscrúdú de chuid GCS na hÍsiltíre agus le cúnamh ón CCS, chuir *Airbnb Ireland* deireadh le próiseáil an UANI. Scríos *Airbnb* na hUANIlanna uile a bailíodh roimhe agus chuir sé rialuithe agus próisis i bhfeidhm lena áirithiú go scriostar go láithreach agus go huathoibríoch sonraí UANI ó gach cóip dhigiteach de cháipéisí aitheantais Ísiltíreach a uaslódáiltear chuig an ardán.

Is sampla é an cás seo de chomhoibriú éifeachtach idir údaráis cosanta sonraí AE a bhfuil sé mar aidhm ag an RGCS a chúchóiriú agus a láidriú.


Comhairliúchán

Tá ról fíorthábhachtach ag feidhm an chomhairliúcháin chun cur leis an tuiscint agus leis an bhfeasacht i measc eagraíochtaí ar a gcuid dualgas i leith cosaint sonraí. Trí rannpháirtíocht ghníomhach thuisceanach le heagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí araon, déanaimid a áirithiú go mbeidh rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe freagrach agus comhlíontach i dtaca leis an reachtaíocht i leith cosaint sonraí agus go mbíonn cosaint an chirt bhunúsaigh sin ar thús cadhnaíochta i dtionscadal ar bith a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Agus cur chuige straitéiseach á ghlacadh againn inár gcuid rannpháirtíochta le heagraíochtaí, leanamar de bheith ag díriú ar thionscadail próiseála sonraí agus ar thionscnaimh a bhí beartaithe a mbeadh ardriosca iontu do chearta cosaint sonraí daoine aonair. Trí threoir shoiléir a thabhairt d'eagraíochtaí agus trí chomhairle a chur orthu faoina gcuid dualgas comhlíontachta, bhí rath ar obair chomhairliúcháin réamhghníomhach an RCS maidir leis an bpobal a chosaint ar dhrochchleachtas láimhseála sonraí de chuid comhlachtaí earnála poiblí agus príobháidí araon.

Iarratais Ghinearálta 2017

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ginearálta in 2017: 1,818 iarratas ar fad. Sin ardú 69% ar an 1,078 iarratas a bhí ann in 2016 agus méadú 111% le hais 2015. Tabhair faoi deara: Ní áirítear comhairliúcháin le cuideachtaí ilnáisiúnta sna figiúirí sin, gheofar na sonraí sin ar leathanach 26.

Ní hionann agus 2015 agus 2016, ní raibh na hiarratais roinnte chomh cothrom céanna idir na hearnálacha éagsúla, bhí méadú suntasach in 2017 ar na hiarratais ghinearálta ón earnáil phríobháideach, ó ghnólachtaí beaga agus meánmhéide go háirithe.



Tugtar neart eolais sa bhriseadh síos ar iarratais chomhairliúcháin ghinearálta agus ba léir gur bhain mórán chuile iarratas a fuarthas i gcaitheamh 2017, go díreach nó go hindíreach, leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí atá ar na bacáin. Thabharfadh leibhéal agus nádúr na n-iarratas le fios gur saincheist níos suntasaí í an chosaint sonraí sna seomraí boird, anois agus go leor eagraíochtaí ag ullmhú go gníomhach

³ Níl ilnáisiúntaigh ná saincheisteanna teicneolaíochta san áireamh

don RGCS. Is léir agus is maith go bhfuil an tuiscint ag fás i measc rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí ar a thábhachtaí atá an chosaint sonraí, agus ar an díobháil clú agus ar an gcaillteanas airgeadais a d'fhéadfadh tarlú de dheasca míláimhseáil sonraí pearsanta.

Treocht an-suntasach eile in 2017, an méadú ar líon na n-iarratas ó shainchomhairleoirí cosanta sonraí agus ó ghnólachtaí dlí ag lorg ionchuir ón CCS faoin gcomhairle ba cheart dóibh a chur ar a gcliantaí i gcás saincheisteanna próiseála sonraí ar leith a bhain leis an RGCS. Is maith go bhfuil neart eagraíochtaí sa tóir ar shaineolas ábhartha chun cuidiú leo agus iad ag ullmhú don RGCS, agus leanfaidh an CCS de bheith ag tabhairt treorach agus comhairle de réir mar a oireann. Caithfear a nótáil sa chomhthéacs sin áfach, ag teacht le prionsabal na cuntasachta, gur faoi na heagraíochtaí atá i gceist agus a gcuid comhairleoirí atá sé a bheith in ann seasamh lena gcuid socruithe próiseála sonraí agus iad a dhlísteánú, agus a bheith in ann comhlíontacht leis an RGCS a léiriú.

Táthar den tuairim go leanfaidh na treochtaí fáis in imeacht 2018 atá braite ag an aonad comhairliúcháin, ag cur san áireamh na leibhéal breise feasachta atá ag daoine aonair ar a gcearta maidir le cosaint sonraí agus toisc go n-aithníonn níos mó eagraíochtaí anois go bhfuil comhlíontacht maidir le cosaint sonraí ar na príomhcheisteanna a chinnteoidh an éireoidh leo tionscadail/fiontair a sheachadadh a bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist iontu. Tá impleachtaí an RGCS ag éirí an-soiléir agus an-réadúil d'an-chuid eagraíochtaí agus leanfaidh an t-aonad comhairliúcháin air ag múscailt feasachta i gcaitheamh 2018 chun cuidiú leis na heagraíochtaí sin agus iad ag ullmhú don RGCS agus á chur chun feidhme.

Rannpháirtíocht

Chuaigh an rannóg comhairliúcháin i mbun rannpháirtíocht réamhghníomhach le raon leathan páirtithe leasmhara, ag féachaint le hordachán iomchuí agus treoir a thabhairt chun go bhféadfadh rialaitheoirí sonraí a bheith lánmhuíneach agus cinntí á ndéanamh acu i gcás tionscadail/tograí a bhainfeadh le sonraí pearsanta. Tionóladh os cionn 100 cruinniú duine le duine i gcaitheamh na bliana.⁴ Ar na heagraíochtaí/grúpaí agus tionscadail (bídís taiscéalaíoch nó eile) a ndeachamar i rannpháirtíocht leo i gcaitheamh 2017 bhí siad seo a leanas:

An Earnáil Phoiblí

- An Roinn Coimirce Sóisialtaí – Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP)
- An Roinn Talmhaíochta – ullmhacht don RGCS
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil – An Ceadúnas Teilifíse
- An Phríomh-Oifig Staidrimh – Sonraí Fón Póca agus Staitisticí Turasoíreachta
- An Roinn Tithíochta – Aighneachtaí Pleanála Ar Líne
- An Garda Síochána – Teilifís Chiorcaid Iata Pobail agus ionchur i dTeimpléid don Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí
- Cartlann Náisiúnta na hÉireann – An tAcht um Chartlann Náisiúnta agus impleachtaí faoin RGCS
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – an Bille um Roinnt agus Rialachas Sonraí, Córas TF don ríomh-Chomhtháthú, ardán *Hive*, Seirbhís na Stát-seirbhíse don Fhoghlaim agus Forbairt Chomhro-innte
- An Roinn Airgeadais agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí – Clár na nÚinéirí Tairbhíúla
- An Rialálaí Tacsaithe – úsáid TCI i dTacsaithe
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – Athchóiriú na Seirbhíse Caomhnóirí *ad Litem*
- An Rialálaí Carthanais – ionchur sa treoir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

⁴ Ní áirítear cruinnithe le cuideachtaí ilnáisiúnta. Féach an rannóg ar "Ilnáisiúntaigh agus an Teicneolaíocht" le haghaidh tuilleadh faisnéise

- HEAnet – seiceálacha seirbhís RGCS d'Earnáil an Ard-Oideachais
- Údarás Eitlíochta na hÉireann – Tionchar na nDrón maidir le Príobháideacht agus Cosaint Sonraí
- Gníomhaireacht Spáis na hEorpa
- Meitheal Oibre na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais um Chalaois Árachais
- Nuashonrú na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le FATCA (*Foreign Account Tax Compliance Act* – Acht Comhlíonta maidir le Cáin Cuntais Coigríche & CRS (*Common Standard on Reporting* – Caighdeán Comhchoiteann maidir le Tuairisciú) a bhaineann le malartú uathoibríoch faisnéis chánach agus ullmhacht don RGCS

An Earnáil Sláinte

- Án tÚdarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (HIQA) – Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar & Ionchur sna Treoirlínte um Measúnuithe Tionchair maidir le Cosaint Sonraí
- Coláiste Rioga na Máinleá in Éirinn (RCSI) – ullmhacht don RGCS
- Medtronic, Novartis, Cumann Cúram Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht – RGCS agus impleachtaí don Tionscal Cógaisíochta agus do Thrialacha Cliniciúla.
- An Roinn Sláinte – Cártaí Scagthástála Naíonán Nuabheirthe agus coinneáil sonraí sláinte.
- An Roinn Sláinte, FSS agus HIQA – Creat don Bheartas Faisnéise Sláinte
- *Genetics* Medicines Éire – Próiseáil sonraí sláinte ar chúinsí taighde
- Dréachtchód iompair BBPRM
- Tithe Altranais Éireann (Nursing Homes Ireland) agus ullmhacht don RGCS

An Earnáil Carthanais

- *The Wheel* – ullmhacht don RGCS
- Institiúid Carthanais na hÉireann (*Charities Institute of Ireland*) – ullmhacht don RGCS
- *Pointe Pavee* – ullmhacht don RGCS

An Earnáil Phríobháideach/Airgeadais (seachas earnáil na n-ilnáisiúntach)

- Banc-Aontas Éireann (AIB) – ullmhacht don RGCS
- Tionscail Bhréagáin na hEorpa – ullmhacht don RGCS
- Athbhreithniú Sláinte agus Sábháilteachta – Tionchar earnála an RGCS
- Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochta na hÉireann – PSD2 (*Payment Services Directive* – An Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta)
- An Líonra Margaíochta (*Marketing Network*) – Ullmhacht don RGCS
- Cruinniú idir Árachas Éireann agus oifigigh chomhlíontachta
- Conradh an hÉireann de Chomhair Chreidmheasa
- Biúró Creidmheasa na hÉireann
- Banc Ceannais na hÉireann re comhlíontacht le AML
- Moodle – ullmhacht don RGCS
- Deloitte – ullmhacht don RGCS
- *World-check/Thomson Reuters* – ullmhacht RGCS
- *Davys* – ullmhacht don RGCS
- *Aviva* – Calaois árachais
- *Virgin Media* – ullmhacht don RGCS

Breathnuithe Reachtaíochta

Rinneadh breathnuithe cuimsitheacha ar dhréachreachtaíocht le Ranna Rialtais éagsúla i gcaitheamh 2017. Mar shampla:

1. Scéim ghinearálta Bille ag foráil don Bhanc Ceannais chun Bunachar Náisiúnta Faisnéise i leith Éileamh a bhunú
2. An Scéim Cúraim Leanaí Inachmhainne – An Bille um Thacaíocht Cúraim Leanaí
3. An Bille um Chosaint Sonraí
4. An Bille um Roinnt agus Rialachas Sonraí
5. An Bille um Shonraí Clárúcháin Feithicle (Cuardach agus Malartú Uathobrithe) 2018
6. Leasuithe ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997

Cuirfear chun feidhme in imeacht 2018 meicníochtaí comhairliúcháin foirmeálta a bhforáiltear dóibh san RGCS agus sa Bhille um Chosaint Sonraí. Ina measc tá: comhairliúchán sainordaitheach faoi Alt 35 (Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí), Alt 23 agus Alt 36 (Réamhchomhairliúchán le hÚdaráis Phoiblí), agus ceadú Cód Iompair.

Samplaí den rannpháirtíocht réamhghníomhach earnála

Tá ról fíorthábhachtach ag na **hÚdaráis Áitiúla** in Éirinn i saol na saoránach, sa raon leathan seirbhísí príomhúla a sholáthraíonn siad, bainistiú an bhonneagair phoiblí, forfheidhmiú an dlí agus beartas don chuimsiú agus don chomhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, déanann na hÚdaráis Áitiúla sonraí pearsanta daoine aonair a bhailiú, a choinneáil agus a phróiseáil ar mhórscaála uathúil, agus ar iliomad cúiseanna. Mar rialaitheoirí sonraí, aicmítear na hÚdaráis Áitiúla ar na cinn is mó sa stát, sna hearnálacha poiblí agus príobháideach araon, agus punanna sonraí pearsanta acu ar eagar mór catagóirí. Chuaigh an CCS i mbun oibre in 2017 chun treoir earnáilsonrach phraiticiúil a fhorbairt do na hÚdaráis Áitiúla maidir leis an dea-chleachtas i leith cosaint sonraí, agus chun cuidiú leis na heagraíochtaí sin an RGCS a chomhlíonadh. Cuirfear an treoir sin i gcrích i dtús 2018.

Tá sé i gceist treoir earnáilsonrach den chineál céanna a chur ar fail i réimsí eile freisin, in earnálacha **an charthanais** agus **an taighde sláinte** in imeacht 2018.

Ar na réimsí suntasacha forbartha a tháinig chun cinn in 2017 in **Earnáil an Airgeadais** bhí teacht na soláthraithe seirbhíse íocaíochtaí tríú páirtí agus soláthraithe seirbhíse faisnéise cuntais san ionad margaidh, faoin Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta AE 2015/2366, 'PSD2' (*Payment Services Directive – An Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta*). Leanfaimid in 2018 den rannpháirtíocht a tosaíodh in 2017, agus déanfar í a fhorbairt, le príomhpháirtithe leasmhara ar nós comhlachtaí ionadaíochta tionscail, rialaitheoirí seirbhísí airgeadais, na Ranna Rialtais ábhartha, ár macasamhlacha agus ár gcomhghleacaithe Eorpacha chun cuidiú le bainc agus le hiontrálaithe nua ón éarnáil FinTech (teicneolaíocht airgeadais) chun a áirithiú go mbeidh an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta i gcás táirgí íocaíochta nuálacha a chuirtear ar fáil faoi 'PSD2' comhlíontach leis an dlí maidir le cosaint sonraí. Caithfear cloí le príomhphrionsabal na trédhearcachta sa RGCS ach go háirithe i dtimpeallacht dhigiteach atá ag athrú go mór agus áit nach mbeadh custaiméirí i gcónaí ar an eolas faoi na himpleachtaí ar fad don chosaint sonraí a ghabhann le húsáid táirgí agus seirbhísí nua.

Leanfaimid freisin den rannpháirtíocht leis an Earnáil Airgeadais i dtaca le réimsí eile atá ag éabhlóidiú ar nós frithsciúradh airgid (i dtaca leis an 4ú agus an 5ú Treoir ón AE maidir leis an Sciúradh Airgid a bhfuil súil leo), tuairisciú frithchualaoise agus creidmheasa áit a ndéantar próiseáil ar an mórchoir ar shonraí pearsanta custaiméirí. Tá dlúthbhaint idir an fhorbairt leanúnach ar sheirbhísí airgeadais ar líne agus seirbhísí gaolmhara leis an bhfás atá faoin olltíomsú sonraí agus próifíliú custaiméirí laistigh den tionscal agus beidh sé sin freisin ina fhócas inár gcuid rannpháirtíochta le lucht tionscail in 2018, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe ag leibhéal na hEorpa.



Iniúchtaí ar Chosaint Sonraí

Rinneadh 91 iniúcháireacht/cigireacht ar fad i gcaitheamh 2017 (tá liosta na n-eagraíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu luaite i bhFoscábhinn 1). Is é an aidhm le gach iniúcháireacht agus cigireacht, seiceáil le haghaidh comhlíontacht leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus cuidiú leis an rialaitheoir sonraí nó leis an bpróiseálaí sonraí an dea-chleachtas a bhaint amach ó thaobh a gcuid oibríochtaí próiseála sonraí. Roghnaítear tosaíochtaí agus spriocanna iniúcháireachta trí chúrsaí a chur san áireamh ar nós an méid agus an cineál sonraí pearsanta atá á phróiseáil ag an eagraíocht atá i gceist, mar aon le líon agus nádúr na n-iarratas, na ngearán agus na bhfógraí i leith sárúithe a fhaighimid.

Maidir le hiniúchtaí a rinneadh i gcaitheamh 2017 roghnaíodh ár gcuid spriocanna ar bhonn straitéise a bhí ceaptha cóimheá a áirithiú idir an gá le monatóireacht a dhéanamh ar réimsí próiseála ardriosca ar mhórsála agus dul i ngleic le treochtaí a braitheadh go seachtrach agus go himmheánach, agus réimsí agus saincheisteanna a aithint a bhfeilfeadh imscrúdú níos déine dóibh tríd an iniúcháireacht. Déantar iniúchtaí de bhreis ar imscrúduithe de chuid an CCS freisin mar fhreagra ar ghearáin shonracha nó liomhaintí a fhaightear, agus in imeacht 2017 b'ín faoi deara sraith iniúchtaí ar Lárionaid chóiríochta a bhí ag oibriú faoin gcóras soláthar díreach. Rinneadh iniúchtaí san earnáil miondíola freisin in éineacht le GPEN, scuab-imscrúdú príobháideachta, agus ar na fothorthaí suntasacha ar an sraith iniúchtaí sin bhí treoir a foilsíodh maidir le ríomhadmhálacha. Príomhfhócas eile ab ea na dualgais mhaoirseachta a sannadh don CCS faoi reachtaíocht ar nós an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 agus b'é an toradh a bhí air go ndearnadh sraith iniúchtaí ar Sholáthraithe Seirbhíse Cumarsáide – SSCanna (*Three, Virgin Media, BT Éire*).

In 2017, ó thaobh na hearnála poiblí de, rinneamar iniúchtaí ar *Córas Bainistíochta Faisnéise i dtaca le Príosúnaithe*, de chuid Seirbhíse Phríosúin na hÉireann, scéimeanna rialtais amháil clár na Roinne Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí *JobPath Employment Activation Programme* (Seetec, Turas Nua), clár na Roinne Talmhaíochta *Knowledge Transfer Scheme* and clár FSS *Aonad na gCártaí Leighis Náisiúnta*. Roghnaíodh freisin le haghaidh scrúdú níos géire, imlonnú an chórais bainistíochta leabharlainne Sierra ar fud na tíre, trí iniúchadh a dhéanamh ar leabharlann Mhullach Íde. I ndeireadh 2017, chuamar i mbun maoirseachta ar an

bPríomh-Chlár Creidmheasa nuabhunaithe, a bunaíodh leis an Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013 agus rinneamar cigireacht ar an gcóras sular cuireadh sonraí ann.

Ar na heintítis san earnáil phríobháideach a iniúchadh bhí, *Irish Life Health, AIG, Gohop* agus *Survey Monkey* mar aon le cuideachtaí iompair, óstáin agus roinnt gníomhairí ligín. Ag cur san áireamh go gcumdaítear an earnáil dheonach faoi théarmaí tagartha an CCS freisin, rinneamar iniúchtaí ar *Threshold, Sonas, Barnardos, Cumann Cúram Altrama na hÉireann (Foster Care Ireland)* agus an Cumann Cúram Teaghlaigh (*Family Care Association*) i gcaitheamh 2017.

Lárionaid Chóiríochta

Fuaireamar líomhain in 2017 faoi mhí-úsáid líomhnaithe TCI i Lárionad cóiríochta d'iarthóirí tearmainn, go sonrach, faoi go raibh cianrochtain ag an bhfoireann ar scannánaíocht bheo TCI trí bhíthin fón cliste. Líomhnaíodh de bhreis air sin, go raibh fístaifeadh mí-chuí de na cónaitheoirí á dhéanamh ag baill foirne lena gcuid fón cliste.

I gcomhréir leis na cumhachtaí atá againn faoi Alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, rinneamar cigireacht gan fógra ar Lárionad Cóiríochta Naomh Pádraig (St Patrick's Accommodation Centre), Muineachán agus ar Lárionaid Chóiríochta Mhaigh Muirí agus Bhaile Átha Luain. Chinneamar nach raibh aon fhianaise ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí a bheith á sárú faoi cheann ar bith de na líomhaintí.

Chuamar i mbun rannpháirtíochta leis an nGníomhaireacht Fáiltithe & Imeachta (RIA/GFI) ón tús lena áirithiú go ndéanfadh an GFI beartas i leith TCI a chur le chéile agus a eisiúint chuig na lárionaid chóiríochta ar fad. Nótálar maidir leis an mbeartas deiridh TCI go bhfuil úsáid TCI teoranta do thacar cúng aidhmeanna, is é sin, slándáil, sláinte, agus sábháilteacht na gcónaitheoirí agus na foirne araon, agus go bhfuil srianadh follasach ar chianrochtain/rochtain fón cliste ar an scannánaíocht TCI ach amháin i gcás éigeandála. Ó thaobh trédhearcachta de, is maith an rud fógra faoin TCI a bheith sa litir ghilacthachta a shíniú na cónaitheoirí ar fad sula dtosaíonn a gcónaí, agus is maith freisin an gealltanais TCI agus cosaint sonraí a ionchorprú sa chigireacht ar lárionaid chóiríochta, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an RIA.

Leanfaimid orainn i mbun dlúthfhaireachán ar an réimse sin agus d'eisíomar comhairle ghinearálta chuig raon leathan eintíteas a iniúchadh i gcaitheamh 2017 faoi úsáid mhíchuí TCI chun daoine aonair a fhaire ar an láthair nó ó chian.

Leabharlann Mhullach Íde agus córas bainistíochta leabharlainne Sierra (*Sierra Library Management System*)

Ba é ba bhun leis an gcigireacht ar leabharlann Mhullach Íde, rannpháirtíocht a bhí ag CCS leis an Aonad Forbartha Leabharlann sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA) in 2015, faoi aon chóras amháin bainistíochta leabharlann (*Sierra*) a bheith á fheidhmiú go céimneach do na leabharlanna poiblí uile in Éirinn. I gcaitheamh thréimshe na rannpháirtíochta sin thug CCS le fios gur dóigh leis go bhféadfadh saincheistean a bheith ann faoi chúrsaí ceada agus rochtain mhíchuí; nár mhiste rialúcháin rochtana agus meicníochtaí truíc a chur san áireamh agus go mbeifí ag súil le feidhmiúlacht uath-rian iniúchta (le rochtain léimh agus eagarthóireachta araon) sa leagan deiridh de *Sierra*. Le linn na rannpháirtíochta phioc CCS tionscadal *Sierra* amach lena scrúdú ar ball trí bhíthin iniúchóireachta a luaithe a bheadh *Sierra* beo ar fud formhór na leabharlann in Éirinn. Roghnaíodh Leabharlann Mhullach Íde ina dhiaidh sin lena iniúchadh.

Tamall gearr roimh an iniúchadh i Lúnasa 2017 ar Leabharlann Mhullach Íde, chuaigh Comhairle Contae Fhine Gall i dteagmháil le CCS lena chur ar an eolas faoi tharlúint tamall gearr roimhe sin, i gcás ball foirne leabharlainne a bhí lonnaithe in údarás áitiúil eile agus a tháinig, de thaisme, ar an taifead iasachtaí a bhain le hiasachtaí leabhairlainne i bhFíne Gall ina raibh iontrálacha sonraí a bhí an-mhíchuí gáirsiúil. Fuair Comhairle Contae Fhine Gall amach ina dhiaidh sin go ndearnadh an saghas sin eagarthóireachta ar thaifid 20 iasachtaí de chuid leabharlann Fhine Gall agus gurb amhlaidh a iompórtáladh na thaifid sin as *Galaxy*, an córas bainistíochta leabharlainne roimhe sin, go dtí *Sierra*.

Rinneadh an CCS amach nach raibh aon fheidhmiúlacht rian iniúchta maidir le leasú na dtaifead iasachtaí ar chóras *Galaxy* ná ar chóras *Sierra* a chuideodh chun foinse na heagarthóireachta a shainaithint. Anuas air sin, nótladh go logálann an fhoireann leabharlainne isteach ar *Sierra* le sonraí logála cineálacha do gach leabharlann.

D'ordaigh an CCS ina dhiaidh sin d'Aonad Forbartha Leabharlann sa GBRA na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Go mba cheart feidhmiúlacht rian iniúchta a chur chun feidhme mar thosaíocht, rud a d'éascódh sonraí logála isteach a ghiniúint do gach cuardach agus eagarthóireacht ar *Sierra*;

- go sannfaí ainmneacha úsáideora agus pasfhocail uathúla le logáil isteach do gach duine aonair a dhéanfadh rochtain ar an gcóras Náisiúnta Bainistíochta Leabharlainne Sierra; agus
- go mba chóir feidhmiúlacht a ionsú in *Sierra* faoina dtabharfaí leid uathoibríoch don fhoireann a gcuid pasfhocal a athrú ar bhonn rialta.

Leagann an RGCS de cheangaltas dlíthiúil ar na rialaitheoirí sonraí ar fad an CCS a chur ar an eolas má tharlaíonn sárú. Faoi Airteagal 4(12) den RGCS is mar seo a chiallaítear sárú i ndáil le sonraí pearsanta:

“sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scríos, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach.”

Faoin RGCS, dá réir sin, is sárú sonraí infhógartha atá sa rochtain neamhúdaraíthe ar an taifead iasachtaí, nó san athrú a dhéanfaí air, faoi mar a luadh sa chur síos.

R-admhálacha/ Scuab-imscrúdú príobháideachta GPEN (*Global Privacy Enforcement Network - an Líonra Domhanda Forfheidhmiúcháin Príobháideachta*)

In 2017, rinne an Líonra Domhanda Forfheidhmiúcháin Príobháideachta a 5ú Scuab-Imscrúdú Príobháideachta. Thug 24 rialtóir cosanta sonraí as tíortha ar fud an domhain, an CCS ina measc, faoin imscrúdú.

Measúnaíodh na fógraí príobháideachta, an chumarsáid agus na cleachtais i gcás 455 suíomh gréasáin agus aip in earnálacha ar nós miondíol, airgeadas agus baincéireacht, taisteal, meáin shóisialta, cluichíocht/ cearrbhachas, oideachas agus sláinte féachaint ar léir ó pheirspictíocht úsáideora cén fhaisnéis baileach a bhíothas á bailiú, cad chuige a bailíodh í, cé mar a phróiseálfá í, cén úsáid a dhéanfaí di agus cé mar a roinnfí í.

Dhírigh an Scuab-Imscrúdú Éireannach ar dhá shainréimse ar leith: r-admhálacha in úsáid ag cuideachtaí miondíola agus ar chuideachtaí Ilnáisiunta agus cuideachtaí lonnaithe in Éirinn a thairgeann seirbhísí taistil ar líne in Éirinn.

Maidir le miondíoltóirí a thairgeann r-admhálacha do chustaiméirí, fuair an Scuab-Imscrúdú i 94% de

na cásanna, nach dtugann siad aon eolas ar a gcuid suíomhanna gréasáin faoin bpróiseail nó faoin scriosadh a dhéanfaí ar sheoltaí ríomhphoist a bhailítear chun na críche sin.

Maidir leis na heagraíochtaí taistil ar líne, dhírigh an scuab-imscrúdú ar an tslí a bhfaigheann na heagraíochtaí sin sonraí pearsanta ar líne agus ar an gcaoi a bpróiseálann siad iad, ar a gcuid cumarsáide le húsáideoirí maidir lena gcuid oibríochtaí próiseála sonraí agus ar a éasca agus is féidir le húsáideoirí a gcearta a fheidhmiú le linn dóibh a bheith ag úsáid seirbhísí taistil ar líne in Éirinn. Fuair an scuab-imscrúdú easpa trédhearcachta tríd is tríd i leith daoine aonair maidir leis an bpróiseáil a dhéantar ar a gcuid sonraí pearsanta agus fuairamar ach go háirithe;

- go mbíodh an chumarsáid phríobháideachta trasna na n-earnálacha éagsúla doiléir, go mbíodh easpa mioneoilais inti, agus clásail chineálacha in úsáid go minic;
- maidir le formhór na n-eagraíochtaí, go mainnídís an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoina dtarlódh dá fhaisnéis i ndiaidh í a bheith curtha ar fáil;
- go mbíodh na heagraíochtaí sách soiléir faoin bh-faisnéis a bhaileoidís ón úsáideoir;
- gur theip ar eagraíochtaí tríd is tríd sonrú cé leis a roinnfí na sonraí;
- gur mhainnigh go leor eagraíochtaí tagairt do shlándáil na sonraí a bailíodh agus a coinníodh – níor léir in an-chuid cásanna cén tír ina raibh na sonraí á stóráil nó má bhí aon chosaint in áit; agus
- gur thagair beagán le cois leath na n-eagraíochtaí a scrúdaíodh don tslí a bhféadfadh úsáideoirí rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta ina dtaobh a bhí á gcoinneáil

Chomh maith leis an scuab-iniúchadh rinne an CCS sraith iniúchtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar an tslí a mbailíonn agus a bpróiseálann eagraíochtaí sonraí pearsanta le linn dóibh a bheith ag soláthar r-admhálacha do chustaiméirí. Fuairamar fianaise i gcásanna áirithe ar sheoltaí ríomhphoist, a bailíodh chun go bhféadfaí r-admháil a eisiúint, agus a bhí in úsáid ina dhiaidh sin chun ábhair mhargáochta a eisiúint. I ndiaidh na n-iniúchtaí sin, d'fhoilsíomar treoir i dtaobh úsáid r-admhálacha ina n-aibhsítear na pionóis fhéideartha a bheadh i gceist má aimsítear neamh-chomhlíontacht.

Soláthraithe Seirbhíse Cumarsáide

Leis an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 trasúidh an Treoir maidir le Sonraí a Choimeád (2006/24/CE) agus leagadh ceanglais ar sholáthraithe áirithe seirbhíse cumarsáide (cuideachtaí teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonacha a bhfuil fáil orthu go poiblí) na sonraí tráchta glaonna a choinneáil (ní an t-ábhar). Is gá sonraí tráchta teileafóin agus fóin póca a choinneáil go ceann 2 bhliain; is gá cumarsáid idirlín a choinneáil ar feadh bliana.

De réir forálacha san Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, is iad An Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann, na Coimisinéirí Ioncaim, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a dhéanann iarrataí ar nochtadh le soláthraithe seirbhíse cumarsáide. Agus iniúchtaí déanta againn ar na gníomhaireachtaí forordaithe stáit, chuireamar tús le sraith iniúchtaí ar iarrataí ar nochtadh a ndearna SSC iad a phróiseáil, ag tosú le *Eir* agus *Meteor* i R4 2016 agus leanamar den chlár iniúchtaí sin in 2017 tráth a ndearnamar iniúchadh ar *Three*, *Virgin Media* agus BT Éire.

Is é ról maoirseachta an CCS, a áirithiú go ndéanann na SSC iarrataí ar nochtadh a phróiseáil ag comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003. De bhréis air sin, faoi alt 4(2) den Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 **Slándáil Sonraí** – sannaítear ról sainiúil don CSS – “Ainmnítear leis seo an Coimisinéir Cosanta Sonraí mar an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo agus Threoir Uimh. 2006/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.”

Torthaí & Moltaí Ginearálta

I dtéarmaí SSC ag comhlíonadh iarrataí ar nochtadh is fiú a nótaíl go reachtaítear le hAlt 7 den Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 go bhfuil sé sainordaitheach do SSC na sonraí a sholáthar – “Comhlíonfaidh soláthraí seirbhíse iarraidh ar nochtadh a dhéanfar chun an tsoláthraí seirbhíse.” Dá réir sin dhírigh an tsraith iniúchtaí sin ar an slándáil sonraí agus ar na nósanna imeachta agus córais chun iarrataí ar nochtadh a phróiseáil laistigh de na SSC.

I dtéarmaí na slándáia teicniúla agus na mbeartas eagraíochtúla is iad seo a leanas na príomh-mholtaí:

- ba chóir do SSC a áirithiú i gcás ina ndéanann próiseálaí sonraí an phróiseáil ar shonraí pearsanta

chun tacú lena chuid ceanglas CDRA thar ceann SSC, gur chóir don SSC a áirithiú go ndéantar an phróiseáil de bhun conartha i scríbhinn nó i bhfoirm choibhéiseach eile idir an SSC agus an Próiseálaí Sonraí;

- ba cheart go mbeadh sé sna conarthaí freisin go ndéanfaidh an Próiseálaí Sonraí an phróiseáil ar agus de réir threoracha an SSC, agus sin amháin, agus go gcomhlíonann an Próiseálaí Sonraí ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a leagtar ar an Rialaitheoir Sonraí le hAlt 2(1) (d) den Acht. Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith sa chonradh:
 - » treoracha maidir lena bhféadfaidh an Próiseálaí Sonraí a dhéanamh leis na sonraí pearsanta a sholáthraítear agus a phróiseáiltear, lena n-áirítear na coinníollacha faoina bhféadfar na sonraí a phróiseáil;
 - » mionsonraí a thabhairt i dtaobh beartais slándála do na sonraí pearsanta lena gcosaint ar dhamáiste, ar ghoid, ar chailleadh de thaisme agus ar rochtain neamhúdaraith; agus
 - » ceart chun iniúchóireacht a dhéanamh ar an bpróiseálaí sonraí chun comhlíontacht le forálacha an chonartha a áirithiú.
 - » dualgais sonraí a scriosadh nó a chur ar ais ar chríochnú nó ar scor an chonartha;
- ba chóir do SSC próisis monatóireachta conarthaí a chur chun feidhme lena áirithiú go bhfuil Próiseálaithe Sonraí ag comhlíonadh téarmaí an chonartha;
- ba chóir do SSC próisis dhoiciméadaithe a shainiú agus a chur chun feidhme do rochtain úsáideora ról-bhunaithe ar chórais a thacaíonn leis an CDRA. ba chóir na hathbhreithnithe sin a dhéanamh ar eatraimh riosca-bhunaithe iomchuí, agus go n-áireofaí iontu úsáideoirí, riarthóirí, cuntais tríú páirtí agus cuntais chórais/seirbhíse;

- ba chóir do SSC a áirithiú go ndéantar ról rochtana úsáideoirí a athbhreithniú agus go gcuirfeadh an leibhéal bainistíochta iomchuí ainm leo. ba chóir cuntais úsáideora nach dteastaíonn a thuilleadh a dhíchumasú nó a bhaint, mar shampla i gcás baill foirne a d'fhág an eagraíocht nó a a rinne aistriú taobh stigh den eagraíocht;
- ba chóir do SSC sainmheasúnuithe riosca a dhéanamh maidir leis na córais a thugann tacaíocht don CDRA. Ba cheart na measúnuithe sin a dhéanamh ar eatraimh rialta agus go n-áireoidís an tionchar féideartha ar chóras a thugann tacaíocht don CDRA chomh maith lena dhóchúlacht; agus
- ba chóir do SSC a áirithiú go bhfuil coimircí iomchuí in áit chun maolú nó cosaint ar chreatlacha cáis a bheadh ag bagairt ar nós, ionradh a chosc agus a bhrath, fíordheimhniú daingean, oiliúnt leanúnach foirne agus feasacht foirne agus ardchórais chosanta ar bhogearraí mailíseacha.

I dtéarmaí nósanna imeachta agus maoirseacht inmheánach SSC, bhí formhór na moltaí ag teacht leis an dea-chleachtas ó thaobh cineáil, agus iad seo a leanas san áireamh iontu:

- ba chóir gach iarraidh ar nochtadh a dhéantar chuig SSC maidir le hiarrataí ó rannpháirtithe a thairfeadadh agus a chomhdú de réir na sainreachtaíochta a luaitear le gach iarraidh ar leith; agus
- dhírigh moltaí eile ar an iniúchóireacht inmheánach, socruithe rialachais, an gá le doiciméadacht nós imeachta, an trédhearcacht agus beartais maidir le coinneáil.

Críochnóidh an CCS a shraith iniúchtaí ar SSC in 2018 agus nótálann sé an dréachtreachtaíocht a d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais in Iúil 2017, Bille (Sonraí a Choimeád), 2017 agus torthaí an Bhreithimh John L Murray ina thuarascáil in Aibreán 2017 – 'Athbhreithniú ar an dlí i leith Coimeád agus Rochtain ar shonraí Cumarsáide'.

Torthaí Iniúcháireachta

Seo a leanas roinnt de na téamaí a sainaitníodh in iniúchtaí 2017:

1. Slándáil sonraí pearsanta

Ba chóir sonraí pearsanta, bídís i bhformáid láimhe nó leictreonach, a choinneáil slán sábháilte. Seo a leanas roinnt de na saincheisteanna a sainaitníodh le linn ár gcuid iniúchtaí:

- gan aon rianta iniúchta ar chórais curtha ar bun;
- gan aon rialú rochtana á chur chun feidhme ag eagraíochtaí chun an rochtain ar shonraí pearsanta a theorannú do na fostaithe sin amháin a mbeadh cúis ghnó acu lena rochtain;
- gan leideanna ar na córais lena mheabhú d'fhostaithe a bpassfhocal a athrú;
- ainmneacha úsáideora agus pasfhocail chineálacha in úsáid;
- socruithe *ad hoc* i dtaca le dramhábharr rúnda a stialladh;
- socruithe *ad hoc* i dtaca le taifid fhisiciúla a stóráil agus a chartlannú.

2. Faireachán ar chórais chun rochtain mhíchuí a aithint

I gcás fhorhmór na gcóras anois, baineann feidhmiúlacht rian iniúchta leo, rud a thaifeadann loga de na leasuithe nó den eagarthóireacht a rinneadh ar an mbunachar sonraí nó sa chóras. Ba cheart áfach loga a thaifeadadh freisin de chuardaigh fostaithe sa chóras. Féadann 'cuardach' tarlú má lorgann fostaí taifead ar leith chun breathnú ar an bhfaisnéis ann ach gan an taifead a leasú. Gné lárnach den mhaoirseacht i dtaobh úsáid iomchuí sonraí pearsanta a bheith ar siúl ag fostaithe eagraíochta is ea feidhmiúlacht rian iniúchta a imlonnú chun sainaithint a ndearnadh taifead a bhreathnú nó a leasú. Cosaint fíor-riachtanach eile é feidhmiúlacht monatóireachta chun rochtain mhíchuí le gairid nó leanúnach a bhrath, nó patrúin rochtana neamhghnácha. Ba cheart fostaithe a chur ar eolais faoina thábhachtaí atá sé gan sonraí pearsanta a rochtain ach ar chúiseanna dlísteanacha gnó amháin, agus go bhfuil feidhmiúlacht rian iniúchta ag obair.

3. Beartais Choinneála

Faoi Alt 2(1)(c)(iv) de na hAchtanna, ní choinneofar sonraí "níos faide ná mar atá riachtanach chun na críche sin nó chun na críocha sin" Maidir le tréimhsí coinneála á gcur chun feidhme ag eagraíochtaí agus sceidil coinneála a chothabhail de na hacimí difriúla sonraí pearsanta, is maith na huirlisí iad chun a áirithiú go ndéantar sonraí pearsanta nach dteastaíonn a thuilleadh a scríosadh go rialta. Níor chóir sonraí pearsanta a choinneáil más amhlaidh gur dóigh le heagraíocht go 'bhféadfaí' leas a bhaint astu ar ball.

4. TCI

Úsáid mhíchuí

Is iondúil go ndéanann eagraíochtaí TCI a imlonnú ar mhaithe le cúrsaí slándála, atá inchosanta má tá baol goid ag tarlú go rialta. Má tá TCI in úsáid ar chúiseanna eile áfach níor mhór iad a bheith incosanta freisin, agus i gcomhréir. Monatóireacht ar fhostaithe ar mhaithe le saincheisteanna feidhmiúlachta de, mar shampla, gach seans go dteipfeadh air ó thaobh comhréireachta de. Níor chóir TCI a úsáid de rogha ar mhaoirseacht éifeachtach ar fhostaithe, ar an lathair nó ó chian. Tá an chianrochtain ar scannánaíocht TCI trí bhíthin fón cliste, táibléad, etc., ag eirí níos coitianta agus is léir go bhfuil buntáistí leis i gcásanna áirithe, monatóireacht a dhéanamh ar fhoirgneamh folamh, mar shampla. Chaithfeadh cúis an-mhaith a bheith ann le cianmonatóireacht a dhéanamh ar fhostaithe áfach agus iad i mbun a ngnáthdualgas laethúla oibre.

Iarrataí ón nGarda Síochána ar Rochtain ar TCI

Níor cheart géilleadh d'iarrataí ón nGarda Síochána ar chóipeanna de scannánaíocht TCI ach amháin má fhaigheann an rialaitheoir sonraí iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn (nó facs) ag dearbhú go bhfuil cúis choiriúil á hionchúiseamh ag an nGarda Síochána. Ar mhaithe leis an bpraiticiúlacht, agus chun dlús a chur le hiarraidh, seans gur leor iarraidh ó bhéal leis an scannánaíocht a lorgaíodh a scaoileadh. I gcás a leithéid d'iarraidh ó bhéal áfach, níor mhór iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn ina dhiaidh. Tá sé tábhachtach do rialaitheoir sonraí loga nochtá a chothabháil de na hiarrataí ar fad ón nGarda Síochána.

I dtéarmaí ginearálta, níor chúis imní é ó thaobh cosaint sonraí de, iarraidh ón nGarda Síochána scannánaíocht a bhreathnú ar áitreabh rialaitheora sonraí nó próiseálaí sonraí.

5. Margú Leictreonach

Faoi mar a aibhsíodh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, rinneadh oibríochtaí margaithe eagraíochtaí a scrúdú arís le linn chlár iniúchóireachta na bliana seo freisin. Céim ríthábhachtach d'eagraíochtaí chun cloí leis na rialúcháin mhargáíochta (Rialúchán 13 de IR 336 de 2011) is ea cead bailí a fháil ó dhaoine aonair cumarsáid mhargáíochta a sheoladh chucu. Ní féidir uimhreacha teileafóin agus seoltaí ríomhphoist a bailíodh chun críocha eile ar nós seachadadh nó barántas, nó chun r-admháil a chur ar fáil do chustaiméir, a úsáid ina dhiaidh sin do chuspóirí margaíochta gan cead an duine aonair. Faoi IR 336 de 2011, is faoin margóir atá sé a chruthú go raibh cead bailí aige ón duine aonair cumarsáid leictreonach a sheoladh chucu. Is féidir leis an gCoimisinéir imeachtaí acoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh ar chion faoin rialúchán sin.

6. Faisnéis Ghrinnfhiosrúcháin a Scriosadh

Ceanglaítear ar go leor eagraíochtaí fostaithe ionchasacha a chur faoi ghrinnfhiosrú má tá siad ag iarraidh a bheith ag obair le páistí nó le haosaigh leochaileacha. Thug An Garda Síochána r-grinnfhiosrúchán isteach chun gearradh siar ar an am próiseála. Faoin bpróiseas r-grinnfhiosrúcháin, cinneadh go gcaithfidh fostaí ionchasach cruthúnas aitheantais a chur ar aghaidh in éineacht lena iarratas chuig an eagraíocht atá i gceist. D'fhág sé an dualgas ar an eagraíocht cruthúnas aitheantais an fhostaí ionchasaigh a bhailíochtú. Maidir le sonraí a chuirtear ar aghaidh mar chuid den iarraatas grinnfhiosrúcháin, ar nós doiciméid aitheantais agus doiciméad grinnfhiosrúcháin arna eisiúint ag an nGarda Síochána, ba cheart iad a scriosadh mar chúrsa gnáthaimh bliain i ndiaidh iad a bheith faighte ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Mar fhreagra ar thorthaí dá leithéid sin, déanann ár gcuid foirne moltaí maidir leis an dea-chleachtas agus tugann siad saintreoir ar an toirt d'eagraíocht chun gníomh ar leith a dhéanamh.

Dlíthiúil

Imeachtaí maidir le cosaint sonraí lena raibh an Coimisinéir bainteach

Bhí an Coimisinéir ina pháirtí i roinnt imeachtaí os comhair cúirteanna na hÉireann inar tugadh breithiúnas i gcaitheamh 2017. Tugtar achoimre thíos ar na cásanna sin.

Dlíthíocht a mbaineann clásail chonarthaigh chaighdeánacha léi

(An Coimisinéir Cosanta Sonraí *v. Facebook Ireland Limited* agus *Maximilian Schrems* [Taifead Uimh. 2016/ 4809 P])

Ar an 31 Bealtaine 2016, chuir an Coimisinéir tús le himeachtaí in Ard-Chúirt na hÉireann ag lorg tarchuir go dtí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le bailíocht ‘clásail chonarthaigh chaighdeánacha’ (CCC). Is meicníocht iad na CCC, a bunaíodh le cinntí de chuid Choimisiún an AE, faoinar féidir faoi láthair, sonraí pearsanta a aistriú ón AE go dtí na SA. Thionscain an Coimisinéir na himeachtaí sin i gcomhréir le nós imeachta ón CBAE a leagadh amach ina breithiúnas den 6 Deireadh Fómhair 2015 (agus inar cealaíodh an córas aistrithe sonraí pearsanta ‘Safe Harbour’ ón AE go dtí SA). Rialaigh CBAE go gcaithfeadh údarás cosanta sonraí AE an nós imeachta sin a leanúint má dhéanann duine is ábhar do shonraí ionstraim de chuid an AE a ghearán, ar nós cinneadh Choimisiún an AE.

(1) An Cúlra

Téann na himeachtaí a bhí á dtionscnamh ag an gCoimisinéir siar go dtí an bunghearán a rinne an tUas. Maximilian Schrems maidir le *Facebook* leis an gCoimisinéir i Meitheamh 2013, as sonraí pearsanta a bheith á n-aistriú ag *Facebook Ireland* go dtí an mháthairchuideachta, *Facebook Inc.*, sna SA. Bhí an tUas. Schrems buartha mar, ó tharla a chuid sonraí pearsanta a bheith á n-aistriú ó *Facebook Ireland* go dtí *Facebook Inc.*, bhí a chuid sonraí pearsanta á rochtain ansin (nó i mbaol a rochtana) go neamhdhleathach ag gníomhaireachtaí slándála stáit SA. D’eascair imní an Uas. Schrems as nochtuithe a rinne Edward Snowden i dtaobh cláir áirithe a dúradh a bhí á n-oibriú ag Gníomhaireacht Slándála Náisiúnta SA, go háirithe clár darbh ainm “PRISM”. Dhiúltaigh an Coimisinéir (a bhí ann ag an am) an gearán sin a imscrúdú ar na forais gur bhain sé le cinneadh ó Choimisiún an AE (lenar bunaíodh an córas *Safe Harbour* chun sonraí a aistriú ón AE go dtí SA) agus ar an mbonn go raibh ceangal air faoin dlí náisiúnta a bhí i bhfeidhm ag an am agus faoi dhlí AE an cinneadh sin ó Choimisiún an AE a fheidhmiú. Thug an tUas. Schrems caingean athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh chinneadh an Choimisinéara gan a ghearán a imscrúdú, agus b’é toradh na caingne sin go ndearna an Ard-Chúirt in Éirinn tarchur chuig CBAE, a thug a chinneadh an 6 Deireadh Fómhair 2015.

(2) Nós imeachta CBAE maidir le gearáin atá bainteach le cinntí ó Choimisiún AE

Leis an rialú ón CBAE, 6 Deireadh Fómhair 2015, soiléiríodh, nuair a dhéantar gearán le húdarás cosanta sonraí san AE a bhaineann le héileamh go bhfuil cinneadh ó Choimisiún an AE ar neamhréir le cosaint na príobháideachta agus le bunchearta agus bunsaoirsí, go gcaithfidh an t-údarás cosanta sonraí ábhartha an gearán sin a scrúdú fiú mura féidir leis an údarás cosanta sonraí féin an cinneadh sin a chur go leataobh nó a dhífheidhmiú. Rialaigh CBAE go gcaithfidh údarás cosanta sonraí, más dóigh leis go bhfuil bonn leis an ngearán, gabháil d’imeachtaí dlíthiúla ansin ós comhair na Cúirte náisiúnta agus, má tá an Chúirt náisiúnta ar aon intinn leis maidir le bailíocht an chinnidh ó Choimisiún an AE, go gcaithfidh an Chúirt náisiúnta ansin tarchur chuig CBAE chun réamhrialú ar bhailíocht an chinnidh sin ó Choimisiún an AE. Faoi mar a luadh thuas, sa bhreithiúnas a thug CBAE, 6 Deireadh Fómhair 2015, chealaigh sí an cinneadh ó Choimisiún an AE a bhí mar bhonn agus mar thaca leis an gcóras ‘Safe Harbour’ faoina raibh sonraí á n-aistriú ón AE go dtí na Stáit Aontaithe.

(3) Dréachtchinneadh an Choimisinéara

I ndiadh cealú *Safe Harbour*, an córas aistrithe sonraí pearsanta, rinne an tUas. Schrems a ghearán a athfhoirmiú agus a athchur chun an tarlúint sin a chur i gcuntas agus d'aontaigh an Coimisinéir dul ar aghaidh ar bhonn an ghearáin athfhoirmlithe. Scrúdaigh an Coimisinéir gearán an Uas. Schrems ansin i bhfianaise airteagail áirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an AE (an Chairt), lena n-áirítear Airteagal 47 (an ceart chun leigheas éifeachtach i gcás ina ndéantar cearta agus saoirsá a shárú a ráthaítear le dlí an AE). Le linn do ghearán athfhoirmlithe an Uas. Schrems a bheith á imscrúdú, chruthaigh an Coimisinéir gur lean *Facebook Ireland* de bheith ag aistriú sonraí pearsanta go dtí Facebook Inc., SA, i muintín úsáid CCC den chuid is mó. Ag éirí as a himscrúdú ar ghearán athfhoirmlithe an Uas. Schrems, tháinig an Coimisinéir ar an réamhthuairim (a cuireadh in iúl i ndruchtchinneadh an 24 Bealtaine 2016 agus faoi réir aighneachtaí breise ó na páirtithe) go raibh bonn le gearán an Uas. Schrems. Bunaíodh an réamhthuairim sin ar dhréacht-thoradh an Choimisinéara nach bhfuil leigheas dlí ar comhréir le hAirteagal 47 den Chairt le fáil sna Stáit Aontaithe do shaoránaigh an AE a n-aistrítear a sonraí pearsanta go dtí SA áit a mbeidh siad i mbaol a rochtana agus a bpróiseála ó ghníomhaireachtaí Stáit de chuid SA chun críocha slándála náisiunta ar dhóigh atá ar neamhréir le hAirteagal 7 agus 8 den Chairt. Tháinig an Coimisinéir ar an réamhbharúil freisin nach dtugann CCC aghaidh ar an easpa leighis éifeachtaigh i gcomhréir le hAirteagal 47 agus gur dócha i ngeall air sin go gciontóidh na CCC féin in aghaidh Airteagal 47 sa mhéid is go n-airbheartaíonn siad aistriú sonraí pearsanta shaoránaigh an AE go dtí na SA a dhlísteaí.

(4) Na himeachtaí agus an Éisteacht

Thionscain an Coimisinéir imeachtaí dlíthiúla san Ard-Chúirt in Éirinn dá réir sin ag iarraidh dearbhú i dtaobh bailíocht chinntí ó Choimisiún an AE i dtaobh CCC agus réamh-tharchur chuig CBAE maidir leis an saincheist sin. Níor iarr an Coimisinéir aon fhaoiseamh sonracha sna himeachtaí in aghaidh Facebook Ireland ná in aghaidh an Uas. Schrems. Ainmníodh iad araon mar pháirtithe sna himeachtaí áfach chun deis a thabhairt dóibh (seachas dualgas a leagan orthu) a bheith lán-rannpháirteach mar go mbeidh tionchar ag torthaí na n-imeachtaí ar bhreithniú an Choimisinéara ar ghearán an Uas. Schrems in aghaidh Facebook Ireland. Roghnaigh an dá pháirtí a bheith lán-rannpháirteach sna himeachtaí. D'iarr deich bpáirtí leasmhara go n-uamfaí leis na himeachtaí iad mar *amicus curiae* ("cairde cúirte") agus rialaigh an Chúirt go

n-uamfaí ceithre pháirtí as na deich bpáirtí sin mar amici (Rialtas SA, BSA The Software Alliance, Digital Europe agus EPIC (Electronic Privacy Information Centre).

Rinneadh na himeachtaí a éisteacht i láthair an Bhreithimh Costello, Uas., in Ard-Chúirt na hÉireann (Rannán Tráchtála) in imeacht 21 lá i bhFeabhra agus Márta 2017 agus rinneadh an breithiúnas a fhorchoimeád ar éisteacht na n-imeachtaí a bheith críochnaithe. Go hachomair, rinneadh aighneachtaí dlíthiúla thar ceann: (i) gach páirtí, is é sin an Coimisinéir, *Facebook Ireland* agus an tUas. Schrems, agus (ii) gach "cara Cúirte", faoi mar a nótáladh thuas. Chuala an chúirt fianaise béil ó 5 fhinné shaineolacha ar dhlí SA, mar a leanas:

- Ashley Gorski, Uas., finné saineolach thar ceann an Uas. Schrems;
- An tOll. Neil Richards, finné saineolach thar ceann an CCS;
- An tUas. Andrew Serwin, finné saineolach thar ceann an CCS;
- An tOll. Peter Swire, finné saineolach thar ceann Facebook; agus
- An tOll. Stephen Vladeck, finné saineolach thar ceann Facebook.

San eatramh idir deireadh na trialach agus an breithiúnas a thabhairt, 3 Deireadh Fómhair 2017 (féach thíos), chuir na páirtithe roinnt nuashonruithe ar an gcásdlí agus forbairtí eile ar fáil don Chúirt.

(5) Breithiúnas na hArd-Chúirte

Thug an Breitheamh Costello, Uas., breithiúnas, 3 Deireadh Fómhair 2017, i mbreithiúnas scríofa 152 leathanach. Chuir an Chúirt achoimre feidhmiúcháin ar an mbreithiúnas ar fáil freisin.

Ina breithiúnas, chinn an Ard-Chúirt go raibh bonn leis an imní a léirigh an Coimisinéir ina dréachtchinneadh, 24 Bealtaine, 2016 (a luadh thuas), agus gur chóir saincheisteanna áirithe a ardaíodh le linn na n-imeachtaí sin a tharchur chuig CBAE ionas go bhféadfadh CBAE rialú a dhéanamh maidir le bailíocht chinntí an Choimisiúin Eorpaigh a bhunaigh na CCC mar mhodh chun aistrithe sonraí pearsanta a dhéanamh. Mheas an Chúirt go háirithe go raibh bonn le dréacht-thorthaí an CCS de réir mar atá leagtha amach ina dréachtchinneadh, 24 Bealtaine 2016, faoi nár urramaíodh, le dlíthe agus cleachtais SA, ceart saoránaigh de chuid an AE faoi Airteagal 47 den Chairt ar leigheas éifeachtach os comhair binse fiosrúcháin neamhspleách (rud, a nótáil

an Chúirt, a bhfuil feidhm aige maidir le sonraí gach duine san AE is ábhar do na sonraí agus ar aistríodh a chuid sonraí go dtí SA).

(6) Ceisteanna le tarchur chuig CBAE

I ndiaidh don Ard-Chúirt a breithiúnas a thabhairt, thionóil sí sraith breise éisteachtaí. B'é an phríomhaidhm leis na héisteachtaí na páirtithe ar fad a chumasú, amici san áireamh, chun aighneachtaí a dhéanamh leis an gCúirt maidir leis an mbeacht-fhoirmiú a bheadh ar (i) na ceisteanna le tarchur ón Ard-Chúirt chuig CBAE agus (ii) na cinntí sonracha fíoras a chuirfeadh an Ard-Chúirt i láthair CBAE ar ina gcoinne a iarrfar ar an CBAE ar a seal na ceisteanna ábhartha de dhlí na hEorpa a fhreagairt. Bhí na héisteachtaí sin ann 1 Nollaig 2017 agus 17 – 19 Eanáir 2018 agus an Chúirt ag forchoimeád a cinnidh maidir leis na ceisteanna le tarchur. Agus é seo ag dul i gcló ní léir cathain a thabharfaidh an Chúirt a breithiúnas i ndáil leis na ceisteanna go baileach a chinn sí a tharchur chuig CBAE agus na saincheisteanna eile a ardaíodh le linn na n-éisteachtaí i Mí na Nollag 2017 agus Eanáir 2018.

(7) Ábhair a bhaineann leis an gcás

Foilsíodh an breithiúnas agus achoimre feidhmiúcháin den 3 Deireadh Fómhair 2017, mar aon le breithiúnais idirlinne ar ábhair nós imeachta sna himeachtaí sin, ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara. Gheofar scríbhinn den éisteacht shubstainteach os comhair na hArd-Chúirte agus de thuairiscí na bhfinnéithe saineolach, a cuireadh ar fáil thar ceann an Choimisinéara, ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara freisin.

Achomharc chun na hArd-Chúirte sa chás *Shatter v An Coimisineir Cosanta Sonraí* [2017] IEHC 670 (Breithiúnas arna thabhairt 9 Samhain 2017 ag Meenan J.)

Tionscnaíodh an t-achomharc seo le gearán a rinne duine is ábhar do shonraí, an tUas. Mick Wallace, T.D., leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (a bhí ann ag an am) i gcoinne an Achomharcóra, an tUas. Shatter, i dtaca le hábhair áirithe a nocht an tUas. Shatter faoin Uas. Wallace le linn díospóireachta ar Prime Time, clár de chuid RTÉ, i mBealtaine 2013. Le linn na díospóireachta, líomhain an tUas. Shatter gur thug An Garda Síochána rabhadh don Uas. Wallace as fón póca a úsáid le linn dó a bheith ag tiomáint. Bhí an tUas. Shatter tar éis an fhaisnéis sin a fháil ó Choimisinéir an Gharda Síochána tráth a raibh sé féin ina Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Líomhain an tUas. Wallace gur sáraíodh roinnt áirithe dá chearta a bhí cosanta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988

& 2003, leis an bhfaisnéis a nocht an tUas. Shatter ar Prime Time. Sa chinneadh a thug sé i leith an ghearáin, sheas an Coimisinéir Cosanta Sonraí (a bhí ann ag an am) le gearán an Uas. Wallace, agus fuair sé gur rialaitheoir sonraí ab ea an tUas. Shatter i ndáil leis an bhfaisnéis i gceist agus, nuair a nocht sé an fhaisnéis sin le linn an chláir Prime Time, go raibh sé tar éis sonraí faoin Uas. Wallace a phróiseáil ar dhóigh a bhí ar neamhréir leis na críocha chun a ndearnadh iad a chur ar fáil a chéaduair. D'achomhairc an tUas. Shatter cinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCúirt Chuarda, a dhíbh an t-achomharc trína breithiúnas den 21 Eanáir 2015. Thug an tUas. Shatter achomharc in aghaidh chinneadh na Cúirte Cuarda ansin. Éisteadh an cás san Ard-Chúirt in Iúil 2017, nuair a ardaíodh roinnt saincheisteanna nós ineachta agus substainteacha. Thug an Breitheamh Onórach Meenan a bhreithiúnas, 9 Samhain 2017, inar sheas sé le hachomharc an Uas. Shatter agus chinn sé maidir leis na saincheisteanna substainteacha cosaint sonraí, i measc nithe eile, nár rialaitheoir sonraí é an tUas. Shatter chun críocha na faisnéise faoin Uas. Wallace a nochtadh le linn an chláir Prime Time agus, de bhreis air sin, nach sonraí pearsanta faoin Uas. Wallace i ndáiríre a bhí san fhaisnéis a nocht an tUas. Shatter.

(Tabhair faoi deara go bhféadfadh an breithiúnas sin a bheith faoi réir achomhairc bhreise tharla nach bhfuil an tréimhse chun achomharc ón Ard-Chúirt a thionscnamh dulta in éag fós, agus é seo ag dul i gcló).

Aonad na hIonchúiseamh

Thug an Coimisinéir Cosanta Sonraí ionchúisimh in 2017 faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na hAchtanna), agus faoi na Rialacháin ePríobháideach 2011 agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011 (I.R. 336 ó 2011).

Rinneadh ionchúiseamh ar shé aonán as cionta faoi Rialachán 13 ó I.R. 336 ó 2011 maidir le margaíocht leictreonach. Chlúdaigh na toghairmeacha don 6 chás seo 42 chion san iomlán. Leagtar amach sonraí faoi na hionchúisimh seo i rannóg na Staidéar Cáis.

I dtaca le hionchúisimh faoi na hAchtanna, cúisíodh comhlacht imscrúduithe príobháideacha as cionta faoi Alt 22, agus ionchúisíodh stiúrthóir de chuid an chomhlachta sin as cionta faoi Alt 29. Chlúdaigh na toghairmeacha i dtaca leis na hionchúisimh seo 74 chion san iomlán. Leagtar amach sonraí faoi na hionchúisimh seo sa rannóg faoin Aonad um Fhiosruithe Speisialta.

Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Tugadh Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (RCC) isteach ag Páirtí Oibre na AE Alt 29 i 2003, tar éis pléite mar fhreagra ar riachtanais eagraíochtaí cur chuige domhanda a bheith acu i leith cosanta sonraí, mar a raibh mar chuid dá lán eagraíochtaí roinnt fochuideachtaí atá lonnaithe thart ar an domhan. Ós rud é go raibh an t-aistriú sonraí ar tarlú ar mórscála, aithníodh nach mór freastal ar an riachtanas seo ar bhealach éifeachtach chun síniú iomadúil conarthaí leithéidí clásail chaighdeánacha chonartha nó faomhuithe ag roinnt DPA. Tugann an RGCS seo a leanas achoimre in Alt 47 faoi conas is féidir le RCC leanúint ar aghaidh de bheith á n-úsáid mar chumhdach cuí chun aistrithe chuig Tríú Tíortha a dhlísteanú.

Le linn 2017 ghníomhaigh an CCS mar phríomhathbheithnitheoir maidir le 14 iarratas RCC, sin dhá oiread is a bhí againn i 2016. Tugadh faomhadh deiridh do bheirt acu seo againn i 2017, Zendesk International Limited agus Oracle EMEA Limited agus tabharfar an chuid eile chun críche i 2018. Ghníomhaigh muid freisin mar chomhathbheithnitheoir i 3 iarratas RCC, ag cabhrú le DPA phríomhathbheithnitheoirí eile lena gcuid faomhuithe.

Nuashonraíodh na doiciméid thagracha d'fhaomhadh RCC i 2017 ag Páirtí Oibre Alt 29 an AE le hionchur ón oifig seo chun riachtanais RGCS a chur san áireamh.

Beartaítear, le haithint RCC mar uirlis chun sonraí a aistriú sa RGCS (Alt 47) agus tabhairt isteach meicníochta ionaid ilfhreastail go mbeidh méadú ina leithéid d'íarratais le sonrú chuig an CCS ó Mhí na Bealtaine 2018.



Clár Ullmhachta Inmheánaí RGCS an CCS

Go luath i 2017 bhunaigh CCS “Clár Ullmhachta” mar chuid d’aidhm an eagraíocht a ullmhú as a cuid feidhmeanna feabhsaithe todhchaí mar rialaitheoir faoi Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an AE, an Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí, an Bille um Chosaint Sonraí 2018 ags an Rialachán beartaithe ePrivacy. Chomh maith le cosaintí nua a sholáthar do dhaoine aonair, ag cur freagrachta níos mó ar ghnólachtaí chun sonraí pearsanta a chosaint, faoin reachtaíocht nua seo cuirfidh CCS i gcrích raon feidhmeanna nua agus feabhsaithe rialála chun cearta an phobail a chosaint.

Tá mar chuid den Chlár Ullmhachta 28 sruth oibre a bhfuil baill shinsearachá an CCS i gceannas air agus a dtacaítear leo ag baill fhoirne ar fud na heagraíochta. Cinntíonn grúpa stiúrtha, a chuimsíonn an Coimisinéir agus gach Leaschoimisinéir, rialachas éifeachtach agus maoirseacht ar gach sruth oibre trí mheán cruinnithe rialta agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cláir.

Leanann na sruthanna oibre cláir orthu de bheith ag díriú ar spreagadh gníomhaíochta ullmhachta inmheánaí ar fud roinnt príomhréimsí lena n-áirítear próisis/ gnáthaimh, córais TF, daoine/struchtúr eagraíochta agus ullmhacht chomhlíonta.

Faoin gclár seo, le linn 2017 chuir an eagraíocht ‘Céim Phleanála Mionsonraithe’ a raibh i gceist léi obair shuntasach ar fud na heagraíochta chun seo leanas a dhéanamh:

- athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis/struchtúir ‘mar atá’ agus ar bhealaí oibre chun scála an athraithe ualaigh oibre a thuiscint a bheadh riachtanach faoin gcóras rialála nua;
- próisis chriticiúla thodhchaí a dhearadh agus a mhapáil ar fud na heagraíochta, laistigh de réimsí an mheasúnaithe, na láimhseála gearáin agus an fhiosraithe san áireamh;
- taiscéaladh & sainmhíniú a dhéanamh ar riachtanais theicniúla CCS agus muid ag dréim le bheith ag cur i bhfeidhm córas nua bainistíochta cásanna chun tacú níos mó le bainistíocht fheabhsaithe na ngearán agus na bhfiosrúchán agus sin a leabú tuilleadh;
- anailís a dhéanamh ar na hiarmhairtí ualaigh oibre a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis na gcóras rialála nua do CCS agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun eagraíocht oiriúnach don fheidhm a chinntiú; agus

- plean cuimsitheach gníomhaíochtaí a chruthú nár mhór tarlú sula mbíonn feidhm leis na hathruithe rialála.

Le linn 2017 freisin, chuaigh an clár isteach sa ‘Chéim Chur i bhFeidhm’, le gach sruth oibre dírithe ar sheachadadh na ngníomhaíochtaí sin a theastaíonn le go mbeadh CCS in ann feidhmiú céimneach éifeachtach a dhéanamh ar an reachtaíocht nua. Rinneadh dul chun cinn, go háirithe maidir leis na rudaí seo:

- tógáil feasachta agus ullmhachta breise RGCS ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, mar shampla, trí raon imeachtaí cainte agus feachtas feasachta poiblí;
- próisis nua ghnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cinntiú go bhfuil CCS réidh chun feidhmiú céimneach a dhéanamh ar na riachtanais nua reachtaíochta, lena n-áirítear foirmeacha idirlíonbhunaithe chun feabhas a chur ar an tslí ina ndéanann CCS teagmháil le daoine aonair agus le gnólachtaí, leithéidí cur ar chumas eagraíochtaí chun fógraí sáraithe a chur faoinár mbráid go leictreonach;
- an CCS a ullmhú chun gníomhú mar an ‘Príomhúdarás Maoirseachta’ i gcásanna áirithe trasteorann de réir ‘mheicníocht chomhshheasmhachta’ an AE, rud a dtugtar an ‘tIonad lIfhrestail air go minic’;
- suíomh gréasáin úrnua atá cairdiúil don úsáideoir a sheachadadh, a sholáthraíonn faisnéis do bhaill an phobail agus d’ eagraíochtaí i dtaca le cosaint sonraí agus athbhrandáil CCS;
- córas nua bainistíochta cáis a fhorbairt agus feidhmiú céimneach a dhéanamh air chun feabhas a chur ar an tslí ina mbainistíonn an CCS ceisteanna, gearáin agus fiosruithe; agus
- baill nua fhoirne a earcú (tá líon na foirne le bheith trí huair níos mó ná mar a bhí i 2014) agus tuilleadh feabhais a chur ar chumas inmheánach an CCS trí oiliúint, trí fhorbairt agus trí uasoiliúint na foirne.

Ina theannta sin, le linn 2017 mar chuid den ullmhú do chur i bhfeidhm RGCS, lean CCS air de bheith ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun bheith ag ionchur sa scéim ghinearálta agus i ndruchtú an Bhille Chosanta Sonraí 2018 (le foilsíú go luath i 2018) Freisin, ar fud na heagraíochta, rinne foireann an CCS teagmháil ag leibhéal an AE, agus an obair á tabhairt chun cinn ag Grúpa Oibre Alt 29 agus a chuid foghrúpaí. Beidh Clár Ullmhachta Inmheánaí RGCS ina thosaíocht fós i 2018 agus díreofar ar chinntiú go bhfuil CCS dea-ullmhaithe agus oiriúnach don fheidhm sa tréimhse suas

Feasacht agus For-rochtain RGCS

go 25 Bealtaine 2018.

In 2017, bhí ról ceannasach ag CCS maidir le spreagadh feasachta faoi RGCS i measc páirtithe leasmhara an tionscail agus na hearnála poiblí, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Bhunaigh CCS aonad tiomanta Feasachta agus Oiliúna RGCS, le freagracht do spreagadh gníomhaíochtaí feasachta RGCS an CCS.

Bhí seoladh micrealáithreáin RGCS ina chuid lárnach den fheachtas feasachta RGCS, GDPRandYou.ie, láithreán a fheidhmíonn mar mhol lárnach d' eagraíochtaí atá ag lorg cabhrach le hullmhúcháin RGCS agus mar stór treorach a fhoilsítear ag CCS agus ag Coiste Alt 29.

Seoladh an micrealáithreán bliain amach ó RGCS, ar 25 Bealtaine 2017, in éineacht le suirbhé faoi leibhéal ullmhachta i measc fiontar beag agus meánmhéide. Baineadh úsáid as na torthaí seo chun dul i bhfeidhm ar threoir agus ar ábhar treorach CCS maidir le RGCS ina dhiaidh sin. Mar chuid den treoir a foilsíodh i 2017 bhí Treoir Ullmhachta RGCS, a dhírigh go sonrach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (BMM); chuimsigh an treoir míniúcháin agus seicliostaí a bhí deartha chun cabhrú leis an earnáil cinntiú go mbeadh sí comhlíontach faoi RGCS.

Príomhfhoinsí eile spreagtha d' ár dtreoir i 2017 ná ábhar a gineadh ó sheisiúin C&F agus teagmháil dhíreach ónár gcuid ócáidí cainte le páirtithe leasmhara, a chuir ar ár gcumas léargas a fháil faoi na téamaí cosanta sonraí a raibh spéis ag ár lucht éisteachta iontu. Go sonrach, chabhraigh ár rannpháirtíocht le Comhlachas na nGnólachtaí Beaga (CGB) chun cinntiú go mbíonn micrifhiontair chomh maith le gnólachtaí BMM ar an eolas agus ullmhaithe le haghaidh a gcuid freagrachtaí cosanta sonraí.

Chomh maith leis an micrealáithreán agus treoir a bhaineann le hearnálacha sonracha, d' fhorbair CCS chomh maith straitéisí físeáin dhigitigh – a rinne sárthaispeántas d' ár sonóg, *Data Protection Dave* – chun cabhrú le feasacht a spreagadh faoin RGCS agus chun eagraíochtaí a stiúradh chuig an bhfaisnéis ar an micrealáithreán. Nuair a rinneadh bolscaireacht faoin bhfíseán ar *Twitter* baineadh amach figiúirí féachana de bhreis is 1.4 milliún agus rátaí arda tráchta cliceála chuig micrealáithreán GDPRandYOU.ie.

Aithníodh soiléireacht teachtaireacht an fhíseáin agus rath a shainchúraim fheasachta mar dhea-shampla don tionscal ar fad, agus ainmníodh é le haghaidh dámhachtainí ag Cumann Idirlín na hÉireann, ag na Dámhachtainí Damháin Alla agus ag Dámhachtainí Príobháideachais Dhomhanda agus Cosanta Sonraí ag an gcéad Chomhdháil Idirnáisiúnta Cosanta Sonraí agus Coimisinéirí Príobháideachais (CICSCP).

Bhain an físeán ina chatagóir ag dámhachtainí DIÉ, agus tháinig sé sa dara háit ag dámhachtainí CICSCP.

Tá cuntas Twitter @DPCIreland fós gníomhach ar líne, ag méadú líon a chuid leantóirí go 3,800, agus léiríodh gur uirlis éifeachtach atá ann chun gníomhaíochtaí feasachta an CCS a scaipeadh i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara. Bhí beagnach 4 mhíilliún amharc ag ár gcuntas *Twitter* don bhliain.



Ócáidí Cainte

Tá CCS tiomanta do bheith ag spreagadh feasachta faoi RGCS. Tá sceideal gníomhach for-rochtana cothabháilte ag an oifig le linn 2017, agus rinneadh teagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh. Labhair an Coimisinéir agus a cuid foirne, agus rinne siad láithreoireachtaí, ag beagnach 250 imeacht i 2017, lena n-áirítear comhdhálacha, seimineáir, agus láithreoireachtaí faoi bhráid eagraíochtaí aonair ó sciar leathan earnálacha. Seo roinnt samplaí:

- Cruinniú Mullaigh maidir le Sonraí (Baile Átha Cliath);
- Seó Bóthair Réigiúnach CGFÉ
- 39ú Comhdháil Idirnáisiúnta na Cosanta Sonraí agus na gCoimisinéirí Príobháideachais (Hong Cong)
- Comhdháil Bhliantúil CGFÉ um Dlí Fostaíochta
- 9ú Comhdháil Bhliantúil Sedona (Má Nuad);
- *The Wheel*;
- Cruinniú Mullaigh Comhlíonta RGCS de chuid an Sunday Business Post;
- Seimineár RGCS Chomhlachas Tráchtála Chorcaí d'fhiontair BMM;
- Cruinniú tí Chumann Dlí COC;
- Comhdháil Cosanta Sonraí Bhanc Ceannais na hEorpa (Frankfurt);
- Searmanas Bronnta Dhlí-Chumann na hÉireann;
- 7ú Comhdháil Bhliantúil Lae Cosanta Sonraí na hEorpa (Beirlín);
- Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais (an Bhruiséil);
- Data Sec Bhaile Átha Cliath 2017;
- Taighde Sraithe Lárionad Sláinte Cambridge;
- Fondúireacht Sráid an Teampaill;
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta; agus
- Comhdháil idirnáisiúnta cosanta sonraí á hóstáil ag Uachtaránacht na hEastóine ar an AE (Tartu, an Eastóin).

Treoir Fhoilsithe

Chomh maith le treoir a bhaineann go sonrach le RGCS, i 2017 lean CCS air de bheith ag foilsiú ábhar treorach agus postálacha blag faoi cheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí, lena n-áirítear:

- E-fháltais;
- Bréagáin Cheangailte;
- Bogearraí éirice; agus
- Daingniú timpeallachtaí néalríomhaireachta.

Chomh maith leis an treoir a gineadh in-tí, bhí an CCS ag comhoibriú go dlúth le Feabhas Miondíola Éireann agus le Rialaitheoir na gCarthanas chun treoir spriocdhírthe RGCS a tháirgeadh dá gcuid earnálacha faoi seach.

An tAontas Eorpach agus go hIdirnáisiúnta

Comhoibriú leis an Aontas Eorpach

Meitheal Oibre Alt 29

In 2017, d'oibrigh foireann an Choimisinéara Cosanta Sonraí go gníomhach ar gach ceann de ghrúpaí iomlánacha agus d'fhoghrúpaí Mheitheal Oibre Alt 29 (MO29). Clúdaíonn naoi bhfoghrúpa MO29 réimse ábhar substainteach. Tá foghrúpa comhoibríthe amháin ann a bhfuil sé mar dhualgas air maoirseacht a dhéanamh ar achtanna cosanta sonraí, go háirithe iad siúd a bhaineann le hiarmhairtí an cháis i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) lenar neamhbhailíodh an comhaontú faoin Thearmann.

Díríonn an ocht bhfoghrúpa eile ar na ceisteanna substainteacha seo a leanas:

- Forfheidhmiú
- An príobháideacht sa todhchaí;
- Príomhfhórlacha;
- An teicneolaíocht;
- Aistrithe idirnáisiúnta;
- Forfheidhmiú an dlí (teorainneacha agus taisteal chomh maith); agus
- Ríomhrialtas agus
- ceisteanna airgeadais.

An Coimisinéir Cosanta Sonraí mar an Príomh-Rapporteur maidir leis na Treoirínte um, Thrédhearcacht faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus mar mhodhnóir ar “Fablab” MO29

Ó tugadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) chun críche sa chéad leath de 2016, tá cuid mhaith d'obair MO29 ag díriú ar ábhar treorach a ullmhú a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na bpríomhchoincheap agus na bpríomhrialtacha faoin Rialachán. Ceann de na hathruithe is suntasaí ar na rialacha faoin Rialachán maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil is ea prionsabal na trédhearcachta a bheith tugtha isteach in Alt 51. Mar léiriú ar a lárnaí atá an prionsabal seo, tá Treoirínte um Thrédhearcacht faoin RGCS curtha le chéile ag MO29.

Sa dara leath de 2017, d'fheidhmigh Oifig an Choimisinéara mar “príomhrapóirtéir” MO29 agus é mar fhreagracht uirthi na Treoirínte a dhréachtú agus a ullmhú i gcomhar le baill eile MO29.

Mar chuid dár ról mar phríomh-*rapporteur*, rinne baill d'fhoireann shinsearach na hOifige modhnóireacht ar an Trédhearcacht mar ábhar ag “Fablab” MO29. Ceardlann chomhairliúcháin aon lae i mí Dheireadh Fómhair 2017 a bhí i gceist leis an Fablab. Bhí sé ar siúl sa Bhruiséil agus d'fhreastail ionadaithe ó thionscail agus ó earnálacha an AE uirthi. Díríodh ar dhá ábhar ar leith, mar atá an Trédhearcacht agus Aistrithe Idirnáisiúnta faoin RGCS.

D'fhoilsigh MO29 réamhleagan de na Treoirínte um Thrédhearcacht faoin RGCS i mí na Nollag 2017 agus bhí tréimhse chomhairliúcháin 6 seachtaine ann ina dhiaidh sin le go bhféadfaí tuairimí a chur in iúl do MO29 faoi na Treoirínte. Leanfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí ar aghaidh lena chuid oibre mar phríomh-*rapporteur* ar na Treoirínte seo sa chéad leath de 2018. Glacfar san áireamh torthaí an chomhairliúcháin agus féachfar leis na Treoirínte a chur i gcrích ionas gur féidir le MO29 iad a ghlacadh go foirmiúil i mí Aibreáin 2018.

Bhí an méid seo a leanas san áireamh sa treoir a d'fhoilsigh MO29 in 2017:

- Treoirínte um uath-chinnteoireacht indibhidiúil agus próifíliú chun críocha an Rialacháin;
- Treoirínte um fhógra a thabhairt faoi shárú i dtaca le sonraí pearsanta faoin Rialachán;
- Treoirínte maidir le fíneálacha riaracháin a chur i bhfeidhm agus a shocrú;
- Treoirínte faoin gCeann-Údarás Maoirseachta;
- Treoirínte faoi Oifigigh Chosanta Sonraí (OCSanna);
- Treoirínte faoin gceart ar “iniomparthacht sonraí”;
- Treoirínte faoi Mheasúnú maidir leis an Tionchar atá ag Cosaint Sonraí (MTCS);
- Tuairim ar phríomhcheisteanna a bhaineann leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí;
- Cáipéisí oibre faoi Rialacha Corparáideacha Cean-gailteacha agus Leordhóthanacht Thagrach;
- Tuairim ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs chomhchóras cliste iompair; agus
- Tuairim faoi phróiseáil sonraí ar obair.

Treoirlínte Eorpacha maidir le Cóid Chleachtais

Agus deireadh 2017 ag druidim linn, ceapadh an Coimisinéir Cosanta Sonraí mar an príomhrapóirtéir chun Treoirlínte Eorpacha maidir le Cóid Chleachtais a dhréachtú ar son MO29. Beidh Cóid Chleachtais, mar a fhoráiltear dóibh faoi Alt 40, iontach tábhachtach mar ghléas cosanta sonraí. Léireoidh siad do rialaitheoirí sonraí conas atá ag éirí leo ó thaobh an Rialachán a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, glacfaidh údarás mhaoirseachta déanamh de réir cóid cleachtais san áireamh agus slándáil próiseála á measúnú nó nuair a bhíonn fineáil riaracháin á gcur i bhfeidhm acu. Tá sé mar rún ag MO29 (an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí) treoirlínte soiléire, praiticiúla a dhréachtú. Beidh na treoirlínte mar chuidiú ag cumainn agus ag forais ionadaíochas agus cóid chleachtais á ndréachtú acu, agus soláthróidh siad creat d'údarás mhaoirseachta chun cóid a mheasúnú ar dhóigh leanúnach ar fud na hEorpa. Samhlaítear go mbeidh na treoirlínte seo faofa, foilsithe faoi lár 2018.

Comhfhórais Mhaoirseachta AE

In 2017, leanamar lenár bpáirtíocht i gcláir oibre na ngrúpaí seo a leanas: Bord Comhoibríthe Europol, Comhfhóras Maoirseachta Eurojust agus na Grúpaí Eorpacha Maoirseachta Cosanta Sonraí le haghaidh Eurodac, le haghaidh Custam agus le haghaidh an bhunachar sonraí d'Fhaisnéis ar an Margadh Inmheánach. Tinneamar iniúchadh boird ar Eurodac in 2017 de réir ár gcumhachtaí maoirseachta.

Comhar Idirnáisiúnta

Meabhráin Chomhthuisceana

Is é an nádúr domhanda a bhaineann le cuid mhór de na cásanna a imscrúdaíonn an Coimisinéir Cosanta Sonraí gur bhfuil an comhar idirnáisiúnta riachtanach le bheith éifeachtach. Le linn 2017, bhí roinnt faisnéise leis an gCoimisiún Trádála Cónaidhme sna Stáit Aontaithe agus Coimisinéir Príobháideachta Cheanada ina bhfóntas ar leith maidir le saincheisteanna a chur chun cinn.

Comhdháil Earraigh na nÚdarás Eorpach um Chosaint Sonraí

Rinne Údarás um Chosaint Sonraí na Cipire óstáil ar Chomhdháil Earraigh 2017. D'eagraigh siad comhdháil an-mhaith agus an-fhónta a thug le chéile údarás um chosaint sonraí na hEorpa agus lucht déanta beartas

na hEorpa araon. Bhí an-áthas ar Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann an cuireadh a fháil le bheith ar bpainéal le plé a dhéanamh ar an sainábhar maidir le cosaint sonraí agus maidir leis an néalríomhaireacht ag an gcomhdháil agus bhain sé an-leas ar fad as teagmháil a dhéanamh arís leis na húdarás eile um chosaint sonraí ag an ócáid.

Comhdháil Údarás um Chosaint Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán

Ba i nGiobrálta a tionóladh comhdháil 2017 d'údarás um chosaint sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán. Tháinig údarás um chosaint sonraí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, na Cipire, Mhálta, Oileán Mhanann, Ghiobrálta agus Bheirmiúda le chéile do chomhdháil 2017 a bhí dírithe go príomh ar an rialachán ginearálta maidir le cosaint sonraí (RGCS) agus ba thráthúil agus na luachmhar an deis a cuireadh ar fáil ann dóibh siúd a bhí rannpháirteach ann chun faisnéis úsáideach a mhalartú maidir lenár gcláir ullmhachta maidir RGCS faoi seach.

Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí um Chosaint Sonraí

Ba é "An Oirthear ag teacht i dtreo an Iarthair" téama na bliana seo i gcomhdháil a tionóladh Hong Cong. Bhí an-ardcháilíocht ag baint leis na imeachtaí hiomlánacha agus imeallacha i dtéarmaí foghlama agus rannpháirtíochta agus bhí an-áthas ar an CCS cuireadh a fháil le bheith rannpháirteach ar phainéil ann. Bhí freastal an-mhaith ar an gcomhdháil ó údarás an AE agus ó údarás um chosaint sonraí ar fud na cruinne - bhí beagnach gach duine i láthair - agus chuir sé fóram úsáideach ar fáil arís eile chun ár dtuiscint ar údarás, próisis agus bunreachtáíocht a chéile a fheabhsú. Éillíonn an RGCS comhar méadaithe laistigh den AE, idir údarás an AE agus éillíonn síneadh breise seach-chríochach an Rialacháin freisin comhar feabhsaithe le húdarás ar fud an domhain. Cabhraíonn imeachtaí den chineál seo na húdarás náisiúnta a thabhairt le chéile agus iad a chomhaontú maidir le téarmaí agus dúshláin chomhchoiteanna um chosaint sonraí.

Toscaireachtaí idirnáisiúnta

Le linn 2017, bhí sé de phribhléid ag an CCS cuairteanna a óstáil ó Údarás Chosanta Sonraí na hEastóine, na RA agus na Seapáine agus ón nGníomhaireacht um Shlándáil Shóisialach na Tuirce. I measc na ndíospóireachtaí seo bhí plé ar chur chun feidhme an RGCS, saincheisteanna maidir le cosaint sonraí domhanda agus comhar idir údarás cosanta sonraí.

Clárúchán

Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, tá sé de cheangal go dlíthiúil ar chatagóirí áirithe rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí clárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar bhonn bliantúil.

Sainmhíneáir in Alt 16(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 na daoine lena mbaineann an ceanglas clárúcháin. Baineann an ceanglas maidir le clárú le gach rialtóir sonraí agus próiseálaithe sonraí a phróiseálfaidh sonraí pearsanta thar ceann na rialtóirí sonraí sin ach amháin sna cásanna a leanas:

- is eagraíocht ‘neamhbhrabúsach’ é an rialtóir sonraí;
- chun críche clár a sholáthar go poiblí atá próiseáil na sonraí;
- is próiseáil ar shonraí de lámh atá ann (ach amháin i gcás aon sainchatagóir de shonraí forordaithe); nó
- tá feidhm ag dólúintí faoi Rialachán 3 de IR 657 de 2007.


Níor cheart go ndéanfaí clárúchán a léirmhíniú gurb ionann é agus comhlíonadh uathoibríoch na heagraíochta go hiomlán le cosaint sonraí de bharr go bhfuil a n-iontráil clárúcháin cothrom le dáta. Bíonn rialaitheoirí sonraí, cuma cé acu a éilítear orthu clárú, faoi cheangal ag na freagrachtaí cosanta sonraí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Ba é 7143 líon iomlán na n-iontrálacha cláraithe in 2017, mar seo a leanas:

Catagóir	Líon
Institiúidí airgeadais agus creidmheasa	493
Eagraíochtaí árachais	296
Daoine a bhfuil a ngnó ina hiomlán nó go príomha i margaíocht dhíreach, ag soláthar tagairtí creidmheasa nó ag bailiú fiach	99
Seirbhísí teileachumarsáide/soláthraithe idirlín	40
An earnáil sláinte	2254
Cógaiseoirí	1127
Seirbhísí ilghnéitheacha eile	1120
Próiseálaithe sonraí	1714

Ní bheidh ceanglas dlíthiúil ag an gclárúchán a thuilleadh ón 25 Bealtaine 2018 nuair a thagann an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm.

Iontrálacha Clárúcháin 2015–2017



Gnóthaí Corparáideacha

Forléargas

Tá an Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha den Choimisinéir um Chosaint Sonraí freagrach as na bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíonann na heagraíochtaí ceanglais reachtaíochta agus agus ceanglais um rialachas corparáideach. Ina theannta sin, tá an rannóg freagrach as tacú le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochta na heagraíochta a bhaint amach trína chinntiú go bhfuil seirbhísí airgeadais, riaracháin, Acmhainní Daonna agus seirbhísí TFC i bhfeidhm.

Airgeadas

Tá méadú suntasach tagtha ar maoiniú Rialtais an CCSP le blianta beaga anuas ó €1.7 milliún in 2013 go leithdháileadh de €7.52 milliún in 2017 (lena n-áirítear pá €5.16m agus €2.36m neamhphá).

Aithníonn an CCS an méadú suntasach ar an maoiniú le blianta beaga anuas agus fáiltítear roimh ghealltanais leanúnach an Rialtais lena áirithiú go bhfuil na hacmhainní cuí ag an CCS chun a shainordú a chomhlíonadh mar an comhlacht maoirseachta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as ceart bunúsach an AE maidir le cosaint sonraí a choinneáil.

Déantar an buiséad don CCS a threorú trí vótáil na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi fhotheideal A.7 atá mar chuid de 'Chlár A – Ceannaireacht agus maoirseacht ar bheartas agus seachadadh an Cheartais agus an Chomhionannais'.

Aithníonn an CCS na teorainneacha caiteachais agus ceadúnais atá i bhfeidhm ar fud na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus comhlíonann sé freisin na ceanglais atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí agus sa Chód um Chaiteachas Poiblí.

Baineann an CCS leas as seirbhísí comhroinnte le haghaidh a phróiseas íocaíochta agus cuntasáochta. Déantar íocaíochtaí sonrasc a phróiseáil tríd an gcóras cuntasáochta lárnach i Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (CSA) na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann an tIonad Seirbhíse Roinne Párolla (ISRP) próiseáil ar íocaíochtaí párolla agus costas, atá faoi shainchúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Le linn 2017, bhí leithdháileadh ag an CCS freisin i ndáil le fáiltais a bhailiú maidir le heagraíochtaí a bhfuil ceangal orthu clárú mar rialaitheoirí sonraí agus/nó próiseálaithe sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2003.

Aistríodh na fáiltais sin go díreach chuig an Státchiste ar feadh na bliana cuntasáochta. Faoi RCPA, ó 25 Bealtaine 2018, ní bheidh ceangal ar rialtóirí sonraí agus próiseálaithe clárú a thuilleadh.

Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2017

Tá Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2017 á ullmhú faoi láthair agus cuirfear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Nuair a bheidh an t-íniúchadh tugtha chun críche agus arna fhaomhadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuirfear Cuntas Airgeadais 2017 leis an tuarascáil seo mar fhoscáil bhinn.

Acmhainní Foirne

Ceapann an Rialtas an Coimisinéir Cosanta Sonraí de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, agus tá sé neamhspleách i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna.

Mar atá leagtha amach thuas, d'éascaigh na hacmhainní breise de bhuiséad bliantúil a leithdháileadh don CCS le blianta beaga anuas chun foireann oibre an CCS a leathnú go suntasach le béim a chur ar scileanna na heagraíochta a neartú i réimsí an dlí, na teicneolaíochta, na hiniúcháireachta agus na n-imscrúduithe.

Ar feadh na bliana 2017, bhí ard-tosaíocht á tabhairt ag an CCS don earcaíocht foirne, agus rinne an eagraíocht, ag obair go héifeachtach i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, os cionn 30 ball foirne nua a earcú trí roinnt feachtas speisialaithe agus oscailte earcaíochta. Dá bharr sin, tá leithdháileadh foirne an CCS beagnach trí oiread níos mó ná mar a bhí ann in 2014 agus líon na mball foirne ag deireadh 2017 tar éis méadú go 85 ball foirne ar fud ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus i gCúl an tSúdaire.

Tá státseirbhísigh ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a oibríonn i gcomhréir le Cód Caighdeáin agus Iompraíochtaí na Státseirbhíse, chomh maith le beartais chorparáideacha, nósanna imeachta agus ciorcláin. Is príomhthosaíocht don CCS í oiliúint foirne agus forbairt leanúnach. Cuireadh oiliúint inmheánach agus sheachtrach ar fáil do na baill foirne i rith 2017. Reáchtáladh ceithre 'Lá Cumarsáide', ar bhonn ráithiúil, rud a chuir le cumas scileanna na mball foirne a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear ullmhúchán don RCPA.

Beidh cúrsaí earcaíochta mar thosaíocht fós in 2018 agus leanfaidh an eagraíocht de bheith ag fás sa tréimhse suas go dtí an 25 Bealtaine 2018 agus ina dhiaidh sin chun a áirithiú go mbeidh sé de chumas aige an réimse leathan tascanna agus feidhmeanna atá riachtanach

faoi Rialachán nua an AE um Chosaint Sonraí Ginearálta agus faoin reachtaíocht náisiúnta a chur i gcrích go héifeachtach.

Rialachas Corparáideach

Cód Cleachtais maidir le Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit

Mar chomhlacht neamhspleách, leanann an CCS ar aghaidh ag forbairt a struchtúir agus a nósanna imeachta rialachais chorparáidigh lena áirithiú go gcuireann sé chun feidhme ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh atá ag teacht leis na ceanglais atá leagtha amach do gach comhlacht san earnáil phoiblí sa Chód Cleachtais um Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit (2016).

Mar chuid de riachtanais an Chóid Chleachtais, tá Comhaontú Dearbhaithe um Rialachas Corparáideach curtha i bhfeidhm ag an CCS i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa Comhaontú an creat leathan rialachais chorparáidigh ina bhfeidhmíonn an CCS agus sainmhínítear príomhróil agus freagrachtaí atá mar chrann taca faoin chaidreamh idir an oifig agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Toisc go bhfuil an CCS neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus an RCPA, níl sé faoi réir Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

De réir an Chóid Chleachtais, áirítear Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha an CCS i bhfoscúbhinn V.

Ceanglais Reachtúla Rialtais

Tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (Alt 14 agus Sceideal 2(9) faoi seach).

Déantar cuntas ar chaiteachas uile an CCS don Stáitchiste, agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais na heagraíochta gach bliain. Cuireann an idirghníomhaíocht laethúil a dhéanaimid le saoránaigh, le gnóilachtaí agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile maoirseacht bhreise ar an obair a dhéanaimid. Ina theannta sin, is féidir cinntí reachtúla an Choimisinéara a achomharc chuig na Cúirteanna

Cuirfear Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2017 i gceangal leis an Tuarascáil Bhliantúil seo nuair a bhí iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas arna chur i gcrích.

Pleanáil Straitéiseach

Tugann an CCS faoina chuid feidhmeanna i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus na príomhchuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2017-2018. Maidir lenár sainchúraimí soláthar arna seachadadh in 2017 cuimsíodh ann pleananna gnó rannán agus spriocanna aonair ball foirne araon. Déanfar athbhreithniú ar ár Ráiteas Straitéise go déanach in 2018 tar éis chur i bhfeidhm an RCPA, agus déanfar straitéis nua a ullmhú don tréimhse 2019-2021.

Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an CCS beartas foirmiúil um Bhainistiú Riosca agus coinníonn sé Clár Riosca de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais, a chothaítear ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir deartha chun a chinntiú go n-aithneofar agus go ndéantar measúnú ar rioscaí agus go gcuirfear i bhfeidhm gníomhaíochtaí maolaithe riachtanacha, nuair is gá. Cuirtear an Clár Rioscaí le chéile thar ceann an Choiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) agus déanann baill an CBS athbhreithniú orthu ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

Mar léiriú ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, is iad seo a leanas na príomhrioscaí arna mbainistiú ag an oifig:

- tógáil ar chumas eagrúcháin lena n-áirítear saineolas fhoireann an CCS a fheabhsú agus foireann nua a earcú le scileanna sainseirbhíse imscrúdaithe, dlíthiúla agus teicneolaíochta faisnéise, i bhfianaise feidhmeanna nua agus feabhsaithe na heagraíochta faoin RCPA agus reachtaíocht náisiúnta;
- comhtháthú agus comhdhlúthú éifeachtach a dhéanamh agus a áirithiú ar struchtúir, feidhmeanna agus próisis ghnó nua ar fud na heagraíochta de réir mar a ullmhaíonn an CCS chun feidhmeanna agus freagrachtaí maoirseachta nua agus feabhsaithe arna leagan amach ag an RCPA a ghlacadh;
- a áirithiú go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí agus próisis ghnó nua i bhfeidhm chun bainistiú díreach a dhéanamh ar fheidhmeanna amháil airgeadas, acmhainní daonna, párolla, TFC, agus iniúchadh inmheánach de réir mar a aistríonn an CCS chuig 'Oifig Sceidealta' lena Vóta féin agus lena Oifigeach Cuntasaíochta le linn na bliana 2018/2019; agus
- a áirithiú go bhfuil struchtúir rialála éifeachtacha agus éifeachtacha ag an CCS chun a shainordú a dhéanamh chun ceart bunúsach an AE maidir le cosaint sonraí a chosaint chomh maith le sláine, gairmiúlacht agus dea-cháil idirnáisiúnta an CCP a choimeád agus a fheabhsú.

Iniúchóireacht

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC) iniúchadh inmheánach an CCS faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchta Vóta 24 (Ceartas). Is é ról an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh RDCC é dearbhú neamhspleách a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Cuidíonn Aonad Iniúchta Inmheánaigh na RDCC leis an CCS trí dhearbhu iniúchóireachta réasúnta a chur ar fáil go n-aithnítear, go mbainistítear agus go rialaítear rioscaí oibriúcháin suntasacha ar bhonn éifeachtach. Rinne Aonad Iniúchta Inmheánaigh na RDCC iniúchadh ar rialuithe airgeadais an CCS go luath in 2017 agus rinneadh meastóireacht ar an tuarascáil iniúchta roimh Choiste Iniúchta CBS agus na RDCC. Níor tháinig aon saincheist suntasach chun solais san iniúchadh.

D'fhreastail bainisteoirí sinsearachá na CCS ar chruinniú den Choiste Iniúchta in 2017 chun plé a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cúrsaí iniúchóireachta. Thug an CCS nuashonrú don Choiste maidir le hathchóirithe leanúnacha straitéiseacha agus oibriúcháin ar fud na heagraíochta. Cabhróidh na hathchóirithe seo le rioscaí

a mhaolú agus áiritheoidh sé go bhféadfaidh an CCS a shainordú a sheachadadh.

Fuair an CCS iarratas amháin i 2017 faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol) 2007, I.R. 133 de 2007. Ba é an cinneadh a eisíodh ná an fhaisnéis a iarradh a dhiúltú. Iarradh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh seo. Choinnigh an t-athbhreithniú leis an gcinneadh bunaidh rochtain a dhiúltú ar an bhfaisnéis a iarradh. Tá achomharc arna dhéanamh anois chuig an gCoimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil.

Saoráil Faisnéise

Tá an CCS faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 ón 14 Aibreán 2015 ar bhonn páirteach, maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige. Tá teacht ar eolas maidir le cén chaoi iarratas faoi Shaoráil Faisnéise á dhéanamh ar ár láithreán gréasáin. Tá logáil maidir le nochtadh faisnéise do gach iarratas faisnéise neamhphearsanta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar fáil faoinár Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise ar ár láithreán gréasáin. Tugtar forbhreathnú ar na hiarratais sin mar a leanas:

Iarrataí um Shaoráil Faisnéise 2017

Iarrataí de réir cineáil	Iomlán sa chatagóir	Toradh
Ag baint le saincheistanna riaracháin	2	Deonaithe
Ag baint le sonraí pearsanta (lasmuigh den raon feidhme)	11	Diúltaíodh/Neamhghlactha
Ag baint le cúrsaí lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna	30	Diúltaíodh/Neamhghlactha/Déanta a láimhseáil lasmuigh de Shaoráil Faisnéise
Cásanna Beo	1	Ag feitheamh le cinneadh ón 31 Nollaig
Foriomlán	44	

The Information Commissioner made a decision in February 2017 in relation to an application for review, made by Right To Know CLG (the applicant), arising out of the DPC's refusal of the applicant's request for access to records relating to a number of entries in the Register of Lobbying. The Information Commissioner upheld the DPC's decision to refuse the request, finding, amongst other things, that the records in question did not concern the general administration of the office of the DPC and, as such, the DPC was justified in refusing the request under the Freedom of Information Act 2014. The

decision of the Information Commissioner (No. 160447) is available on the Information Commissioner's website.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Thosaigh ceathrú Scéim Gaeilge an CCS faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le héifeacht ón 1 Samhain 2017 agus leanfaidh sí i bhfeidhm go dtí Deireadh Fómhair 2020. Leanfaidh an Oifig seo de bheith ag cur seirbhís Gaeilge ar fáil ag teacht lenár gCairt Chustaiméirí, agus de bheith ag tabhairt eolais i nGaeilge trí bhithin ár suímh gréasáin.

Foscúbhinn I

Liosta na nEagraíochtaí a nDearnadh Iniúchadh nó Cigireacht Orthu in 2017

Ba mhaith leis an gCoimisinéir a bhuíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí sin ar fad a ndearnadh iniúchadh agus cigireacht orthu le linn na bliana as ucht a gcuid comhoibrithe. Fuair na foirne iniúchta amach gurbh ann do leibhéal sách ard feasachta agus comhlíonta le prionsabail chosanta sonraí i mórchuid na n-eagraíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu. Ag an am céanna theastaigh gníomhaíocht leasúcháin óna lán eagraíochtaí i réimsí áirithe. Thug na foirne iniúchta faoi deara na hiarrachtaí a rinneadh ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe sonraí chun gnáthaimh a chur i bhfeidhm chun cinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí cosanta sonraí ina n-iomláine.

- *AIG (Telematics)*
- *Survey Monkey*
- *GoHop*
- *LinkedIn Ireland Ltd.*
- *Avoca*
- *Tesco*
- **Lárionad Cóiríochta Naomh Pádraig**
- *Elverys*
- **Cumann Cúraim Altrama na hÉireann**
- Lárionad Cóiríochta Mhaigh Muirí
- Coláiste Chill Mhantáin
- Brú Isaacs
- Brú Egali
- Óstán *Blooms*
- *Three*
- Cumann Cúramóirí Teaghlaigh na hÉireann
- Lárionad Glaonna TNG
- Debenhams
- *New Look*
- *D.I.D. Electrical*
- *Lemap Ltd. t/a Diesel*
- Óstán Carlton Aerfort Bhaile Átha Cliath
- *Eurodac* (iniúchadh deascbhunaithe)
- Ospidéal Ollscoile Portiuncula
- *Oasis*
- Lárionad Cóiríochta Bhaile Átha Luain
- Óstán an Gresham
- Jurys Inn Theampall Chríost
- *Árachas Sláinte Irish Life*
- Luath-Óige Éireann
- *Threshold*
- Leabharlann Phoiblí Mhullach Íde
- Sonas
- *Barnardos*
- An Roinn Talmhaíochta – Scéim AF
- *Dublin Coach*
- *Seetec (JobPath)*
- *Turas Nua (JobPath)*



- *Virgin Media*
- Matthews.ie
- *Event Strategies Ltd.*
- An Otharlann Theas – Ospidéal Ollscoile Victoria
- An tAonad Náisiúnta um Chártaí Leighis
- BT Éire
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann (Córas Bainistíochta Faisnéise na bPríosúnach)
- *Hooke & McDonald* (Gníomhaire Ligin)
- *Savills* (Gníomhaire Ligin)
- Banc Ceannais na hÉireann (Clár Creidmheasa Lárnach)
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA)
- Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (LÉCT)
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Coláiste Hibernia Baile Átha Cliath
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Dlíodóirí Byrne Wallace Solicitors ar a son)
- Seirbhísí Capita Asset, Baile Átha Cliath 2
- An Dr. O'Droma, Ortachosmaidí, Binn Éadair, Co. Átha Cliath
- Ospidéal Mhuire, an Uaimh
- Seirbhísí Comhairliúcháin Naughton, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
- Seirbhísí Slándála agus Faireachais
- Ospidéal Ollscoile Chiarraí, Trá Lí
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman
- Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe
- An Roinn Coimirce Sóisialaí, Mala
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Luimneach
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Trá Lí
- Ospidéal Ollscoile Luimnigh
- Fiosrú Príobháideach, Cill Droichid
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cill Chainnigh
- Ospidéal Ollscoile Shligigh, Sligeach
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Lárionad Gaolta, Droichead Átha
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an Uaimh, Co. na Mí
- Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 12
- Clinic na Carraige Duibhe, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Portlaoise
- Ospidéal Bons Secours, Corcaigh
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, An Ceantar Theas, Baile Átha Cliath 8
- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2
- Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán, Baile Átha Cliath 4

Iníúchtaí AFS (Aonad Fiosruithe Speisialta)

- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr
- Comhar Creidmheasa *Synergy*
- Ospidéal Áit Aoibhinn, Cill Chainnigh
- Ospidéal Súil agus Cluas Victoria Ríoga
- Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae
- Oifig Mhótarchánach Bhaile Átha Cliath
- Ospidéal Beaumont
- Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn
- Ospidéal Adelaide & na Mí, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Ospidéal Thamhlachta)
- Ospidéal Naomh Lúcaís, Cill Chainnigh
- An Garda Síochána, Ceanncheathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce
- Ospidéal Ollscoile Chorcaí

Foscúbhinn II

Cás-staidéir

STADÉAR CÁIS 3: Caillteanas sonraí pearsanta íogaire a bhí le fáil i gcomhad fianaise a bhí á choimeád ag An nGarda Síochána

Fuaireamar gearán ó lánúin in aghaidh An Gharda Síochána (AGS), a bhain le caillteanas comhaid fhianaise a bhí ag coimeád, i measc rudaí eile, sonraí pearsanta íogaire na lánúine a bhain le sonraí córa leighis. Fuaireamar amach go raibh gearán coiriúil curtha faoi bhráid AGS ag an lánúin roimhe seo agus go raibh iarratas rochtana déanta acu ina dhiaidh sin. Mar fhreagra ar an iarratas rochtana, áfach, cuireadh in iúl dóibh go raibh an comhad fianaise a bhain lena ngearán, agus a raibh gcuid bunráiteas le fáil ann, chomh maith le DVD agus doiciméid phoist tar éis a bheith cailte le linn dóibh bheith i seilbh AGS. Rinne na gearánaithe iarratas go ndéanfaimis fiosrú foirmeálta faoin gceist.

Chuir AGS in iúl dúinn go ndearnadh, tar éis dóibh fáil amach go raibh an comhad fianaise faoi thrácht ar iarraidh, cuardach cuimsitheach trí gach comhad a choimeádtar ag an leibhéal áitiúil san Oifig Ceantair, agus i rannóga ábhartha eile den AGS, chun iarracht a dhéanamh an comhad a aimsiú. Sa deireadh thiar thall, áfach, níor aimsiódh an comhad.

Le linn ár bhfiosraithe, rinneamar staidéar ar líne chúraim an tsampla a soláthraíodh dúinn ag an AGS agus fuaireamar amach gur i seilbh an oifigigh fhiosraithe a bhí an comhad an uair dheireanach a raibh tásca ná tuairisc air. Tugadh treoir don oifigeach sin ag oifigeach uachtarach an lánúin a chur ar an eolas faoin ngearán coiriúil agus an comhad a chur ar ais chuig an Oifig Ceantair ansin lena chomhdú. Theip ar an oifigeach, áfach, an comhad a chur ar ais chuig an Oifig Ceantair lena chomhdú. Chuir AGS in iúl dúinn gur sháraigh teip seo an oifigigh an comhad a chur ar ais chuig an áit ábhartha san Oifig Ceantair beartas agus gnáthaimh an Gharda ag an am sin, agus gur cuireadh i gcrích, dá bharr sin, fiosrú de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Tar éis an fhiosraithe sin, smachtaíodh agus gearradh pionós ar an oifigeach faoi thrácht as an sárú céanna.

Ceann de riachtanais lárnacha an dlí chosanta sonraí is ea é go bhfuil sé de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí bearta cuí slándála a bheith i bhfeidhm acu chun cinntiú go gcoimeádtar sonraí pearsanta atá ina seilbh slán sábháilte. Cuireann sin iachall ar an rialaitheoir idir bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur san áireamh agus, rud atá tábhachtach, gach gníomh réasúnta a dhéanamh le cinntiú go bhfuil a chuid fostaithe, i measc

daoine eile, ar an eolas faoi agus ag cloí leis na bearta slándála. Mar chuid den chinneadh a rinne sí, chinn an Coimisinéir go raibh AGS, mar an rialaitheoir sonraí, tar éis sárú a dhéanamh ar Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ós rud é gur theip air bearta cuí slándála a dhéanamh chun stóráil shábháilte shonraí pearsanta íogaire na ngearánaithe a chinntiú, sonraí a bhí le fáil sa chomhad fianaise faoi thrácht.

Léiríonn an cas seo go dtéann an dualgas atá ar rialaitheoir sonraí bearta cuí slándála a chothabháil thar bheith díreach ag cur i bhfeidhm gnáthaimh a bhaineann le stóráil agus le láimhseáil sonraí pearsanta. Ní bhíonn a leithéid de ghnáthaimh éifeachtach mar rialú slándála ach amháin má chloítear leo go comhsheasmhach, agus mar sin de ní mór do rialaitheoirí sonraí monatóireacht a dhéanamh ar an tslí a gclóíonn an fhoireann leis na bearta seo, agus gníomhartha bríocha a dhéanamh (mar shampla oiliúint, iniúchadh agus, b'fhéidir, bearta disciplíneacha sa chás go n-aithnítear neamhchomhlíonadh) chun cinntiú go gcuireann an fhoireann a leithéid de ghnáthaimh i gcrích go córasach.

STADÉAR CÁIS 4: Úsáid scannánaíochta TCI i bpróiseas disciplíneach

Fuaireamar gearán ó dhuine maidir le húsáid scannánaíochta TCI ag a bhfostóir i bpróiseas disciplíneach in aghaidh an duine chéanna. Chuir an gearánaí in iúl dúinn gur úsáid a bhfostóir a gcuid sonraí pearsanta, le linn dóibh bheith fostaithe mar oifigeach slándála, i bhfoirm scannánaíochta TCI, chun iad a smachtú agus chun iad a bhriseadh as a bpost sa deireadh thiar. Dhearbhaigh an gearánaí nár tugadh fógra dóibh roimh ré gurbh fhéidir scannánaíocht TCI a úsáid in imeachtaí araíonachta.

Le linn ár bhfiosraithe, chuir an fostóir in iúl dúinn go raibh an gearánaí ag obair mar oifigeach oíche agus iad sannta ar áitreabh cliant, is go raibh iachall ar an bhfostaí monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras TCI don áitreabh ó sheomra rialaithe. Ba é seasamh an fhostóra gur iarradh ar an ngearánaí, nuair a sannadh an t-áitreabh cliant faoi thrácht ar an duine, tacar “Buan-nósanna Imeachta” a léamh a thug le fios gurbh fhéidir scannánaíocht TCI a úsáid i bpróiseas imscrúdaitheach a bhaineann le fostaí. Iarradh ar an bhfostaí freisin deimhniú tuisceana a shíniú chun dearbhú go raibh a chuid freagrachtaí léite agus tuigte aige. D'áitigh an fostóir nár baineadh úsáid as an gcóras TCI a bhí i bhfeidhm in áitreabh an chliant chun maoirseacht

a dhéanamh ar an bhfoireann, ós rud é go raibh maoirseoir i láthair san áitreabh le linn uaireanta oifige idir an Luan agus an Aoine.

Chuir an fostóir in iúl d'ár gcuid imscrúdaitheoirí gur ar an ngearánaí a bhí an fhreagracht, mar an t-aon oifigeach slándála oíche a bhí ar dualgas in áitreabh an chliant, faireachán a dhéanamh ar an gcóras TCI don áitreabh ón seomra rialaithe. Téarma de chuid chonradh an fhostóra lena chliant a bhí sa riachtanas oifigeach slándála oíche a bheith ar dualgas sa seomra rialaithe sin don chuspóir sin.

Bhí dualgas conartha ar an bhfostóir freisin faoina chonradh lena chliant gnáthiniúchtaí a chur i gcrích ar chártaí rochtana na bhfostaithe (cárta í a ndéantaí iad a svaidhpeáil ag an sealbhóir chun rochtain a fháil ar ionaid éagsúla in áitreabh an chliant). Dúirt an fostóir linn gur aimsíodh aige, le linn a leithéid d'iniúchadh, mírialtachtaí sna sonraí a fuarthas ó chárta rochtana an ghearánaí nárbh fhéidir gur bhain siad le tuisle teicniúil, ós rud é nach raibh na mírialtachtaí céanna le tabhairt faoi deara i sonraí cárta rochtana chomhghleacaithe an ghearánaí ar oifigigh oíche iad freisin. Thug na mírialtachtaí seo le fios go raibh an gearánaí as láthair óna phost sannta sa seomra rialaithe ar feadh tréimhsí fada ama ar roinnt ócáidí éagsúla. Bunaithe ar mhírialtachtaí shonraí an chárta rochtana, agus tar éis dó asláithreacht dealramhach an fhostaí ón seomra rialaithe ar feadh tréimhsí fada a thabhairt faoi deara, bhí tús curtha ag an bhfostóir le fiosrú faoi iompar an fhostaí. Le linn an fhiosraithe seo, cheistigh an gearánaí cruinneas na sonraí cárta rochtana, agus d'íarr sé go soláthródh an fostóir tuilleadh fianaise maidir lena asláithreacht fhada líomhnaithe ón seomra rialaithe. Fuair an fostóir, mar sin de, stadáin TCI ó amanna nuair a thug sonraí an chárta rochtana le fios go raibh an gearánaí as láthair óna bpost chun láthair an ghearánaí a dhearbhu. D'áitigh an fostóir, ós rud é go raibh an córas TCI neamhspleách ar an gcóras sonraí cárta rochtana, gurbh é sin an t-aon slí neamhspleách chun sonraí an chárta rochtana a dhearbhu. Sholáthair an fostóir miontuairiscí cruinnithe araíonachta leis an ngearánaí dúinn freisin, cruinniú inar admhaigh siad a bheith as láthair ón seomra rialaithe ar feadh tréimhsí fada. Chuir an fostóir in iúl dúinn freisin go raibh an gearánaí tar éis admháil níos déanaí, i ríomhphost a soláthraíodh dúinn freisin, gurbh é an fáth a bhain leis na tréimhsí seo asláithreachta ná go ndeachaigh an gearánaí isteach i seomra eile chun luí síos ar dhromchla crua chun faoiseamh a fháil ó phian droma a d'éascair as gortú droma.

Cheistíomar leis an bhfostóir cad é an bunús dlí a bhí ann chun sonraí pearsanta an ghearánaí a phróiseáil ón scannánaíocht TCI. Ba é seasamh an fhostóra ná, de thoradh ar a chuid dualgas conartha i leith a chliant (ar leis an áitreabh a raibh monatóireacht á déanamh air), dá dtarlódh teagmhas díobhálach le linn tréimhse asláithreachta an oifigigh shannta slándála (an fostaí) ón seomra rialaithe, gur féidir go mbeadh an fostóir neamhchosanta ar chaingean dlí a bhaineann le sárú conartha óna chliant, caingean arbh fhéidir go mbeadh mar thoradh air iarmhairtí suntasacha airgeadais agus clú don fhostóir. Ar an mbunús seo d'áitigh an fostóir gurbh é a leas dlisteanach scannánaíocht TCI an fhostaí a phróiseáil do chuspóir an phróisis araíonachta.

Faoi Alt 2A(1)(d) is féidir le rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta a bhaineann le duine a phróiseáil, in ainneoin nach bhfuil comhthoil an duine is ábhar do na sonraí ag an rialaitheoir, nuair a bhíonn an phróiseáil riachtanach do chuspóirí an leasa dhlísteanaigh sin a bhfuil an rialaitheoir á chur i gcrích. Chun bheith ag brath, áfach, ar an leas dlisteanach mar bhunús dlí le haghaidh próiseála, ní mór critéir áirithe a chomhlíonadh, mar seo a leanas:

- ní mór gurbh ann do leas dlisteanach a thugann údar leis an bpróiseáil;
- ní mór go mbeadh próiseáil na sonraí pearsanta riachtanach do chur i gcrích an leasa dhlísteanaigh; agus
- ní mór go mbeadh tús áite ag an leas dlisteanach thar chearta agus thar leasanna an duine is ábhar do na sonraí.

Agus an tástáil 3 chéim thuasluaite curtha san áireamh aici, bhí an Coimisinéir sásta go raibh leas dlisteanach ag an bhfostóir maidir le fiosrú a dhéanamh ar agus maidir le dearbhú más amhlaidh go raibh nó nach raibh mí-iompar ar siúl ó thaobh an fhostaí de (nó más amhlaidh go raibh locht ar an gcóras slándála cárta rochtana). Ina theannta sin, bhí an Coimisinéir den tuairim go raibh úsáid na scannánaíochta TCI riachtanach agus i gcomhréir leis an gculpóir a rabhthas á chur i gcrích, ag cur san áireamh a thromchúisí is a bhí an líomhain, ós rud é gurbh é an t-aon mhodh neamhspleách chun cruinneas na sonraí cárta rochtana a dhearbhu. Thug an Coimisinéir faoi deara gur úsáideadh an scannánaíocht TCI ar bhealach teoranta chun faisnéis eile a dhearbhu agus go ndearnadh de réir phrionsabal íoslaghdú na sonraí. Go deireanach, ag cur san áireamh an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí dochar do chlú an fhostóra agus an gá atá

ann chun slándáil áitreabh a chliant a chinntiú, bhí an Coimisinéir sásta go raibh tús áite sna í seo cúinsí seo ag úsáid na scannánaíochta TCI do chuspóir an fhiosraithe faoi mhí-iompar a d'fhéadfadh a bheith déanta ag fostaí, mí-iompar a d'ardódh ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann in áitreabh cliant thar chearta agus shaoirse an ghearánaí mar dhuine is ábhar do na sonraí. Maidir leis an gceist ar shólathair an rialaitheoir fógra don ghearánaí gurbh fhéidir go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil trí úsáid scannánaíochta TCI, bhí an Coimisinéir sásta gur tugadh fógra sásúil i dtaca leis sin trí mheán an doiciméid BNO, rud a aithníodh ag an ggearánaí ar shíniú an deimhnithe thuisceana dó.

Tháinig an Coimisinéir seo ar an tuairim, mar sin de, go raibh bunús dlí ag an bhfostóir chun sonraí pearsanta an ghearánaí a phróiseáil a bhí le fáil sa scannánaíocht TCI faoi Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Léiríonn an cás seo nach mbeidh bunús dlí na leasanna dlísteanacha ar fáil ach amháin chun údar a thabhairt le próiseáil sonraí pearsanta sa chás go bhfuil, agus cothromaíocht á déanamh idir leasanna dlísteanacha faoi seach an rialaitheora agus cearta agus saoirse an duine is ábhar do na sonraí, go bhfuil cúinsí ar leith an cháis ualaithe go soiléir ar son tosaíocht a dhéanamh de leasanna dlísteanacha an rialaitheora. Tá sé bunriachtanach, chun údar a thabhairt leis an tuilleamáí ar an mbunús dlí seo go bhfuil an phróiseáil atá faoi thrácht comhréireach agus go bhfuil sí riachtanach chun leasanna dlísteanacha an rialaitheora a chur i gcrích.

STAIÉAR CÁIS 5: Nochtadh sonraí pearsanta íogaire ag ospidéal do thríú páirtí

Fuair eamar gearán a bhain le nochtadh neamhúdairithe líomhnaithe sonraí pearsanta íogaire othair ag ospidéal do thríú páirtí. D'fhreastail an gearánaí ar an ospidéal le haghaidh gnáthamh leighis agus chuir siad in iúl dúinn gur cuireadh na tuairiscí leighis do na gnáthaimh seo chuig a seoladh baile i gclúdach nach raibh aon stampa air. Bhí seoladh lámhscríofa ar an gclúdach a raibh luaite ann ainm Dochtúra Teaghlaigh (DT) agus a raibh mar chuid de freisin seoladh baile chomharsa an ghearánaí. Bhí leasú lámhscríofa tar éis a bheith déanta ar an seoladh, ag dearbhú gurbh é an seoladh mícheart. Chuir an gearánaí in iúl dúinn go raibh fiosruithe déanta acu lena gcomharsa maidir leis an gcomhfhreagras; dhearbhaigh an comharsa go raibh

an comhfhreagras faighte acu roinnt laethanta roimhe sin ach nár seachadadh ag fear poist é. Lena chois sin, chuir an comharsa in iúl don ghearánaí gur osclaíodar an clúdach agus gur bhreathnaíodar ar an ábhar mar chuid d'iarraicht an faighteoir/seoladh ceart a aimsiú.

Tar éis an ghearáin tosaigh, sholáthair an gearánaí comhfhreagras dúinn a fuair siad ina dhiaidh sin ón ospidéal, inar gabhadh leithscéal leo gur cuireadh comhfhreagras ina raibh torthaí leighis an ghearánaí le fáil chuig an seoladh mícheart gan chuimhneamh. Thug an t-ospidéal le fios go raibh an chuma ar an scéal gur tharla sin mar gheall ar earráid chléireachais mar ar meascadh suas cuid de sheoladh an DT agus cuid de sheoladh an ghearánaí. Chuireamar tús le fiosrú chun fáil amach conas a tharla an earráid, cad iad na gnáthaimh a bhí i bhfeidhm ag an ospidéal ag an am agus cad é a bhí déanta ag an ospidéal ó shin le nach dtarlódh a leithéid de theagmhas arís.

Chuir an t-ospidéal in iúl dúinn gurbh é an gnáthghnáthamh atá acu ná tuairiscí leighis a eisiúint i mbaisceanna chuig an DT ábhartha, ar an tslí sin cuirtear tacair iomadúla tuairiscí leighis d'othair éagsúla isteach i gclúdach a bhfuil fuinneog air, a thaispeánann seoladh an DT ábhartha san fhuinneog. Sa chás seo, áfach, cuireadh an tuairisc leighis isteach i gclúdach nach raibh fuinneog air agus scríobhadh an seoladh de láimh ar an tosach. Agus sin á dhéanamh acu, mheasc an ball foirne a scríobh an seoladh ar an gclúdach de láimh, mheasc siad suas go hearráideach ainm an DT, cuid de sheoladh an DT agus cuid de sheoladh an ghearánaí ar an gclúdach. Chuir an t-ospidéal in iúl dúinn freisin go ndéantar na clúdaigh sin a bhfuil torthaí iontu atá le seoladh chuig DT, go ndéantar iad a fhraiceáil ag seomra poist an ospidéil. Sa chás seo, áfach, ós rud é nach raibh an clúdach a raibh faisnéis leighis an ghearánaí le fáil ann frainceáilte, ba é an tátal a bhain an t-ospidéal as sin ná gur cuireadh amach go díreach óna seomra poist é, agus chuir siad in iúl gurbh fhéidir gur cuireadh chun tosaigh é trí mheán an DT ábhartha, cé gur aithníodar nárbh fhéidir leo bheith cinnte faoi sin. Ní rabhamar in ann fáil amach le linn an fhiosraithe faoi cén dóigh go díreach ar seachadadh an clúdach a raibh tuairiscí leighis an ghearánaí le fáil iontu go teach chomharsa an ghearánaí. Chuir an t-ospidéal in iúl dúinn gur tugadh faisnéis dá bhfoireann riaracháin ó shin maidir leis an ngnáthamh ceart chun tuairiscí leighis a eisiúint, agus nach mbainfí úsáid as clúdaigh gan fhuinneog as seo amach don chuspóir seo.

Dhiúltaigh an gearánaí don leithscéal a thug an t-ospidéal dóibh trí mheán tairisceana réitigh chairdiúil agus ina

áit sin d' iarr siad socrú foirmeálta ón gCoimisinéir. Mar chuid dá cinneadh, chinn an Coimisinéir go raibh sárú déanta ag an ospidéal ar Alt 2(1)(b) (riachtanas maidir le sonraí pearsanta a choimeád cruinn, iomlán agus suas chun dáta), Alt 2(1)(d) (riachtanas maidir le bearta cuí slándála a dhéanamh) agus Alt 2B(1) (riachtanas maidir le bunús dlí do phróiseáil sonraí pearsanta íogaire) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 nuair a rinne sé sonraí pearsanta íogaire an ghearánaí a phróiseáil trí mheán a gcuid sonraí pearsanta a nochtadh gan chuimhneamh do thríú páirtí.

Léiríonn an cás an méid seo: is féidir le hathrú, atá neafaiseach de réir dealraimh, a dhéanann ball foirne amháin ar bhuan-nós i dtaca le heisiúint chomhfhreagrais, iarmhairtí suntasacha a bheith aige don duine ábhartha is ábhar do na sonraí. Sa chás seo, bhí teacht ag tríú páirtí ar fhaisnéis leighis an-phearsanta ar fad faoi chúinsí arbh féidir iad a sheachaint go hiomlán. Dá mbeadh rialú cuí caighdeáin agus meicníochtaí cuí maoirseachta i bhfeidhm ag an ospidéal chun cinntiú go gcloíonn gach ball foirne go docht lena chuid buan-nósanna, ní dócha go mbeadh an nochtadh neamhúdaraithse seo sonraí pearsanta íogaire tar éis tarlú.

STAIDÉAR CÁIS 6: Foilsiú faisnéise pearsanta – díolúine iriseoireachta

Fuaireamar gearán a bhain le halt a foilsíodh sa Sunday World (sa nuachtán clóite agus ar líne araon) a d'ainmnigh an gearánaí agus a d'fhoilsigh a ngrianghraf. Ba é fócas an ailt ná gearáin oifigiúla a rinneadh ag príosúnaigh Éireannacha faoi Acht na bPríosún 2007 a bhain leis an tslí inar caitheadh leo sa phríosún (tugtar gearáin "Catagóir A" orthu seo), agus bhí sonraí ann faoi líon na ngearán "Catagóir A" a bhí déanta ag an ngearánaí. Líomhnaíodh ag an ngearánaí go raibh teacht neamhúdaraithse faighte ag an Sunday World ar a gcuid sonraí pearsanta ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Sholáthair an gearánaí litir dúinn a bhí scríofa acu chuig eagarthóir an Sunday World, inar maíodh go raibh an fhaisnéis a bhí le fáil san alt míchruinn agus gur sháraigh sí an ceart a bhí acu ar phríobháideachas agus inar iarradh go mbainfí an nasc don alt ar líne. Cuireadh cinneadh ar fáil dúinn freisin a rinne Ombudsman an Phreasa roimhe seo a phléigh le sárúithe éagsúla líomhnaithe ar Chód Cleachtais Chomhairle Preasa na hÉireann (an Cód) ó thaobh an Sunday World de, líomhnaithe a bhain le sárúithe a d'eascair as an alt faoi thrácht san áireamh. Bhí cinneadh déanta

ag Ombudsman an Phreasa go ndearnadh sárú ar Phrionsabal 5 den Chód, a bhaineann le cúrsaí príobháideachais, agus gurbh féidir an t-alt a scríobh gan ainm ná grianghraf an ghearánaí a fhoilsiú. Ba é an seasamh a bhí glactha ag Ombudsman an Phreasa ná, ós rud é nach cuid den taifead poiblí iad gearáin "Catagóir A", go rabhthas tar éis sárú ar an méid príobháideachais arbh féidir leis an ngearánaí bheith ag súil leis go réasúnta ag foilsiú a n-ainm agus a ngrianghraif.

Le linn ár bhfiosraithe chuireamar ceist ar lucht an Sunday World cén fáth nach raibh leagan ar líne an ailt bainte óna shuíomh gréasáin acu, ag cur san áireamh cinneadh Ombudsman an Phreasa agus ag cur san áireamh iarratas scríofa an ghearánaí chun a leithéid a dhéanamh. Chuireamar ceist freisin conas a fuair an Sunday World sonraí pearsanta an ghearánaí. Ina fhreagra, dhearbhaigh an Sunday World an seasamh a bhí aige, go raibh an foilsiú ar mhaithe le leas an phobail ós rud é gur bhain sé le réimis chúram agus bhainistiú na gcimí chomh maith le foireann na bpríosún. Mhaígh sé freisin go raibh an t-alt tar éis béim a chur ar an tslí ina raibh ró-úsáid agus mí-úsáid á baint as córas na [ngearán]. Chuir an Sunday World in iúl dúinn gur baineadh leagan ar líne an ailt tar éis dóibh an t-iarratas foirmeálta a fháil ón ngearánaí. Bhí an Sunday World ag brath, áfach, ar an bhforáil a bhaineann le díolúine iriseoireachta faoi Alt 22A de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 (na hAchtanna) maidir le fáil na faisnéise i dtaca leis na gearáin "Catagóir A" agus le sonraí pearsanta an ghearánaí.

D' eisigh an Coimisinéir cinneadh foirmeálta maidir leis an ngearán agus go sonrach maidir le cur i bhfeidhm dhíolúine Ailt 22A. Is é an bunús atá leis an díolúine in Alt 22A ná cosaint an phríobháideachais agus saoirse cainte a thabhairt chun réitigh. Tar éis d'fheidhm a bheith le Conradh Liospóin, bhain cosaint sonraí stádas amach mar cheart bunúsach. Is ceart bunúsach é an ceart ar shaoirse cainte freisin. Aithnítear an dá cheart freisin sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus déantar tagairt dóibh freisin i dTreoir um Chosaint Sonraí an AE 95/46/EC a dtugtar éifeacht di i ndlí na hÉireann trí na hAchtanna.

Sonraíonn Alt 22A de na hAchtanna go mbeidh sonraí pearsanta a phróiseáiltear do chuspóirí iriseoireachta amháin saor ó chomhlíonadh fhorálacha áirithe na reachtaíochta sin (lena n-áirítear an riachtanas bunús dlí a bheith ag an bpáirtí chun na sonraí pearsanta a phróiseáil), a fhad is go gcomhlíontar 3 chritéar channacha. Faoi Alt 22A(1)(b), ceann de na 3 chritéar is ea é gur gá go gcreideann an rialaitheoir sonraí, sa chás

seo an Sunday World, go réasúnta, ag cur san áireamh go háirithe tábhacht ar leith leas an phobail i dtaca le saoirse cainte, go mbeadh a leithéid de phróiseáil (sa chás seo trína fhoilsiú sa nuachtán) ar mhaithe le leas an phobail. Mhaígh an Sunday World gurbh é cuspóir an ailt faoi thrácht, go bunúsach, ná béim a chur ar mhí-úsáid próise laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, dar leis. Mar chuid dá cinneadh, chinn an Coimisinéir nach raibh sé réasúnta go gcreidfeadh an rialaitheoir sonraí go mbeadh foilsiú shonraí pearsanta an ghearánaí, trí fhoilsiú a n-ainm agus a ngrianghraif, ar mhaithe le leas an phobail, chun cuspóir dearbhaithe an Sunday World a bhaint amach. Ba é tuairim an Choimisinéara gurbh fhéidir an tábhacht ar leith a bhaineann le saoirse cainte a shásamh dá mbeadh meán eile úsáidte ag an iriseoir faoi thrácht chun an cuspóir inmhianta a bhaint amach, mar shampla trí staitisticí a úsáid maidir le líon na bpríosúnach a rinne gearáin ‘Catagóir A’ agus nár cuireadh feabhas ar ná níor cuireadh isteach ar leas an phobail trí aithint an ghearánaí trí mheán a n-ainm agus a ngrianghraif. Ós rud é nár sásaíodh critéar amháin as na 3 chritéar charnacha do chur i bhfeidhm na díolúine iriseoireachta faoi Alt 22A de na hAchtanna, chinn an Coimisiún nár ghá an dá chritéar eile a chur san áireamh.

Ós rud é nach raibh an rialaitheoir sonraí in ann bheith ag brath ar Alt 22A de na hAchtanna mar dhíolúine ón riachtanas go mbeadh bunús dlí próiseála ann trí fhoilsiú shonraí pearsanta an ghearánaí, ina cinneadh chuaigh an Coimisinéir ar aghaidh go ndearna sí breithniú faoin gceist an raibh a leithéid de bhunús ann don phróiseáil le fírinne. Cé gur mheas an Coimisinéir go raibh leas dlísteanaigh ag an Sunday World maidir le fáil agus le próiseáil faisnéise staitisticíúla ghearáin ‘Catagóir A’ do chuspóir an taighde don alt faoi thrácht, mheas sí go raibh an Sunday World tar éis sárú ar Alt 2(1)(c)(iii) trí phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta an ghearánaí, trína fhoilsiú. D’ eascair an sárú seo ós rud é go raibh próiseáil na sonraí trí fhoilsiú iomarcach agus neamhriachtanach do chuspóir an phointe a bhí á dhéanamh ag an Sunday World san alt, .i. go raibh mí-úsáid á baint as an gcóras.

Léiríonn an cás seo nach lándíolúine í an díolúine iriseoireachta faoi Alt 22A de na hAchtanna ar féidir le foilsitheoirí nó iriseoirí bheith ag brath uirthi, agus iad ag iarraidh údar a thabhairt le foilsiú sonraí pearsanta neamhriachtanacha. Ní leor alt foilsithe a bheith ann le go mbeadh sé laistigh de scóip na díolúine seo, agus ina áit sin ní mór go mbeadh rialaitheoir sonraí in ann léiriú go sásaíonn siad gach ceann de na 3 chritéar charnacha san alt seo, mar seo a leanas:

- (i) ní thugtar faoin bpróiseáil ach amháin agus é i gceist ábhar iriseoireachta, liteartha nó ealaíonta a fhoilsiú;
- (ii) creideann an rialaitheoir sonraí go réasúnta go mbeadh a leithéid d’ fhoilsiú, ag cur san áireamh go háirithe an tábhacht ar leith a bhaineann le saoirse cainte, ar mhaithe le leas an phobail; agus
- (iii) creideann an rialaitheoir sonraí go réasúnta nach réiteofaí, sna cúinsí ar fad, le cuspóirí iriseoireachta, ealaíonta nó liteartha dá mbeadh iachall ar an bpáirtí cloí le riachtanas ábhartha na nAchtanna.

STAIDÉAR CÁIS 7: Comhlíonadh Iarratais Teach ar Dhuine is Ábhar & Nochtadh sonraí/íomhánna pearsanta ag úsáid TCI

Fuaireamar gearán ó dhuine atá fostaithe mar innealtóir seirbhíse ag comhlacht, a fuair conradh chun seirbhíse áirithe a chur ar fáil do chomhlacht arbh oibrítíeoir dola-phláis é (an Comhlacht Dola). Líomhain an gearánaí, i measc rudaí eile, gur nocht an Comhlacht Dola sonraí pearsanta an ghearánaí (a raibh i gceist leis taifeadadh fuaime agus scannánaíocht TCI chomhrá idir an gearánaí agus duine a bhí ag feidhmiú dolabhotha ag an dola-phláis) d’ fhostóir an ghearánaí gan faisnéis nó comhthoil an ghearánaí.

Le linn ár bhfiosraithe fuaireamar amach gur tharla teagmhas ina raibh an gearánaí páirteach, a raibh de thoradh air gur chuir an Comhlacht Dola iarratas faoi bhráid fhostóirí an ghearánaí a d’ iarr nach mbeadh an gearánaí ag freastal ar áitreabh an dola-phláis arís ina chumas mar innealtóir seirbhíse. Fuaireamar amach go raibh i gceist leis an teagmhas faoi thrácht achran ag dolabhoth idir an gearánaí agus duine a bhí i mbun an dolabhotha, maidir le praghas an dola a gearradh ar an ngearánaí. Mhaígh an Comhlacht Dola gur bhagair an gearánaí le linn an teagmhais faoi thrácht (a gabhadh ar TCI agus trí mheán taifeadta fuaime) córas an dola-phláis a “leagan”. Dheimhnigh fostóir an ghearánaí go gcloifeadh sé le hiarratas an Chomhlachta Dhola nach mbeadh an gearánaí ag freastal ar áitreabh an dola-phláis arís agus dheimhnigh an Comhlacht Dola dúinn gur ghlac siad leis go raibh deireadh leis an gceist ag an bpointe sin. Thart ar dhá mhí tar éis an teagmhais, áfach, d’ iarr fostóirí an ghearánaí an scannánaíocht TCI agus taifeadadh fuaime an teagmhais líomhnaithe, agus sholáthair an Comhlacht Dola sin don fhostóir ansin. D’ áitigh an Comhlacht Dola go raibh sé ar mhaithe lena leas dlísteanaigh sonraí pearsanta an ghearánaí a phróiseáil ós rud é go ndearnadh bagairt ina leith ag an

ngearánaí agus gur chuir duine dá chuid fostaithe tuairisc faoi bhráid na nGardaí faoin mbagairt, a glaoth chuig an dolapláis ag an ngearánaí ag am an teagmhais. Mhaígh an Comhlacht Dola freisin gur cheadaigh Alt 8(b) agus Alt 8(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na hAchtanna) próiseáil seo shonraí pearsanta an ghearánaí ós rud é go raibh an phróiseáil riachtanach chun cosc a chur ar dhochar a bheith déanta do réadmhaoin an Chomhlachta Dhola. Dhearbhaigh an Comhlacht gur cuireadh sonraí pearsanta an Ghearánaí (an scannánaíocht TCI agus an taifeadh fuaime) chuig fostóir an ghearánaí dhá mhí tar éis an teagmhais ós rud é nár iarradh é ag an bhfostóir roimhe sin.

Mar chuid d'ár bhfiosrú, thugamar faoi deara gur fhógair comharthaí ag an dolabhoth don phobal go raibh TCI i bhfeidhm. Scrúdaíomar freisin polasaí cosanta sonraí an Chomhlachta Dhola, a bhí ar fáil ar a shuíomh gréasáin agus a dhearbhaigh go nglactar grianghraf de/go dtaifeadtar le físeán gach feithicil a úsáideann an dolapláis faoi thrácht, agus go gcoimeádtar íomhánna do chuspóirí forfheidhmithe agus chun aghaidh a thabhairt ar aon aighneas, agus chun é a réiteach, ar féidir go n-eascródh sé maidir le feithicil nó le cuntas.

Mar chuid dá socrú chuir an Coimisinéir san áireamh an tuilleamaí a bhí luaite ag an gComhlacht Dola lena chuid leasanna dlí mar an bunús dlí faoi Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna don phróiseáil. Ag cur san áireamh an tréimhse dhá mhí a d'ímigh thart idir an teagmhas faoi thrácht agus déanamh an iarratais ar an scannánaíocht TCI agus ar an taifeadh fuaime ag an bhfostóir, agus ag cur san áireamh freisin deimhniú an Chomhlachta Dhola gur mheas sé (sula bhfuair sé iarratas an fhostóra ar an scannánaíocht TCI agus ar an taifeadh fuaime) deireadh a bheith leis an teagmhas, chinn an Coimisinéir nárbh fhéidir bheith ag brath ar an mbunús dlí seo le haghaidh phróiseáil na sonraí pearsanta. Dá bharr sin, tharla sárú ar Alt 2A (1) ós rud é nach raibh aon bhunús eile dlí (m.sh. comhthoil an ghearánaí), ós rud é nár léir ón bpolasaí príobháideachais chosanta sonraí ná leoga ó na comharthaí poiblí ag an dolabhoth cad é méid na próiseála, go raibh taifeadh fuaime i bhfeidhm ná níor tugadh le fios cérbh é an rialaitheoir sonraí. Dá bharr sin bhí Alt 2D(1) sáraithe ag an gComhlacht Dola, ag eascairt as an easpa seo trédhearcachta. Go deireanach, chinn an Coimisinéir freisin gur sáraíodh ar Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna cionn is go ndearnadh tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta an ghearánaí do chuspóir (a roinnt le fostóir an ghearánaí) nár réitigh leis an mbunchuspóir a bhain lena bhailiú (cuspóirí forfheidhmithe agus réiteach aighnis).

Léiríonn an cás seo treocht coitianta i measc rialaitheoirí sonraí de bheith ag iarraidh bheith ag brath ar leasanna dlí mar an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil mar shaghas freagra uileghabhálaigh chun suíomh a chlúdach ina ndearnadh próiseáil ar shonraí pearsanta go frithghníomhach agus gan breithniú ceart a bheith déanta roimh ré maidir leis an gceist an bhfuil sé dlí mar an phróiseáil a dhéanamh. Faoi mar a léiríonn an cás seo, áfach, ní mór do rialaitheoir sonraí bheith in ann fianaise a sholáthar chun tacú lena ndearbhú maidir leis an leas dlí mar an bhfuiltear ag brath air. Anseo, mar gheall ar an méid ama a d'ímigh thart ó bhí an teagmhas ann agus mar gheall air gur admhaigh an rialaitheoir sonraí as a stuaim féin go raibh deireadh leis an gceist bréagnaíodh an tuilleamaí ar an mbunús dlí seo a bhí luaite leis. Cuireann an cás seo béim freisin ar phrionsabal na hintuarthachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta mar eilimint thábhachtach den phrionsabal uileghábhálach den phróiseáil chothrom i réimse na cosanta sonraí. Go bunúsach ciallaíonn sin nár chóir go gcuirfí iontas ar dhuine is ábhar do na sonraí ag nádúr, méid nó slí phróiseála a gcuid sonraí pearsanta.

STAIDÉAR CÁIS 8: Teip maidir le freagra iomlán a thabhairt ar iarratas rochtana

Fuaireamar gearán nár chomhlíon eagraíocht oideachais go hiomlán iarratas rochtana a cuireadh faoina bráid ag an ngearánaí, ar fhostaí de chuid na heagraíochta sin iad. Chuir an gearánaí in iúl dúinn gur lorgaíodar go sonrach san iarratas rochtana scannánaíocht TCI ó áitreabh na heagraíochta oideachais do thréimhse 4 uair an chloig; le linn na tréimhse sin líomhnaithear go ndearnadh ionsaí ar an ngearánaí ag fostaí eile. Chuir an gearánaí in iúl dúinn, cé go raibh 8 gceamara ar an áitreabh, mar fhreagra ar a n-iarratas rochtana ní bhfuair siad ach gearrthóg 11 soicind ón scannánaíocht TCI don áitreabh, gearrthóg a chríochnaigh díreach sula raibh an t-ionsaí líomhnaithe le feiceáil. Dúirt an gearánaí linn gur cheistíodar an méid teoranta scannánaíochta TCI agus gur chuir siad i gcuimhne don eagraíocht oideachais gur bhain an t-iarratas rochtana leis an scannánaíocht ar fad laistigh den tréimhse 4 uair an chloig sin. Ba é freagra na heagraíochta oideachais, áfach, ná go bpléifí leis an bhfiosrúchán seo mar iarratas nua rochtana. Mheas an gearánaí gur coimeádh siar an scannánaíocht TCI d'áon ghnó agus gur glacadh leis an gcur chuige seo mar bheart moilleadóireachta, sa tslí nach mbeadh orthu an scannánaíocht TCI a scaoileadh sa deireadh thiar thall ar an gcúis go raibh sí cailte nó nach raibh sí á coimeád a thuilleadh.

Le linn ár bhfiosraithe, fuair amach go raibh iarratas rochtana ar dhuine is ábhar curtha ag an ngearánaí faoi bhráid na heagraíochta oideachais, a ghlac leis seo mar iarratas bailí. Ba é seasamh na heagraíochta oideachais ná gurbh í an tuiscint a bhain siad as iarratas an ghearánaí ná gur bhain sin le scannánaíocht an teagmhais faoi thrácht amháin. D' aithin an eagraíocht oideachais, áfach, go mbeadh an gearánaí taifeadta ag ceamaraí eile TCI nár cuireadh an scannánaíocht TCI ar fáil dóibh. Ar an mbunús seo, fuair amach gurbh ann, ag dáta iarratais rochtana an ghearánaí, do shonraí pearsanta breise i bhfoirm scannánaíochta breise TCI nár cuireadh ar fáil don duine is ábhar do na sonraí. Chuir an eagraíocht oideachais in iúl dúinn, ós rud é nár coimeádadh an scannánaíocht TCI ach ar feadh 28 lá, faoin am ar tháinig an gearánaí ar ais chun ceist a chur faoin méid teoranta scannánaíochta TCI a fuarthas mar fhreagra ar an iarratas rochtana, gur forscríobhadh an scannánaíocht bhreise TCI ina dhiaidh sin gan í a choimeád lena scaoileadh don ghearánaí.

Mar chuid dá cinneadh thug an Coimisinéir faoi deara go raibh sé soiléir go raibh an gearánaí, in iarratas rochtana an ghearánaí, ag lorg go sonrach teacht ar scannánaíocht TCI thar thréimhse ceithre uair an chloig agus gur chóir don eagraíocht oideachais, tar éis dóibh an t-iarratas tosaigh a fháil, an scannánaíocht a chaomhnú don thréimhse sin agus iarracht a dhéanamh soiléiriú leis an ngearánaí cad é go díreach an scannánaíocht TCI a bhí á lorg acu seachas bheith ag cinneadh na ceiste sin go haontaobhach. Sháraigh an eagraíocht oideachais, mar sin de, Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 cionn is gur theip orthu a gcuid sonraí pearsanta ar fad a chur ar fáil don ghearánaí laistigh den thréimhse reachtúil 40 lá.

Léiríonn an cás seo go soiléir seasamh CCS, is é sin le rá nuair a fhaightear iarratas rochtana a bhaineann le scannánaíocht TCI ó lá ar leith, bíonn sé de dhualgas ar rialaitheoir sonraí aon scannánaíocht den chineál sin a chaomhnú ón lá sin, ag feitheamh le réiteach an iarratais rochtana. Baineann an dualgas seo le feidhm, beag beann an mbeadh a leithéid de scannánaíocht faoi réir scriosta de ghnáth (bíodh an scrios sin uathoibríthe nó ná bíodh) tar éis tráthchlár áirithe faoi fhorálacha bheartas coinneála an rialaitheora sonraí. Nuair a mheasann rialaitheoir sonraí gur chóir soiléiriú breise a lorg ón duine is ábhar do na sonraí maidir le scóip na sonraí pearsanta a iarradh, nár chóir riachtanas soiléirithe a mhíniú faoi mura ndéanfaí an t-iarratas rochtana fós, ós rud é, dá ndéanfaí a leithéid, gurbh fhéidir an bonn a bhaint de cheart an duine is ábhar do

na sonraí teacht a bheith acu ar a gcuid sonraí pearsanta nó cur ar chumas rialaitheora sonraí dul timpeall ar a chuid dualgas maidir leis an iarratas rochtana.

STAIDÉAR CÁIS 9: Sonraí pearsanta tríú páirtí a coimeádadh siar ó iarratas rochtana a rinneadh ag tuismitheoir linbh mhionaoisigh

Fuair amach gearán ó dhuine a raibh iarratas rochtana curtha faoi bhráid club spóirt acu do shonraí pearsanta a linbh mhionaoisigh, arbh é an tuismitheoir a gcomhchaomhnóir dlíthiúil. Tar éis idirghabhála ón oifig seo, bhí sonraí pearsanta faighte ag an ngearánaí a bhain lena leanbh ón gclub spóirt, sonraí a bhí le fáil in iarratas ar bhallaíocht an chlub spóirt a cuireadh faoi bhráid an chlub spóirt ar son an linbh. Leasaíodh faisnéis áirithe ón bhfoirm iarratais sin, áfach, is é sin le rá ainmneacha na ndaoine a cuireadh faoi bhráid an chlub spóirt mar theagmhálacha éigeandála don leanbh, síniú an duine a chomhthoiligh úsáid íomhána an linbh sna meáin dhigiteacha ag an gclub spóirt agus seoladh an linbh mhionaoisigh. Mhaígh an gearánaí gur sonraí pearsanta de chuid a linbh a bhí sna sonraí tríú páirtí agus sa seoladh, agus go raibh an gearánaí mar an comhchaomhnóir dlíthiúil i dteideal teacht a bheith acu orthu, mar sin de. Ba é seasamh an chlub spóirt ná nach raibh aon fhoráil shoiléir laistigh d' Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na hAchtanna), alt a bhaineann leis an gceart rochtana, a cheadaíonn do dhuine teacht a bheith acu ar sonraí pearsanta páirtí eile gan a gcomhthoil. Rinne an club spóirt teagmháil freisin leis na tríú páirtithe sin a bhí faoi réir ag na leasuithe ar an bhfoirm iarratais le fáil amach ar chomhthoiligh siad scaoileadh na sonraí don ghearánaí ach gur dhiúltaigh siad a gcomhthoil a thabhairt.

Cuireadh Alt 4(4) de na hAchtanna a chuireann cosc ar scaoileadh sonraí tríú páirtí gan comhthoil an pháirtí sin ar a súile don ghearánaí. Ba í an argóint a bhí ag an ngearánaí, áfach, cionn is gur bhain an fhaisnéis le ceisteanna a bhain le leas an linbh mhionaoisigh, agus ós rud é gurbh é an tríú páirtí ionadaí dlíthiúil an linbh mhionaoisigh sin, gur fhág sin gur sonraí pearsanta de chuid an linbh a bhí sna sonraí sin. Thugamar achoimre ar shainmhíniú na sonraí pearsanta don ghearánaí agus chuireamar béim ar chásdlí a bhfuil sé deimhnithe aige gurb ionann ainm duine agus sonraí pearsanta an duine sin. Cuireadh in iúl don ghearánaí freisin nárbh fhéidir seoladh a linbh a chur ar fáil gan sonraí pearsanta tríú

duine a chur ar fáil agus nach raibh ceart rochtana ag an ngearánaí air, mar sin de.

Lorg an gearánaí cinneadh faoina ngearán ón gCoimisinéir. Mar chuid dá cinneadh, chuir an Coimisinéir in iúl gurb é seasamh a hoifige, ag cur san áireamh Alt 8(h) de na hAchtanna (a bhaineann srianta maidir le próiseáil sonraí pearsanta nuair a dhéantar an phróiseáil le comhthoil an duine is ábhar do na sonraí nó duine atá ag gníomhú ar a son), ná go bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil linbh óig i dteideal an ceart rochtana a chleachtadh ar son an linbh sin. Sa chás seo, áfach, ós rud é nárbh fhéidir an leanbh faoi thrácht a aithint ag ainmneacha na tríú páirtithe a bhí liostaithe mar theagmhálacha éigeandála leis an gclub spóirt, níorbh iad sonraí pearsanta leanbh an ghearánaí iad an fhaisnéis a raibh an gearánaí ag lorg rochtana di. Mar chuid dá cinneadh chuir an Coimisinéir in iúl an méid seo: dá gcloíff le loighic an ghearánaí agus dá measfaí gur shonraí pearsanta tríú páirtí é sonraí teagmhála éigeandála, go mbeadh ceart rochtana ag duine fásta a liostaigh duine fásta eile mar theagmháil éigeandála ar ainm, ar uimhir theileafóin, ar sheoladh etc. an tríú páirtí sin. Chinn an Coimisinéir nár tharla aon sárú ar na hAchtanna maidir leis na leasuithe a rinneadh ar dhoiciméid a scaoileadh ag an gclub spóirt de bhun an iarratais rochtana.

Léiríonn an cás seo nach féidir a mheas gur sonraí pearsanta duine is ábhar do na sonraí é ainm tríú páirtí, beag beann ar an gcaidreamh, ar an tuilleamaí nó ar an nasc idir dhá pháirtí. Faoi mar ar cuireadh béim air i gcinneadh an Choimisinéara, dá ndéanfaí a leithéid ní bheadh smacht ag an tríú páirtí sin ar a gcuid sonraí pearsanta féin agus cheadófaí do dhuine eile cearta an duine is ábhar do na sonraí a chleachtadh, lena n-áirítear an ceart rochtana, thar shonraí pearsanta an tríú páirtí. Bheadh a leithéid de thoradh ag teacht salach ar chroíphrionsabal na cosanta sonraí, is é sin le rá go bhfuil sé de cheart ag gach duine is ábhar do na sonraí úsáid a gcuid sonraí pearsanta a chinneadh. Tá sé tábhachtach, áfach, an prionsabal seo a idirdhealú ó na cúinsí teoranta sin inar féidir *cearta* duine is ábhar do na sonraí a *chleachtadh* go dlíthiúil ag duine eile a cheadaítear chun a leithéid a dhéanamh ar a son. Fiú sa chás go gcleachtaítear cearta an duine is ábhar do na sonraí ag tríú páirtí (leithéidí tuismitheoirí linbh óig mhionaoisigh), ní fhágfaidh sin go bhfuil sonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí mar chuid de shonraí pearsanta an tríú duine atá údaraithe chun cearta an duine is ábhar do na sonraí a chleachtadh ar a son.

STAIDÉAR CÁIS 10: Nochtadh Sonraí Pearsanta trí mheán Aip Mheán Sóisialta

Fuaireamar gearáin ó bheirt a mhaígh araon gur nochtadh a gcuid sonraí pearsanta go neamhdhleathach nuair a craoladh é ar “Snapchat”, aip mhóibíleach churtha teachtaireachtaí meandracha agus ilmheánach.

Bhí na gearánaithe cairdiúil lena chéile agus chuir siad in iúl dúinn go raibh a CV, in éineacht le litir mhínithe curtha faoi bhráid miondóltóra áirithe, go pearsanta, agus iarratas ar fostaíocht leis an miondóltóir sin á dhéanamh acu. Rinneadh na hiarratais ag na gearánaithe ar an lá céanna agus fuarthas iad ag an bhfostaí céanna de chuid an mhiondóltóra. Níos déanaí ar an lá céanna d’fhoghlaim na gearánaithe ó thríú páirtí go raibh grianghraf a thaispeáin an dá litir mhínithe le feiceáil ar “Snapchat” le teachtaireacht a dhírigh aird ar chosúlachtaí sna litreacha mínithe. Ba é an chomhthuiscint a bhí ag na gearánaithe ná gur ghlac an fostaí de chuid an mhiondóltóra a raibh a CV curtha faoina mbráid acu an grianghraf seo agus gurbh iad a phostáil ar “Snapchat” é.

Le linn ár bhfiosraithe faoi na gearáin seo, fuaireamar amach gur le déanaí a fógraíodh ag an miondóltóir go raibh deireadh le cur le fostaíocht an fhostaí sin de chuid an mhiondóltóra ar thug na gearánaithe a CV agus a litreacha mínithe dóibh. In aghaidh bheartas an mhiondóltóra agus in aghaidh théarmaí a gconartha fostaíochta, bhí fón póca ina seilbh ag an bhfostaí le linn na n-uaireanta oibre agus leas bainte acu as chun grianghraf a ghlacadh den dá litir chlúdaigh agus lena phostáil go “Snapchat”. Chuir an miondóltóir in iúl d’ár gcuid imscrúdaitheoirí gur thuig an fostaí go raibh an gníomh seo in aghaidh a gconartha fostaíochta agus go ndearnadh gníomhartha an fhostaí i gcúinsí ina raibh an fostaí ar tí éirí as a gcuid fostaíochta. Dhearbhaigh an miondóltóir nárbh fhéidir leo, sa chás seo, aon cheo eile a dhéanamh chun cosc a chur ar an teagmhas seo.

Mar chuid dá cinneadh chinn an Coimisinéir gur sháraigh an miondóltóir, mar an rialaitheoir sonraí do shonraí pearsanta na ngearánaithe, Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ós rud é nár réitigh próiseáil sonraí pearsanta na ngearánaithe, trí mheán ghlacadh agus phostáil an ghrianghraif ag fostaí an mhiondóltóra, leis na cuspóirí dár soláthraíodh iad don mhiondóltóir ag na gearánaithe.

Ba chóir go bhfeidhmeodh an cás mar mheabhru rabhaidh do rialaitheoirí sonraí go bhfuil siad freagrach, mar phrionsabal ginearálta faoin dlí um chosaint sonraí, as gníomhartha a gcuid fostaíthe i dtaca le próiseáil

sonraí pearsanta a bhfuil siadsan ina rialaitheoir sonraí dóibh. Ní bhaintear a leithéid de fhreagracht de rialaitheoirí sonraí mar gheall ar spreagadh fostaí nó nádúr d'áon ghnó nó fánach na ngníomhartha sin ar thug siad fúthu i dtaca le sonraí pearsanta. Bíonn sé de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí cinntiú go gcomhlíonann a gcuid fostaithe an dlí um chosaint sonraí maidir leis na sonraí pearsanta sin atá ina seilbh, is cuma más é chéad lá nó lá deireanach fostaíochta an fostaí leis an rialaitheoir sonraí. Leanfaidh an dualgas seo ar aghaidh, leoga, fiú tar éis d'fhostaí éirí as fostaíocht le rialaitheoir sonraí, más rud é go bhfuil an fostaí sin fós in ann teacht a bheith acu ar na sonraí pearsanta a rialaítear ag a n-iarfhostóir.

STAIÉAR CÁIS 11: Teip ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na srianta cuí rochtana a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar shonraí leighis fhostaí

Fuaireamar gearán ó dhuine a bhain le nochtadh líomhnaithe a gcuid sonraí pearsanta íogaire ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an Roinn). Maíodh ag an ngearánaí, arbh fhostaí de chuid na Roinne iad, go ndearnadh tuairisc, ina raibh faisnéis le fáil faoi shláinte an ghearánaí, a uaslódáil go bunachar sonraí bainistíochta ginearálta doiciméad oscailte de chuid na roinne i 2012, agus go raibh an tuairisc le fáil ar an mbunachar sonraí sin ar feadh suas le trí bliana, áit a raibh thart ar 80 fostaí in ann teacht a bheith acu air. D'ínis an gearánaí dúinn gur iarr siad míniú ón Roinn faoin bhfáth a raibh an tuairisc curtha ar bhunachar sonraí oscailte ach nach raibh deimhniú oifigiúil faighte acu gur baineadh an tuairisc ó shin.

Chuireamar tús le fiosrú faoin ngearán. Dheimhnhigh an Roinn gur stóráileadh nótaí a bhain le plé a tharla idir an gearánaí agus a mbainisteoir líne i 2012 (nóta faoi shláinte an ghearánaí san áireamh) sa bhunachar sonraí faoi thrácht agus gur cuireadh síos ar na nótaí seo mar nótaí príobháideacha. Gan chuimhneamh, áfach, níor theorannaigh an bainisteoir líne rochtain ar an doiciméad; bhí de thoradh air sin go raibh thart ar 80 ball foirne ón Roinn in ann teacht air. Chuir an Roinn in iúl dúinn gur baineadh an doiciméad den bhunachar sonraí faoi thrácht thart ar 3 bliana tar éis dó bheith curtha air. Ós rud é gur fhág an bainisteoir líne an Roinn ó shin, ní raibh an Roinn in ann fáil amach go díreach cén fáth gur cuireadh an doiciméad ann ar an gcéad dul síos, ach mhaígh an Roinn gur earráid dhaonna ba chúis

leis. Ní raibh an Roinn ábalta fáil amach ach an oiread cá mhéad daoine a d'oscail an doiciméad le linn na tréimhse 3 bliana ina raibh sé inrochtana, ós rud é nach raibh rannóg TF na Roinne in ann na sonraí stairiúla faoi thrácht a thabhairt ar ais.

Chun réiteach cairdiúil a dhéanamh, rinne an Roinn tairiscint go scríobhfaidís chuig an ngearánaí le deimhniú go raibh an doiciméad faoi thrácht bainte den bhunachar sonraí agus go ngabhfaidís a leithscéal as aon mhíshuaimhneas a spreagadh. Roghnaigh an gearánaí gan glacadh leis an tairiscint seo; ina áit sin lorgaíodar cinneadh foirmeálta an Choimisinéara. Mar chuid dá cinneadh ba é tátal an Choimisinéara gur sháraigh an Roinn ar Alt 2A(1) agus 2B(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 trí phróiseáil sonraí pearsanta íogaire an ghearánaí gan an chomhthoil riachtanach a fháil nó gan bunús dlí bailí eile a bheith acu, agus trí nochtadh shonraí pearsanta íogaire an ghearánaí do thrí páirtí amháin, ar a laghad. Tharla na sárúithe seo trí chur doiciméad faoi rún ina raibh sonraí le fáil maidir le sláinte an ghearánaí ar bhunachar sonraí oscailte, áit a bhfuil an chuma ar an scéal go raibh sé inrochtana ar feadh 3 bliana, agus é oscailte ag comhoibrí amháin, ar a laghad.

Is léiriú follasach é an cás seo maidir leis na hiarmhairtí a bhíonn i gceist do dhuine is ábhar do na sonraí agus maidir leis an míshuaimhneas ginearálta ar féidir leis tarlú nuair a theipeann ar an rialaitheoir sonraí cinntiú gur chloígh a chuid foirne le, agus go leanann siad orthu de bheith ag cloí le, prótacail chuí bhainistíochta doiciméad do dhoiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta le fáil, agus ar a bharr sin, sonraí pearsanta íogaire. Cé nach raibh an rialaitheoir faoi thrácht in ann aithint cá mhéad uair agus ag cá mhéad ball éagsúil foirne a osclaíodh an doiciméad faoi thrácht le linn na tréimhse 3 bliana nuair a bhí sé inrochtana ag thart ar 80 ball foirne, bhí an fhéidearthacht fós ann le linn na tréimhse seo go gcuirfí isteach tuilleadh agus ar bhonn leanúnach le cearta bunúsacha agus le saoirse bhunúsach an duine is ábhar do na sonraí. Sa chás seo, dá mbeadh bearta sásúla rialta iniúchta agus athbhreithnithe i bhfeidhm ag an rialaitheoir chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh iomchuí is atá sé doiciméid a stóráil ar bhunachair shonraí rochtana oscailte, d'áimseofaí láithreach an doiciméid faoi rún seo níos tuisce ná mar a tharla. Ina theannta sin, dá mbeadh córas sásúil oiliúna agus cinntithe fheasachta ag bainisteoirí foirne maidir le bunrialacha cosanta sonraí i bhfeidhm, is féidir nach mbeadh an cheist seo tagtha chun cinn sa chéad dul síos.

Aonad na Ionchúiseamh: Cionta Margaíochta

STAIDEÁR CÁIS 12: Virgin Media Ireland Limited

Fuaireamar gearán i Mí na Bealtaine 2016 ó dhuine a fuair glaonna teileafóin margaíochta gan iarraidh ó Virgin Media Ireland Limited i Mí Mhárta agus i Mí na Bealtaine 2016 tar éis di iarraidh ar an gcomhlacht gan glaoch a chur uirthi arís. Is custaiméir de chuid Virgin Media Ireland Limited í an gearánaí agus chuir sí in iúl dúinn go raibh na glaonna ag déanamh bolscaireachta faoi tháirgí de chuid Virgin Media. Thug sí le fios dúinn gur iarr sí, nuair a chuir an comhlacht glaoch uirthi den chéad uair i Mí Eanáir 2016 go gcuirfí a cuid sonraí ar an liosta “Ná Cuir Glaoch”, ós rud é nach raibh sí ag iarraidh aon ghlaonna eile margaíochta a fháil. Dhearbhaigh sí an méid seo: nuair a chuir an comhlacht glaoch uirthi arís i Mí Mhárta 2016 dúirt sí arís gur mhian léi go gcuirfí a cuid sonraí ar an liosta “Ná Cuir Glaoch”, ach in ainneoin an dá iarratas a bhí déanta aici fuair sí glaoch teileafóin breise margaíochta gan iarraidh chuig a fón póca ar 27 Bealtaine 2016.

Le linn ár bhfiosraithe faoin ngearán seo, thug Virgin Media Ireland Limited le fios dúinn nár nuashonraíodh i gceart cuntas an ghearánaí, mar gheall ar earráid dhaonna, chun na hiarratais “Ná Cuir Glaoch” a thairgeadh. Thug an comhlacht le fios dúinn gur cuireadh athbhreithniú i gcrích ar gach iarratas “Ná Cuir Glaoch” a láimhseáil ag an bhfoireann faoi thrácht don tréimhse ó Mhí Eanáir 2016 go Mí Iúil 2016 chun cinntiú gur comhlánaíodh gach iarratas díliostáilte i gceart. Dheimhnigh an comhlacht gur baineadh sonraí an ghearánaí ón mbunachar sonraí margaíochta agus ghabh sé a leithscéal as aon mhíchaoithiúlacht a bhí i gceist di.

Roimh Mhí Mheán Fómhair 2015 bhíodh Virgin Media Ireland Limited ag trádáil faoin ainm UPC Communications Ireland Limited. Rinneadh an comhlacht sin a ionchúiseamh, a chiontú agus a fhíneáil roimhe sin, i Mí Mhárta 2011 agus i Mí Aibreáin 2010 as fiche cion margaíochta den chineál céanna, a raibh i gceist leo glaonna teileafóin ar shíntiúsóirí nár thoiligh a leithéid de ghlaonna teileafóin a ghlacadh. Shocraigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí, mar sin de, Virgin Media Ireland Limited a ionchúiseamh maidir leis na cionta a aithníodh tar éis an fhiosraithe a rinneadh ar an ngearán is déanaí.

Ag Cúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath ar 3 Iúil 2017, phléadail Virgin Media Ireland Limited ciontach i

dtaca le dhá chúiseamh de bheith ag déanamh glaonna teileafóin mhargaíochta gan iarraidh chuig a custaiméir tar éis di fógaire don chomhlacht nár mhian léi a leithéid de ghlaonna a ghlacadh. Chiontaigh an Chúirt an comhlacht ar an dá chúiseamh agus ghearr sí fíneálacha ar luach €1,500 agus €1,000 faoi seach maidir leis na cúisimh. Thoiligh an cosantóir costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chlúdach.

STAIDEÁR CÁIS 13: Sheldon Investments Limited (ag trádáil mar River Medical)

I Mí Mheán Fómhair 2015 fuaireamar gearán in aghaidh Sheldon Investments Limited, ag trádáil mar River Medical, ó dhuine a raibh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh faighte aige nár thoiligh sé, agus a fuarthas tar éis dó iarrachtaí a dhéanamh díliostáil ó bheith ag fáil a leithéid de ríomhphoist. Agus gearán á dhéanamh aige, mhínigh an duine go raibh comhairliúchán aige le River Medical roimhe sin, nuair a bhí air foirm a chomhlánú. Agus é ag comhlánú na foirme dhearbhaigh sé go soiléir nár mhian leis aon ríomhphoist mhargaíochta a fháil uathu. Ina dhiaidh sin fuair sé ríomhphost margaíochta ó River Medical i Mí Aibreáin 2015 agus thug sé freagra ar an ríomhphost le hiarratas go mbainfí a sheoladh dá liosta margaíochta láithreach. Fuair sé deimhniú dhá lá ina dhiaidh sin go raibh a chuid sonraí teagmhála bainte. Ina ainneoin sin, fuair sé ríomhphost eile margaíochta gan iarraidh ó River Medical i Mí Mheán Fómhair 2015, rud a spreag é le gearán a chur faoi bhráid an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Agus muid ag fiosrú an ghearáin seo, dúirt River Medical linn gur tharla an teip maidir le hiarratas díliostáilte an ghearánaí a chomhlíonadh mar gheall ar earráid dhaonna. Mhíníodar go raibh a chomhad déanta ‘neamhghníomhach’ acu tar éis a iarratas díliostáilte a fháil, ach níor thuig siad gur ghá a chomhad a bhaint de láimh chun cosc a chur ar sheoladh tuilleadh ábhair mhargaíochta chuige. Dhearbhaigh siad dúinn, de bhun ár bhfiosraithe faoin ngearán, gur baineadh seoladh ríomhphoist an duine dá gcuid córas. Chuireamar deireadh le fiosrú an ghearáin sin i Mí na Nollag 2015 le rabhadh don chomhlacht gur dócha go ndéanfaí é a ionchúiseamh dá ndéanfaidís tuilleadh cionta faoi na rialacháin mhargaíochta.

Bliain níos déanaí, i Mí na Nollag 2016, chuir an gearánaí gearán nua faoinár mbráid nuair a fuair sé ríomhphost breise margaíochta gan iarraidh ó River Medical. D’fhiosraíomar an gearán seo agus arís eile cuireadh

in iúl dúinn gur tharla an sárú is déanaí mar gheall ar earráid dhaonna nuair a roghnaíodh an liosta seachadta mícheart ar Newsweaver, an córas a úsáideann an comhlacht chun ríomhphoist a eisiúint. Ghabh an comhlacht a leithscéal maidir leis an teagmhas.

Ós rud é go raibh rabhadh eisithe againn don chomhlacht cheana féin, shocraigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí é a ionchúiseamh maidir leis an dá ríomhphost margaíochta gan iarraidh a eisíodh i Mí na Nollag 2016 agus i Mí Mheán Fómhair 2015. Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath ar 3 Iúil 2017, phléadail Sheldon Investments Ireland Limited ciontach as dhá chúiseamh de bheith ag cur ríomhphost margaíochta gan iarraidh gan chomhthoil. Lorg an Chúirt íocaíocht ar luach €800 i bhfoirm thabhartais charthanúil chuig Focus Ireland agus cuireadh an cheist ar atráth. D' aontaigh an cosantóir go gclúdódh sé costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Ag an éisteacht ar atráth sholáthair an cosantóir fianaise gur íocadh an tabhartas carthanúil agus cuireadh na cúisimh ar neamhní.

STAIDÉAR CÁIS 14: Tumsteed Unlimited Company (ag trádáil mar EZ Living Furniture)

I Mí Mheithimh 2016 fuairéamar gearán ó dhuine a fuair teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh ó EZ Living Furniture in ainneoin gur iarr siad orthu, trí iarraidh roimhe sin, éirí as. Chuir an gearánaí in iúl dúinn go raibh ceannach déanta aici ón gcomhlacht san am a chuaigh thart.

Mar chuid d' ár bhfiosrú maidir leis an ngearán seo, d' iarramar ar EZ Living Furniture fianaise a thaispeáint dúinn faoi thoil an ghearánaí teachtaireachtaí téacs margaíochta a fháil sa chéad dul síos. Bhíomar ag lorg mínithe freisin maidir leis an gcúis nár cuireadh i gcrích a cuid iarratas bheith díliostáilte.

Mar fhreagra ar ár bhfiosrú, dhearbhaigh EZ Living Furniture go nglacann custaiméirí, i dtaca le comhthoil mhargaíochta, le téarmaí agus le coinníollacha an chomhlachta atá priontáilte ar chúil na bhfáltais. Dhíríodar ár n-aird ar cheann de na téarmaí agus coinníollacha a chiallaíonn go gcoimeádfar faisnéis chustaiméara ag rannóg mhargaíochta EZ Living agus go gcuirfear sin lena bhunachar sonraí lena húsáid do liostaí seachadta agus do theachtairachtaí téacs. Maidir leis an gceist an amhlaidh nach rabhtas ag comhlíonadh iarratais

díliostáilte an ghearánaí, mhínigh EZ Living Furniture gur athraíodh an soláthróir seirbhíse agus go raibh modh éagsúil ag an soláthróir nua seirbhíse chun díliostáil a dhéanamh. Mhaígh an comhlacht nach raibh siad ar an eolas ar chor ar bith nach raibh an áis díliostáilte ag obair go dtí go bhfuair siad ár litir fhiosraithe. Dhearbhaigh siad dúinn go raibh ceiste an díliostáilte réitithe anois agus go raibh a leithscéal gafa acu leis an ngearánaí. Inár bhfreagra ar EZ Living Furniture, chomhairlíomar dóibh, i dtaca le comhthoil chustaiméara, cé go raibh siad ag brath ar théarmaí agus ar choinníollacha díolacháin, go raibh dualgas dlí orthu deis a sholáthar dá gcuid custaiméirí bheith díliostáilte ó bheith ag fáil cumarsáide margaíochta nuair a bhaillítear a gcuid sonraí pearsanta. Thugamar le fios go gciallaíonn sin go praiticiúil nach mór bosca díliostáilte a sholáthar do chustaiméirí ar féidir leo tic a chur leis chun bheith díliostáilte ón margaíocht, más é sin atá uathu. I bhfreagra a fuairéamar ina dhiaidh sin, chuir an comhlacht in iúl dúinn go raibh an cheist scrúdaithe tuilleadh acu agus go raibh socrú déanta acu stampa a thabhairt isteach a chuirfí ar an duillín díolacháin chun ticbhosca a sholáthar chun cur ar chumas na gcustaiméirí bheith díliostáilte ó bheith ag fáil ríomhphost agus teachtaireachtaí téacs margaíochta.

Roimhe seo bhí rabhadh eisithe ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí do EZ Living Furniture i Mí Aibreáin 2015 tar éis fiosraithe ar ghearán ó dhuine eile maidir le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a cuireadh chuici gan a comhthoil. Dá bharr sin, chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí an comhlacht a ionchúiseamh maidir leis na cionta a tháinig chun solais ag eascairt as an ngearán is déanaí.

I gCúirt Dúiche na Gaillimhe ar 4 Iúil 2017, phléadail Tumsteed Unlimited Company, ag trádáil mar EZ Living Furniture, ciontach maidir le dhá chúiseamh de bheith ag cur teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh gan chomhthoil. Chiontaigh an Chúirt an comhlacht agus gearradh fíneálacha air ar luach €500 do gach ceann den dá chúiseamh. D' aontaigh an comhlacht go ndéanfaidís ranníocaíocht i dtreo chostais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

STAIÉAR CÁIS 15: Cunniffe Electric Limited

I Mí na Nollag 2016 rinne duine gearán linn go raibh teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh faighte aige ó Cunniffe Electric Limited ó Lárionad Siopadóireachta na Gaillimhe in ainneoin gur dúradh leis roimhe sin de bhun gearáin a bhí déanta níos luaithe gur baineadh a uimhir ghutháin dá mbunachar sonraí margaíochta. Go luath i 2015 bhí chéad ghearán an ghearánaí faighte againn inar chuir sé in iúl dúinn gur thug sé a uimhir fhóin phóca do Cunniffe Electric Limited roinnt blianta ó shin chun seachadadh gléis leictreacha a éascú a bhí ceannaithe aige ón gcomhlacht. Dhearbhaigh sé nár thug sé comhoil don chomhlacht a uimhir fhóin phóca a úsáid le haghaidh cuspóirí margaíochta.

Tar éis ár bhfiosraithe faoin gcéad ghearán, fuair deimhniú ó Cunniffe Electric Limited gur baineadh uimhir fhóin phóca an ghearánaí óna mbunachar sonraí margaíochta. Chuireamar deireadh leis an ngearán sin le heisiúint rabhaidh don chomhlacht gur dócha go mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar ionchúiseamh dá sáróidís na rialacháin mhargaíochta arís.

Tar éis dúinn dara gearán an ghearánaí a fháil, chuireamar tús le fiosrú nua ina rabhamar ag lorg ó Cunniffe Electric Limited míniú ar chur na dteachtaireachtaí téacs margaíochta is déanaí i gcúinsí mar ar cuireadh in iúl dúinn cheana go raibh uimhir fhóin phóca an chustaiméara tar éis a bheith bainte dá bunachar sonraí margaíochta. Mar fhreagra, d'admhaigh an comhlacht nach raibh comhoil an ghearánaí acu chun teachtaireachtaí téacs margaíochta a chur chuige. Dúirt siad nach raibh a uimhir fhóin phóca ar a mbunachar sonraí ach gur chosúil go raibh earráid déanta ó thaobh an tsoláthróra sheirbhíse a bhí á úsáid aige chun teachtaireachtaí téacs a chur agus gur eascair an earráid seo as ceisteanna athraithe seirbhíse nuair a ceannaíodh an soláthróir ag comhlacht eile. Ghabh siad a leithscéal as an míchaoithiúlacht a spreagadh i leith an ghearánaí.

Ós rud é go raibh rabhadh faighte ag an gcomhlacht roimhe sin, shocraigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí é a ionchúiseamh maidir leis na cionta is déanaí. Ag Cúirt Dúiche na Gaillimhe ar 4 Iúil 2017, phléadail Cunniffe Electric Limited ciontach as cur teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh gan chomhoil. In áit ciontaithe agus fíneála, d'íarr an Chúirt ar an gcomhlacht ranníocaíocht ar luach €500 a íoc le Bosca Bochtanaís na Cúirte agus ansin cuireadh na hionchúisimh ar neamhní. D'áontaigh an comhlacht ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo chostais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

STAIÉAR CÁIS 16: Argos Distributors (Ireland) Limited

Rinne cúigear gearán linn idir Mí na Nollag 2016 agus Mí Feabhra 2017, ag eascair as deacrachtaí a bhí acu maidir le díliostáil ó chumarsáid mhargaíochta ríomhphoist ó Argos Distributors (Ireland) Limited. Bhí a seoladh ríomhphoist curtha ar fáil ag na gearánaithe i gcomhthéacs ceannaigh ar líne agus ag an am sin ní raibh díliostáil déanta acu i dtaca le cumarsáid mhargaíochta. Nuair a rinne siad iarracht ina dhiaidh sin, áfach, díliostáil ó bheith ag fáil ríomhphost margaíochta, theip ar an gcóras 'díliostáilte'. Ina dhiaidh sin chuir cuid de na gearánaithe ríomhphost breise chuig an gcomhlacht agus iad ag iarraidh go mbainfí a seoladh ríomhphoist den bhunachar sonraí agus fuair siad freagraí ríomhphoist a chuir in iúl dóibh gur cuireadh a n-iarratas i gcrích. Lean siad orthu, áfach, de bheith ag fáil margaíochta ríomhphoist ó Argos Distributors (Ireland) Limited.

Mar fhreagra ar ár bhfiosrú, d'áithin an comhlacht nach raibh a gcóras 'díliostáilte' ag obair i gceart ar feadh tréimhse ama. Tháinig siad ar fhadhb freisin maidir le próiseáil iarratas 'díliostáilte' do chustaiméirí atá lonnaithe in Éirinn. Fuair siad amach go raibh iarratais ó chustaiméirí Éireannacha á gcur leis an liosta 'díliostáilte' do chúrsaí margaíochta na Ríochta Aontaithe. I ngach cás, dheimhníodar go raibh iarratais díliostáilte na ndaoine ábhartha á bpróiseáil i gceart anois.

Ós rud é gur tugadh rabhadh don chomhlacht cheana féin i 2013 tar éis fiosraithe faoi ghearán den chineál céanna a bhain le sárú ar na rialacháin mhargaíochta, shocraigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí an comhlacht a ionchúiseamh maidir leis na cionta seo. I gCúirt Dúiche na hUaimhe ar 14 Iúil 2017, phléadail Argos Distributors (Ireland) Limited ciontach maidir le cúig chúiseamh de bheith ag cur ríomhphost margaíochta gan iarraidh chuig cúigear gan a gcomhoil. In áit ciontaithe agus fíneála, d'ordaigh an Chúirt don chosantóir €5,000 a íoc do charthanas a roghnaigh an Chúirt. D'áontaigh an cosantóir na costais ionchúisimh sin a íoc a tabháodh ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

STADÉAR CÁIS 17: Expert Ireland Retail Limited

I Mí Dheireadh Fómhair 2016 rinne duine gearán linn faoi theachtaireachtaí téacs margáochta rialta a bhí faighte aici ó Expert Ireland Retail Limited. Chuir sí in iúl dúinn gur cheannaigh sí triomadóir rothlaim i siopa Expert i Nás na Rí agus dhearbhaigh sí gur thug sí a huimhir fhóin phóca agus í i mbun ceannaigh ar chuspóir amháin – chun seachadadh an ghléis a eagrú. Dhearbhaigh sí nár cuireadh ceist uirthi an raibh sí ag iarraidh teachtaireachtaí téacs margáochta a fháil, agus níor iarr sí ná níor chomhaontaigh sí a leithéid. Chuir sí in iúl dúinn gur thosaigh sí ag fáil teachtaireachtaí téacs margáochta rialta ó Mhí na Nollag 2015 ar aghaidh, agus in ainneoin gur thug sí freagra trí mheán teachtaireachta téacs roinnt uaireanta leis an eochairfhocal díliostáilte, lean teachtaireachtaí téacs breise orthu de bheith á gcur chuig a fón. Chuir sí in iúl dúinn gur thug a fear céile, go luath i Mí Dheireadh Fómhair 2016, cuairt ar shiopa Expert i Nás na Rí agus gur iarr sé ar an bhfoireann ansin a huimhir a bhaint dá mbunachar sonraí margáochta. In ainneoin an iarrtais seo fuair an gearánaí teachtaireacht téacs margáochta breise thart ar choicís ina dhiaidh sin, rud a spreag í chun gearán a chur faoi bhráid an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Mar fhreagra ar ár bhfiosrú, mhaígh an comhlacht go mbeadh ceist tar éis a bheith curtha ar an ngearánaí le linn an díolacháin ar mhaith leo go ndéanfaí teagmháil leo trí theachtaireacht téacs do chuspóirí margáochta. Ní raibh siad in ann, áfach, aon fhianaise a sholáthar gur tugadh deis don ghearánaí díliostáil ó mhargaíocht ag am an díolacháin. Ina theannta sin, d'admhaíodar gur bhotún a bhí i gcur amach na chéad teachtaireachta téacs margáochta tar éis tréimhse de bhreis is dhá mhí déag. Ní raibh an comhlacht in ann míniú cén fáth nach ndearnadh aon ghníomh chun uimhir fhóin phóca an ghearánaí a bhaint as an mbunachar sonraí margáochta tar éis dá fear céile cuairt a thabhairt ar an siopa i Nás na Rí.

Ós rud é gur eisíodh rabhadh don chomhlacht roimhe seo, i Mí na Bealtaine 2010, de bhun gearáin den chineál céanna a fuairamar faoi theachtaireachtaí téacs margáochta gan iarraidh a cuireadh chuig iarchustaiméir eile de chuid siopa Expert i Nás na Rí gan a comhthoil, shocraigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí an gearán is déanaí seo a ionchúiseamh. I gCúirt Dúiche an Mhuilinn gCarr ar 13 Deireadh Fómhair 2017, phléadáil Expert Ireland Retail Limited ciontach as cúiseamh amháin de bheith ag cur teachtaireacht téacs mhargaíochta gan iarraidh chuig an ngearánaí gan a comhthoil. Chiontaigh an Chúirt an comhlacht agus gearradh fíneáil air ar luach €500. D' aontaigh an cosantóir na costais dlí sin a íoc a tabhaíodh ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí i dtaca leis an ionchúiseamh seo.

Foscríbhinn III

Cásdlí cosanta sonraí an CBAE

Sheachad an CBAE roinnt breithiúnas suntasach le linn 2017 a bhain le míniú dhlí an AE faoi mar a bhaineann sin le cosaint sonraí. Ba pháirtí é an Coimisinéir i gceann de na cásanna seo (*Nowak v. An Coimisinéir Sonraí Cosanta*). Tugtar achoimre thíos ar phríomhghnéithe na mbreithiúnas seo, sa mhéid go mbaineann siad le ceisteanna cosanta sonraí.

Peter Nowak v An Coimisinéir Cosanta Sonraí Cás C-434/16 (Breithiúnas na Cúirte, Dara Seomra, seachadta ar 20 Nollaig 2017)

Bhí i gceist leis an gcás seo iarratas ar réamhrialú, ag Cúirt Uachtarach na hÉireann, faoin gceist an ionann na freagraí scríofa atá le fáil i script scrúdaithe i scrúdú gairmiúil, agus tuairimí an scrúdaitheora faoi na freagraí sin, agus sonraí pearsanta, laistigh den bhrí atá le Treoir um Chosaint Sonraí 1995.

Theip ar an Uasal Nowak, cuntasóir faoi oiliúint, i scrúdú agus leabhar á n-úsáid, scrúdú a eagraíodh ag Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann (CCÉ), i bhfómhar na bliana 2009. Lorg sé rochtain ar a script scrúdaithe, iarratas ar dhiúltaigh CCÉ dó ar an gcúis nach raibh a chuid sonraí pearsanta le fáil ann. Rinne an tUasal Nowak gearán ansin le Coimisinéir na linne, a ghlac an seasamh nach sonraí pearsanta a bhí sa script scrúdaithe agus a dhiúltaigh, mar sin de, an gearán a fhiosrú, á dhíbhe de réir Ailt 10(1)(b)(i) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, a bhaineann le gearáin fhánacha nó chráiteacha. Rinne an tUasal Nowak achomharc faoin ngearán seo os comhair na Cúirte Cuarda, na hArdchúirte agus na Cúirte Achomhairc; lena seal sheas gach ceann acu leis an seasamh ar ghlac an Coimisinéir leis agus rinne siad an t-achomharc ábhartha a dhíbhe. Ina dhiaidh sin tugadh cead achomhairc don Uasal Nowak sa Chúirt Uachtarach, a chinn sa deireadh thiar thall gurbh ann do cheart achomharc a dhéanamh in aghaidh shocrú an Choimisinéara gan ghearán a fhiosrú. Maidir leis an gceist an sonraí pearsanta a bhí sa script scrúdaithe faoi thrácht, chuir an Chúirt Uachtarach an cheist ar aghaidh chuig an CBAE.

Rialaigh CBAE gur sonraí pearsanta atá sna freagraí scríofa a thugann iarrthóir i scrúdú gairmiúil, chomh maith le haon tuairimí a thugann scrúdaitheoir maidir leis na freagraí sin.

Maidir le freagraí an scrúdaithe, bhí an Chúirt den tuairim go léiríonn ábhar freagraí i scrúdú gairmiúil (i) eolas agus inniúlacht iarrthóra i réimse ar leith (ii) i gcásanna áirithe a intleacht, a chuid próiseas smaointeoireachta agus a

bhreithiúnas; agus (iii) i gcás na scrúduithe lámhscríofa, faisnéis faoi lámhscríbhneoireacht na n-iarrthóirí. Mheas an Chúirt go raibh sé ábhartha freisin gurb é is cuspóir do bhailiú na sonraí seo ná chun measúnú a dhéanamh maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí an ghairm faoi thrácht a chleachtadh agus gurbh fhéidir go rachadh úsáid na faisnéise (.i. measúnú a dhéanamh ar éirigh leis an iarrthóir nó ar theip orthu) i bhfeidhm ar chearta agus ar leasanna iarrthóra maidir leis an seans a bhí acu tabhairt faoin ngairm nó post a fháil.

Maidir le tuairimí an scrúdaitheora, rialaigh an CBAE gur léiríodar seo barúil/measúnú an scrúdaitheora maidir le feidhmíocht an iarrthóra sa scrúdú, ba é an cuspóir a bhain leo ná an measúnú sin a thaifeadh agus d'fhéadfadh sé go rachaidís i bhfeidhm ar chearta agus ar leasanna an iarrthóra. Thug an Chúirt le fios, áfach, cé gur thug sí faoi deara gur bhain mar sin de cearta rochtana agus coigeartaithe leis na freagraí a thugann iarrthóir i scrúdú gairmiúil, nárbh fhéidir leis an gceart coigeartaithe sin cur ar chumas iarrthóra freagraí a "cheartú" atá "mícheart", agus nach ionann a leithéidí d'earráidí i bhfreagraí agus míchruinneas laistigh den chiall atá leis sa Treoir um Chosaint Sonraí, sainmhíniú é sin a thabharfadh ceart ar choigeartú.

Dhírigh an Chúirt aird, áfach, ar shuíomhanna ina raibh tuairimí an scrúdaitheora faoi fhreagraí an iarrthóra míchruinn (rud a thug ceart ar choigeartú), mar shampla sa chás go ndearnadh scrípteanna scrúdaithe a mheascadh suas, sa tslí gur cuireadh freagraí iarrthóra amháin síos d'iarrthóir eile, nó gur cailleadh cuid de na clúdaigh ina raibh freagraí le fáil, sa tslí go raibh cuid de na freagraí neamhiomlán nó nár léirigh tuairimí an scrúdaitheora go cruinn measúnú an scrúdaitheora maidir le freagraí an iarrthóra.

Valsts policijas Rīgas reģiona pārvaldes Kārtības policijas pārvalde v Rīgas pašvaldības SIA 'Rīgas satiksme' – Cás C-13/16 (Breithiúnas na Cúirte, Teach Uachtarach, seachadta ar 4 Bealtaine 2017)

Bhí i gceist leis an gcás seo iarratas ar réamhrialú, ag Cúirt Uachtarach na Laitvia, faoi léirmhíniú próiseála '*riachtanach chun cuspóirí na leasanna dlísteanacha*' (Alt 7(f) den Treoir um Chosaint Sonraí 1995. Iarradh ar an CBAE cinneadh más gá cuis na 'leasanna dlísteanacha' a mhíniú mar chúis a fhorchuireann dualgas sonraí pearsanta a nochtadh do thríú páirtí chun tabhairt os comhair cúirte sibhialta caingne le haghaidh damáistí a chumasú.

Bhain fíricí an cháis le paisinéir (leanbh mionaoiseach) i suíochán cúil tacsáí agus a d'oscail an tacsáí díreach nuair a bhí bus traláí ag dul thar an tacsáí, rud a rinne

dochar don bhus tralaí. Lorg an comhlacht bus tralaí sonraí na bpaisinéirí ó phóilíní Laitvia (a raibh pionós riaracháin gearrtha acu ar an bpaisinéir i dtaca leis an teagmhas) do chuspóirí agartha in aghaidh an phaisinéara as an dochar a rinneadh. Níor sholáthair póilíní na Laitvia ach chéad ainm agus sloinne an phaisinéara agus dhiúltaíodar aon fhaisnéis eile a sholáthar.

Rinne an comhlacht bus tralaí agóid in aghaidh an diúltaithe seo i gCúirteanna na Laitvia, agus rinneadh achomharc don Chúirt Uachtarach le tagairt don CBAE. Dhearbhaigh an CBAE nach bhforchuireann Alt 7(f) den Treoir um Chosaint Sonraí 1995 dualgas chun sonraí a phróiseáil le haghaidh 'leasanna dlisteanacha', ach go gceadaíonn sí an fhéidearthacht go ndéanfaí sonraí a phróiseáil don chuspóir seo. Ina theannta sin, dhearbhaigh an CBAE nach bhfuil cosc ar nochtadh sonraí pearsanta faoin mbunús dlí seo, nuair a dhéantar sin de réir an dlí náisiúnta agus nuair a shásaíonn sé trí choinníoll charnacha:

1. Is ann do **leas dlisteanach** a bhfuil an rialaitheoir sonraí á chur i gcrích, sin nó an tríú páirtí nó páirtithe dá nochtáitear na sonraí;
2. Is ann do **riachtanas** sonraí pearsanta a **phróiseáil** do chuspóirí na leasanna dlisteanacha sin atá á gcur i gcrích; agus
3. Nach dtugtar tús áite do chearta agus do shaoirsí an duine ar é an duine is ábhar do na sonraí.

Rialaigh an CBAE nach raibh aon amhras faoi ach gur féidir breithniú ar leas páirtí maidir le faisnéis phearsanta tríú páirtí a rinne dochar dá réadmhaoin do chuspóirí agartha mar leas dlisteanach. Sa mhéid go raibh cothromaíocht idir cearta agus leasanna i gceist faoi fhoráil seo na Treorach um Chosaint Sonraí 1995, is féidir go mbeadh aois an duine is ábhar do na sonraí a bheith ar na fachtóirí sin a chuirtear san áireamh agus cothromaíocht á déanamh idir na cearta agus na leasanna seo. Maidir leis an gceist seo, thug an CBAE le fios (ag déanamh soiléir go raibh an cheist seo faoi réir ag cinneadh féin Chúirt na Laitvia) gurbh údar a bhí ann diúltú sonraí a nochtadh a d' aithneodh an duine is ábhar do na sonraí (nó an duine le freagracht tuismitheora don duine sin is ábhar do na sonraí) gur leanbh mionaoiseach a bhí sa duine céanna, do chuspóirí caingean le haghaidh damáistí a thabhairt in aghaidh an duine is ábhar do na sonraí.

Camera di Commercio, Industria, Artigianato e Agricoltura di Lecce v Salvatore Manni – C Cás 398/15 (Breithiúnas na Cúirte, Teach Uachtarach, seachadta ar 9 Márta 2017)

Bhí i gceist leis an gcás seo iarratas ar réamhrialú, ag an gCúirt um Achomhairc, an Iodáil, maidir leis an gceist an gá do na Ballstáit ligean do dhaoine teacht poiblí a bheith acu ar shonraí pearsanta a bhaineann leo, agus atá le fáil i gclár náisiúnta na gcomhlachtaí, srianta go measúnú de réir an cháis nuair a bhíodhas tar éis an comhlacht faoi thrácht a scaoileadh.

Ba é an tUasal Manni stiúrthóir aonair comhlachta a fógraíodh dócmhainneach i 1992 agus a baineadh de chlár comhlachtaí na hIodáile i 2005. Bhí an fhaisnéis sin inrochtana ag an bpobal ar chlár na gcomhlachtaí. Bhí an tUasal Manni tar éis cur in aghaidh chur na faisnéise sin isteach i gclár na gcomhlachtaí, agus bhí ordú lorgtha aige go ndéanfaí na sonraí a nasc é féin leis an gcomhlacht a baineadh, go ndéanfaí iad a léirsciosadh, a anaithnídiú nó a bhlocáil, ós rud é gur mhaígh sé go raibh láithreach na faisnéise sin ar chlár na gcomhlachtaí ag cur isteach ar a chuid gníomhaíochtaí reatha gnó.

Mar chuid dá breithiúnas, rinne an CBAE breithniú faoin gcuspóir a bhaineann le nochtadh a leithéid d' fhaisnéis ar chlár comhlachtaí, arbh é, dar leis an gcúirt, cinnteacht dhlíthiúil agus cosaint leasanna tríú páirtithe, agus bhí sé tábhachtach go raibh tríú páirtithe in ann faisnéis bhunriachtanach a fháil amach faoi chomhdhéanamh comhlachtaí ar mhian leo bheith ag trádáil leo, agus faoi na páirtithe sin a bhí údaraithe chun ceangal a chur ar na comhlachtaí sin. Thug an chúirt faoi deara freisin nach mbíonn ach méid teoranta sonraí pearsanta ina leithéid d' fhaisnéis chomhlachta, .i. sonraí a bhaineann le haitheantas agus le feidhmeanna faoi seach an duine sin atá údaraithe chun ceangal a chur ar an gcomhlachta. Ar na cúiseanna sin bhí an CBAE den tuairim gur chóir an fhaisnéis seo a nochtadh sa tslí gur féidir le tríú páirtithe an t-ábhar a fheiceáil. Thug an CBAE faoi deara, fiú tar éis scaoileadh comhlachta, go bhfanann cearta agus caidrimh dhlíthiúla áirithe, m.sh. caingne a thabhairt in aghaidh bhall nó leachtaitheoirí nó chomhlachta. Ag cur san áireamh, áfach, cearta éagsúla dlíthiúla agus tréimhsí teorann éagsúla sna Ballstáit, níorbh fhéidir teorainn ama shainmhínithe amháin a aithint tar éis dáta scaoilte chomhlachta, dáta nach mbeadh cur isteach a leithéid de shonraí pearsanta i gclár na gcuideachtaí riachtanach ina dhiaidh. Cé nach raibh na Ballstáit in ann rátháocht a thabhairt faoi cheart léirscriosta do shonraí pearsanta ó chlár na gcomhlachtaí tar éis tréimhse áirithe i ndiaidh scaoileadh comhlachta, ní raibh mar thoradh air sin cur isteach díréireach le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear na cearta faoi Ailt 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Ba ar na Ballstáit a

bhí an dualgas cinneadh arbh fhéidir le daoine iarratas a chur isteach chuig an údarás sin a choimeádann clár na gcomhlachtaí, chun rochtain a theorannú ar shonraí pearsanta a bhaineann leo sa chlár do na tríú páirtithe sin ar féidir leo leas ar leith a thaispeáint maidir le teacht a bheith acu ar na sonraí. Níorbh fhéidir aon teorannú ar chearta rochtana ar a leithéid d'fhaisnéis a choimeádtar ar chlár na gcomhlachtaí a chinneadh, áfach, ach amháin ar bhonn atá de réir an cháis aonair, agus níor mhór údar a thabhairt ach go heisceachtúil lena dhéanamh ar chúiseanna an-láidre dlisteanacha, tar éis do thréimhse sách fada ama dul thart tar éis don chomhlacht a bheith scaoilte.

Peter Puškár v Finančné riaditeľstvo Slovenskej republiky and Kriminálny úrad finančnej správy Case C-73/16 (Breithiúnas na Cúirte, Teach Uachtarach, seachadta ar 27 Meán Fómhair 2017)

Bhí i gceist leis an gcás seo iarratas ar réamhrialú ag Cúirt Uachtarach na Slóvaice faoi, i measc nithe eile, míniú ar an bhfrása seo: *‘riachtanach d’fheidhmíocht taisc a chuirtear i gcrích ar mhaithe le leas an phobail’* (Alt 7(e), Treoir 95/46/EU).

Mhaígh an tUasal Puškár go raibh a chuid ceart sáraithe ag cur isteach a ainm ar liosta daoine a bhí ag gníomhú mar ‘chlúdach’ i ról mar stiúrthóirí cuideachta (rud a dtugtar an ‘liosta a chonspóidtear’ air, liosta a dréachtaíodh ag údarás cánach don chuspóir de bheith ag bailiú cánach agus ag dul i ngleic le calaois chánach. Níor shéan an t-údarás cánach faoi thrácht gurbh ann don liosta a chonspóidtear. Ba é tuairim an CBAE gur dócha go sárófar cuid de chearta duine trína bheith curtha san áireamh sa liosta a chonspóidtear – mar shampla, d’fhéadfadh sé cur isteach ar thoirmeach neamhchiontachta an duine sin agus cur isteach ar shaoirse fhiontraíochta chomhlachtaí a bhaineann leis na daoine ar an liosta. Níor cuireadh cosc, áfach, ar phróiseáil sonraí pearsanta ag údarás Bhallstáit trí dhréachtú “liosta a chonspóidtear” gan chomhthoil na ndaoine is ábhar do na sonraí, do chuspóir bheith ag bailiú cánach agus de bheith ag dul i ngleic le calaois chánach ag dlí an AE, a fhad is a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- go bhfuil iachall ar na húdaráis sin ag reachtaíocht náisiúnta an tasc seo a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail;
- go mbíonn dréachtú an liosta iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach a bhfuiltear á gcur i gcrích;
- gurbh ann do dhóthain comharthaí le glacadh leis go gcuirtear ainmneacha na ndaoine is ábhar do na sonraí isteach sa liosta i gceart; agus

- go sásaítear na coinníollacha ar fad a bhaineann le dlíthiúlacht phróiseála, de réir na Treorach um Chosaint Sonraí.

Aistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí [‘TAP’] ón Aontas Eorpach go Ceanada, Tuairim de bhun Ailt 218(11) CFAE faoin dréachtChomhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach (Tuairim 1/15 den Chúirt, an Seomra Mór, seachadta ar 26 Iúil 2017)

Den chéaduaire, bhí iachall ar an CBAE rialú faoi chomhoiriúnacht dréachtchomhaontaithe idirnáisiúnta le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (**an Chairt**), go háirithe Alt 7 (meas ar an saol próbháideach agus ar shaol an teaghlaigh) agus Alt 8 (cosaint na sonraí pearsanta).


Idirbheartaíodh comhaontú faoi aistriú agus faoi phróiseáil sonraí TAP idir an AE agus Ceanada, agus síníodh é i 2014 (**Comhaontú TAP**). Bheartaigh comhaontú TAP aistriú sonraí TAP phaisinéirí a bhí á n-iompar ag aerlínte a bhíonn ag eitilt idir an AE agus Ceanada, chuig údarás phoiblí Ceanada do chuspóirí bheith ag dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus le coireanna tromchúiseacha trasnáisiúnta eile, agus ag an am céanna ag soláthar ráthaíochta maidir le cosaint sonraí pearsanta agus próbháideachas na bpaisinéirí. Iarradh ar Pharlaimint na hEorpa ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, Comhaontú TAP a fhaomhadh agus lena sheal d’iarr Parlaimint na hEorpa ar an CBAE Tuairim a sheachadadh faoi chomhoiriúnacht Chomhaontú TAP le dlí an AE.

Dhearbhaigh an CBAE, faoi dhlí an AE, nárbh fhéidir comhaontú TAP a thabhairt chun críche ina leagan reatha, ós rud é go raibh roinnt dá cuid forálacha neamhchomhoiriúnach leis na cearta bunúsacha sin a aithnítear ag dlí an AE. Rialaigh an CBAE an méid seo: cé go raibh údar leis an gcur isteach ar na cearta bunúsacha sin de bheith ag léiriú measa don saol próbháideach agus do chosaint sonraí pearsanta an duine i bhforálacha áirithe, go raibh údar leis sin ag cur i bhfeidhm an chuspóra de bheith ag urrú slándála poiblí sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus coiriúlachta tromchúisí trasnáisiúnta, go ndeachaigh an cur isteach seo thar an méid a bhí go hiomlán riachtanach do chur i gcrích an chuspóra sin. I dtaca le forálacha eile (is é sin le rá aistriú beartaithe sonraí pearsanta íogaire), ní raibh aon údar ann bheith ag cur isteach ar na cearta bunúsacha. Dhírigh an CBAE aird ar raon forálacha ar mhaígh sé a bheith neamhchomhoiriúnach le cearta bunúsacha mura ndéanfaí an comhaontú a athbheithniú chun teormharcáil agus beachtú níos fearr a dhéanamh ar an gcur isteach seo ar na cearta bunúsacha.

Foscúbhinn IV

Cairt Eagraíochta

Cairt Eagraíochta



Foscúbhinn V

Ráiteas na Rialuithe Inmheánaigh

Scóip Fhreagrachta

Ar son an Choimisinéara Cosanta Sonraí, aithním freagracht as cinntiú go gcothabháiltear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlacht Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas chun deireadh iomlán a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, mar sin de, ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go ndéantar iad a thairfeadh i gceart agus cé acu go gcuirtear cosc ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn le treoir a eísíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis a bheith i bhfeidhm in Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2017 agus suas go dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Cuireann an Coimisinéir Cosanta Sonraí tuairisc faoi gach ceist iniúchta faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chas baill an Choiste Iniúcháireachta ar a chéile sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cúig huaire i 2017. Gníomhaíonn foireann shinsearach bhainistíochta Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar an Coiste Riosca don chomhlachas. D'fhreastail bainisteoirí sinsearach ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar chruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i 2017 chun ceisteanna iniúchta agus riosca a phlé a bhaineann leis an gcomhlachas.

Cuireann Aonad um Iniúchadh Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí i gcrích faoi rialuithe airgeadais agus rialuithe eile in Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé i gcrích clár iniúchtaí gach bliain.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag foireann shinsearach bhainistíochta an Choimisinéara Cosanta Sonraí a leagann amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a mhionsonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le

riosca. Eísíodh an polasaí do na baill fhoirne sin ar fad a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus go mbeidh siad freagrach as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a aithníonn agus a thuiriscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á gcur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar agus sa mhéid gur féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus aithníodh, measúnaíodh agus grádaíodh iad seo de réir a dtábhachta. Athbhreithnítear agus nuashonraítear an clár ag an bhfoireann shinsearach bhainistíochta ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun cinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Mionsonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha sin a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht a mhaolú d'fheidhmiú rialuithe a shanntar ar bhaill fhoirne shonracha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe a bhfuil na heilimintí seo a leanas inti i bhfeidhm

- rinneadh doiciméadú ar gach príomhphróiseas gnó
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta leis an gcontasacht chomhfhreagrach;
- is ann do chóras cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithnítear ag an mbainistíocht shinsearach;
- tá córais i bhfeidhm ar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Soláthraíonn rannán TCF na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí TCF don Choimisinéir Cosanta Sonraí. Tá ráiteas ráthaíochta curtha ar fáil acu a thugann achoimre ar na próisis rialaithe atá i bhfeidhm i 2017 maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chumhdach. Cinntíonn gnáthaimh rialaithe i dtaca le maoiniú deontais chuig gníomhaireachtaí seachtracha rialú sásúil i dtaca le faomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun cinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí i gceist leis; agus

- soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí Acmhainní Daonna agus seirbhísí comhroinnte Párolla. Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ráthaíocht bhliantúil maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar iniúchadh orthu faoi phróisis deimhniúcháin ISAE 3402.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnacha

Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisimh rialaithe mhonatóireachta, agus cuirtear easnamh rialaithe in iúl do na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, nuair a bhaineann sin le hábhar, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisc a thabhairt faoi aon easnamh aitheanta;
- cuirtear iniúchadh bliantúil rialuithe airgeadais agus eile i gcrích ag Aonad um Iniúchadh Inmheánach na Roinne Díl agus Cirt agus Comhionannais;
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht ar bhainistiú airgeadais; agus
- déantar athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn feidhmíocht le hais buiséad/tuar.

Soláthar

Deimhním go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí na gnáthaimh sin le linn 2017.


Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid gnáthamh bainistíochta riosca agus rialaithe. Téitear i bhfeidhm ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus an fhoireann shinsearach bhainistíochta. Tá an bhainistíocht shinsearach laistigh d' Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním gur chuir an Coimisinéir Cosanta Sonraí athbhreithniú bliantúil i gcrích ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2017. Ba chóir tabhairt faoi deara go ndeachaigh sin thar rialuithe airgeadais amach agus gur scrúdaíodh rialuithe TCF, cleachtais bhainistíochta agus próisis eile rialachais.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2017 a d' éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais.



Helen Dixon
An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Foscúbhinn VI

Tuarascáil Fuinnimh CCS

Forléargas ar an Úsáid Fhuinnimh i 2017

Baile Átha Cliath – 21 Cearnóg Mhic Liam

Tá áitreabh Bhaile Átha Cliath oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Faoi dheireadh 2017 bhí cóiríocht á tabhairt do 40 duine san fhoirgneamh seo. I 2017 ba é foinse phríomhúsáid an fhuinnimh san Oifig ná leictreachas do théamh, do shoilsiú agus do chineálacha eile úsáide.

Is foirgneamh cosanta áitreabh Bhaile Átha Cliath, ag 21 Cearnóg Mhic Liam, agus mar sin de tá sé saor ón gcóras rátála foirgnimh.

Cúil an tSúdaire

Tá oifig Chúil an tSúdaire CCS lonnaithe ar urlár uachtarach foirgnimh dhá urlár a tógadh i 2006 le hachar urláir de 444 méadar cearnach. Ag deireadh 2017, bhí cóiríocht ann do 28 ball foirne san fhoirgneamh seo. I 2017, ba é príomhúsáid an fhuinnimh san Oifig ná do ghás agus do leictreachas le haghaidh téimh, soilsiithe agus cineálacha eile úsáide.

I 2017 ba í an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh i gCúil an tSúdaire ná C1.

Baile Átha Cliath – Foirgneamh Regus

I Mí Lúnasa 2017, ghlac CCS comhaontú gearrthéarmach oifige amach do spás breise i bhfoirgneamh Regus, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 chun cóiríocht a thabhairt don líon méadaithe acmhainní foirne. Faoi dheireadh 2017 bhí cóiríocht ann do 14 duine san fhoirgneamh seo mar shocrú eatramhach ag feitheamh le tabhairt chun críche áitribh níos mó i mBaile Átha Cliath chun cóiríocht a thabhairt do gach ball foirne atá lonnaithe i CCS. Níl úsáid fhuinnimh CCS don fhoirgneamh seo ar fáil.

Gníomhartha ar Tugadh Fúthu

Ghlac CCS páirt i gcóras ar líne ÚFIÉ i 2017 don chuspóir de bheith ag tuairisciú ár n-úsáide fuinnimh de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Úsáide Deiridh Seirbhísí Éifeachtachta agus Fuinnimh) 2009 (IR 542 ó 2009)

Ba í an úsáid bhliantúil fhuinnimh don oifig do 2017 ná:

Oifig Bhaile Átha Cliath

Úsáid	
Neamhleictreach	Níl ar fáil
Leictreach	77,240 kWh

Oifig Chúil an tSúdaire

Úsáid	
Neamhleictreach	45,203 kWh
Leictreach	29,850 kWh

Lean CCS ar aghaidh lena chuid iarrachtaí úsáid fhuinnimh a íoslaghdú trí chinntiú go múchtar an trealamh agus soilsiú leictreach ar fad ag am scoir ghnó gach lá.

Foscúbhinn VII

Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2017

Faoi láthair tá Cuntas loncaim agus Caiteachais 2017 á ullmhú agus cuirfear faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste é le haghaidh iniúchta. Nuair a bheidh an t-iniúchadh curtha i gcrích ceanglófar Cuntais Airgeadais 2017 leis an tuarascáil seo.

An Coimisinéir
Cosanta Sonraí



Data Protection
Commissioner